# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C 36

Imleabhar 66

An t-eagrán Gaeilge

## Faisnéis agus Fógraí

31 Eanáir 2023


Clár


II *Faisnéis*

FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

**An Coimisiún Eorpach**

2023/C 36/01 Teachtaireacht ón gCoimisiún — Treoirlínte maidir le Státchabhair do líonraí leathanbhanda ..... 1

IV *Fógraí*

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

**An Chomhairle**

2023/C 36/02 Fógra le haghaidh na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2023/193 ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/192 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin ..... 43

**An Coimisiún Eorpach**

2023/C 36/03 Rátaí malairte an euro — 30 Eanáir 2023 ..... 44


GA

V *Fógairtí*

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

**An Coimisiún Eorpach**

2023/C 36/04 Réamhfhógra faoi chomhchruinniú (Cás M.10999 — SABIC AN / ETG WORLD / EIHL) — Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe [1] ........ 45

GNÍOMHARTHA EILE

**An Coimisiún Eorpach**

2023/C 36/05 Foilsiú iarratais ar leasú Aontais ar shonraíocht táirge maidir le hainm in earnáil an fhíona, de bhun Airteagal 97(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. ....... 47

(1) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

II

*(Faisnéis)*

# FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

# AN COIMISIÚN EORPACH

## TEACHTAIREACHT ÓN GCOIMISIÚN

## Treoirlínte maidir le Státchabhair do líonraí leathanbhanda

(2023/C 36/01)

## CLÁR ÁBHAR

*Leathanach*


1. RÉAMHRÁ .... 3

2. RAON FEIDHME, SAINMHÍNITHE, CINEÁLACHA LÍONRAÍ LEATHANBHANDA .... 4

2.1 Raon feidhme .... 4

2.2 Sainmhínithe .... 5

2.3 Cineálacha líonraí leathanbhanda .... 6

2.3.1 Líonraí rochtana sárghasta fosaithe .... 7

2.3.2 Líonraí rochtana móibíleacha .... 7

2.3.3 Líonraí aisiompair .... 8

3. MEASÚNÚ COMHOIRIÚNACHTA FAOI AIRTEAGAL 106(2) DEN CHONRADH .... 8

4. MEASÚNÚ COMHOIRIÚNACHTA FAOI AIRTEAGAL 107(3), POINTE (C), DEN CHONRADH .... 9

5. CABHAIR LE HAGHAIDH CUR IN ÚSÁID LÍONRAÍ LEATHANBHANDA .... 10

5.1 An chéad choinníoll: forbairt gníomhaíochta eacnamaíche a éascú .... 10

5.1.1 Líonraí mar éascaitheoirí gníomhaíochtaí eacnamaíocha .... 10

5.1.2 Éifeacht dreasachta .... 10

5.1.3 Comhlíontacht le forálacha eile de dhlí an Aontais .... 11

5.2 An dara coinníoll: ní mór nach ndéanfaidh an chabhair dochar míchuí do choinníollacha trádála chomh mór sin le bheith bunoscionn leis an leas comhchoiteann .... 11

5.2.1 Éifeachtaí dearfacha na cabhrach .... 11

5.2.2 An gá atá le hidirghabháil Stáit .... 11

5.2.3 Oiriúnacht na cabhrach mar ionstraim bheartais .... 18

5.2.4 Comhréireacht na cabhrach .... 21

5.2.5 Trédhearcacht, tuairisciú, faireachán na cabhrach .... 28

5.3 Éifeachtaí diúltacha ar iomaíocht agus ar thrádáil .... 28

5.4 Éifeachtaí dearfacha na cabhrach a ualú in aghaidh na n-éifeachtaí diúltacha ar iomaíocht agus trádáil .... 28

6. MEASÚNÚ COMHOIRIÚNACHTA NA MBEART GLACTHA .......... 29
6.1 Dearbháin shóisialta .......... 30
6.2 Dearbháin nascachta .......... 31
6.2.1 An chéad choinníoll: forbairt gníomhaíochta eacnamaíche a éascú .......... 31
6.2.2 An dara coinníoll: ní mór nach ndéanfaidh an chabhair dochar míchuí do choinníollacha trádála chomh mór sin le bheith bunoscionn leis an leas comhchoiteann .......... 31
7. TRÉDHEARCACHT, TUAIRISCIÚ, FAIREACHÁN .......... 32
7.1 Trédhearcacht .......... 32
7.2 Tuairisciú .......... 33
7.3 Faireachán .......... 33
8. PLEAN MEASTÓIREACHTA *EX-POST* .......... 33
9. FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA .......... 34
IARSCRÍBHINN I Líonraí rochtana fosaithe agus móibíleacha a mhapáil – na dea-chleachtais dá dtagraítear i roinn 5.2.2.4.1 de na treoirlínte seo .......... 35
IARSCRÍBHINN II An fhaisnéis nach mór do na Ballstáit a fhoilsiú de bhun mhír (202) (b) de na treoirlínte seo .......... 39
IARSCRÍBHINN III An fhaisnéis nach mór do na Ballstáit a sholáthar de bhun mhír (208) de na treoirlínte seo .......... 41
IARSCRÍBHINN IV Idirghabhálacha tipiciúla le haghaidh tacaíocht leathanbhanda .......... 42

## 1. **RÉAMHRÁ**

1. Is bloc tógála bunúsach den chlaochlú digiteach é an nascacht. Baineann tábhacht straitéiseach leis an nascacht i gcomhair fáis agus nuálaíochta i ngach earnáil eacnamaíoch de chuid an Aontais agus ar mhaithe le comhtháthú sóisialta agus críochach.

2. Tá cuspóirí uaillmhianacha maidir leis an nascacht leagtha amach ag an Aontas sa Teachtaireacht um Ghigighiotán ([1]), sa Teachtaireacht maidir le Todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú ([2]), sa Teachtaireacht maidir le Compás Digiteach ([3]) agus ina thogra le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Clár Beartais 2030 Conair i dtreo na Deacáide Digití ([4]) (togra CBDD).

3. Leag an Coimisiún na cuspóirí nascachta a leanas amach sa Teachtaireacht um Ghigighiotán i gcomhair 2025: (a) ba cheart nascacht idirlín de luas íoslódála 100 Mbps ar a laghad, ar féidir a uasghrádú go 1 Gbps, a bheith ag gach teaghlach san Aontas, idir theaghlaigh tuaithe agus theaghlaigh uirbeacha; (b) ba cheart do thiománaithe socheacnamaíocha, amhail fiontair dhlúthdhigiteacha, scoileanna, ospidéil agus an riarachán poiblí tairbhiú de luas íoslódála de 1 Gbps ar a laghad agus de luas uaslódála de 1 Gbps ar a laghad; agus (c) ba cheart clúdach 5G gan bhriseadh a bheith i ngach limistéar uirbeach agus gach mórbhealach iompair ([5]).

4. Mínítear sa Teachtaireacht maidir le Todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú go léiríonn an nath “100 Mbps, ar féidir a uasghrádú go luas Gigighiotáin” ionchas an Choimisiúin go mbeidh luas 1 Gbps ag teastáil ó theaghlaigh le himeacht na deacáide ([6]).

5. Sonraítear sa Teachtaireacht maidir le Compás Digiteach, agus é mar an cuspóir nascachta le haghaidh 2030, gur cheart do gach teaghlach san Aontas a bheith clúdaithe ag líonra Gigighiotáin ([7]), agus gur cheart do gach limistéar ina bhfuil daoine a bheith clúdaithe ag 5G faoin mbliain sin ([8]). Leagann togra CBDD béim ar an méid a leanas: “tá síorfhás ar riachtanais na sochaí ar bhandaleithead uaslódála agus íoslódála. Faoi 2030, ba cheart líonraí ar luas gigighiotáin a bheith ar fáil ar choinníollacha inrochtana dóibh siúd uile a bhfuil a leithéid d’acmhainneacht ag teastáil uathu nó a bhfuil gá acu air” ([9]).

6. Tá infheistíochtaí ag teastáil chun cuspóirí an Aontais i gcomhair 2025 agus 2030 a bhaint amach. Tagann infheistíochtaí den sórt sin ó infheisteoirí príobháideacha go príomha agus féadfaidh cistí poiblí iad a chomhlánú, nuair is gá, i gcomhréir le rialacha Státchabhrach.

7. Cuireadh i dtábhacht le linn phaindéim COVID-19 tábhacht na líonraí cumarsáide leictreonaí feidhmíochta do dhaoine, do ghnólachtaí agus d’institiúidí poiblí. An 27 Bealtaine 2020, chuir an Coimisiún a thogra ar aghaidh le haghaidh mórphlean téarnaimh chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta na paindéime a mhaolú, NextGenerationEU ([10]). Tá an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([11]) mar chuid den phlean sin. Ceann de phríomhthosaíochtaí RRF is ea tacú leis an aistriú digiteach, trí bhíthin bearta nascachta atá dírithe ar an “scoilt dhigiteach” idir limistéir uirbeacha agus thuaithe a dhúnadh agus aghaidh a thabhairt ar theipeanna margaidh i dtaobh líonraí feidhmíochta a chur in úsáid. Le Rialachán (AE) 2021/241, éilítear go gcaithfidh gach Ballstát 20 % den chistiú leithdháilte ar bhearta lena gcothaítear an t-aistriú digiteach.

---

([1]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún an 14 Meán Fómhair 2016, *Nascacht le haghaidh Margadh Aonair Digiteach Iomaíoch - I dtreo Sochaí Eorpach Ghigighiotáin*, COM(2016) 587 final.

([2]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, chuig Coiste na Réigiún an 19 Feabhra 2020, *Todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú*, COM(2020) 67 final.

([3]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún an 9 Márta 2021, *Compás Digiteach 2030: an modh Eorpach don Deacáid Dhigiteach*, COM(2021)118 final.

([4]) Togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Clár Beartais 2030 “Conair i dtreo na Deacáide Digití”, COM(2021) 574 final, 2021/0293(COD).

([5]) Roinn 3 den Teachtaireacht um Ghigighiotán.

([6]) Críochnóta 3 den Teachtaireacht maidir le Todhchaí Dhigiteach na hEorpa a Mhúnlú.

([7]) Ag an gcéim reatha seo den fhorbairt, is féidir le snáithín optúil chomh fada leis an mbaile, snáithín optúil chomh fada leis an bhfoirgneamh agus líonraí cáblaí feidhmíochta (DOCSIS 3.1 ar laghad) luasanna íoslódála 1 Gbps a sholáthar.

([8]) Roinn 3.2 den Teachtaireacht maidir leis an gCompás Digiteach.

([9]) Aithris (7) de thogra CBDD.

([10]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Comhairle na hEorpa, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún an 27 Bealtaine 2020, *Seo uain na hEorpa: Deisiú agus Ullmhú don Chéad Ghlúin Eile*, COM(2020) 456 final.

([11]) Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17). Féach freisin Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 lena mbunaítear Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19 (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 23).

8. Thairis sin, is féidir le líonraí cumarsáide leictreonaí cabhrú le spriocanna inbhuanaitheachta a bhaint amach. Ní féidir cuspóir an Aontais maidir le haeráidneodracht faoi 2050, mar a leagtar amach sa Chomhaontú Glas don Eoraip ([12]) agus i Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([13]), a bhaint amach gan claochlú bunúsach digiteach sa tsochaí. Ceann de chomhpháirteanna ríthábhachtacha de chlaochlú digiteach an Aontais is ea líonraí cumarsáide leictreonaí slána feidhmíochta a fhorbairt a chabhraíonn ar bhealach tábhachtach chun cur le príomhchuspóirí comhshaoil an Aontais. Ag an am céanna, beidh ar líonraí cumarsáide leictreonaí éirí níos inbhuanaithe, níos éifeachtaí ó thaobh fuinnimh agus acmhainní de freisin.

9. Cuireadh earnáil na cumarsáide leictreonaí trí phróiseas cuimsitheach liobrálaithe agus tá sé faoi réir rialú earnála anois. Soláthraíonn Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([14]) an creat rialála don chumarsáid leictreonach.

10. Tá ról tábhachtach ag beartas iomaíochta, agus rialacha Státchabhrach go háirithe, maidir le cuspóirí straitéis dhigiteach a chomhlíonadh agus straitéis infheistíochta chomhordaithe a fhorbairt i gcomhair nascachta. Is é is aidhm don rialú Státchabhrach san earnáil leathanbhanda a áirithiú go mbeidh leibhéal níos airde cumhdaigh agus úsáide leathanbhanda ann, ná mar a bheadh ann gan idirghabháil stáit, mar thoradh ar Státchabhair, fad a thacaítear le seirbhísí de chaighdeán níos airde agus níos inacmhainne agus infheistíochtaí atá i bhfabhar na hiomaíochta. Ba cheart d'aon idirghabháil Stáit teorainn a chur a mhéid is féidir leis an riosca a bhaineann le hinfheistíochtaí príobháideacha a bhrú amach, an riosca a bhaineann le dreasachtaí d'infheistíochtaí tráchtála a athrú agus, ar deireadh, an riosca a bhaineann leis an iomaíocht a shaobhadh bunoscionn leis an leas comhchoiteann.

11. In 2020, chuir an Coimisiún tús le measúnú ar Treoirlínte Leathanbhanda 2013 ([15]) chun a fháil amach cibé an raibh siad oiriúnach dá bhfeidhm fós. Léiríodh sna torthaí ([16]) gur oibrigh na rialacha go héifeachtach, i bprionsabal, ach bhí gá le coigeartuithe dírithe chun forbairtí le déanaí sa mhargadh agus sa teicneolaíocht a léiriú agus chun na forbairtí reachtacha agus tosaíochtaí reatha a chur san áireamh ([17]).

## 2. RAON FEIDHME, SAINMHÍNITHE, CINEÁLACHA LÍONRAÍ LEATHANBHANDA

### 2.1. Raon feidhme

12. Chun cosc a chur le Státchabhair saobhadh míchuí a dhéanamh nó bagairt a dhéanamh ar iomaíocht a shaobhadh sa mhargadh inmheánach agus a dhéanann difear suntasach do thrádáil idir na Ballstáit, leagtar síos le hAirteagal 107(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ("an Conradh") an prionsabal go bhfuil cosc ar státchabhair. I gcásanna áirithe, áfach, féadfaidh cabhair den sórt sin bheith comhoiriúnach leis an margadh inmheánach ar bhonn Airteagal 107(2) agus 107(3) den Chonradh.

13. Éilítear ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún maidir le haon phleananna Státchabhair a dheonú de bhun Airteagal 108(3) den Chonradh, ach amháin má bhaineann an chabhair le ceann amháin de na catagóirí atá díolmhaithe ón gceanglas maidir le fógra a thabhairt ina leith de bhun Airteagal 109 den Chonradh ([18]).

([12]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún an 11 Nollaig 2019, *An Comhaontú Glas don Eoraip*, COM (2019) 640 final.

([13]) Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 (An Dlí Aeráide Eorpach) (IO L 243, 9.7.2021, p. 1).

([14]) Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear an Cód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach (IO L 321, 17.12.2018, lch. 36).

([15]) Teachtaireacht ón gCoimisiún an 26 Eanáir 2013, "Treoirlínte AE maidir le cur i bhfeidhm rialacha maidir leis an Státchabhair i ndáil le líonraí leathanbhanda a chur in úsáid go gasta" (IO C 25, 26.1.2013, lch. 1) ("Treoirlínte Leathanbhanda" 2013).

([16]) Féach doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin maidir le torthaí an mheasúnúcháin an 7 Iúil 2021, Doiciméad Inmheánach Oibre (2021) 195 final.

([17]) Féach achoimre feidhmiúcháin i ndoiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin maidir leis an measúnú ar rialacha Státchabhrach i ndáil le bonneagar leathanbhanda a chur in úsáid an 7 Iúil 2021, DIO(2021) 194 final.

([18]) Mar shampla, Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2014 ina ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach comhoiriúnach leis an margadh inmheánach i gcur i bhfeidhm Airteagal 107 agus Airteagal 108 den Chonradh (IO L 187, 26.6.2014, lch. 1).

14. Soláthraíonn na treoirlínte seo treoraíocht maidir leis an mbealach a dhéanfaidh an Coimisiún measúnú, ar bhonn Airteagal 106(2), Airteagal 107(2), pointe (a), agus Airteagal 107(3), pointe (c), den Chonradh, ar chomhoiriúnacht na Státchabhrach le haghaidh cur in úsáid agus glacadh líonraí agus seirbhísí leathanbhanda fosaithe agus móibíleacha.

15. Ní Státchabhair iad idirghabhálacha Stáit nach gcomhlíonann ceann de na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 107(1) den Chonradh. Dá dheasca sin, ní bhíonn siad faoi réir an mheasúnúcháin comhoiriúnachta a leagtar síos sna Treoirlínte seo.

16. Go háirithe, ní Státchabhair é cistiú de chuid an Aontais arna bhainistiú go lárnach ag institiúidí, gníomhaireachtaí, comhghnóthais nó comhlachtaí eile de chuid an Aontais agus nach bhfuil faoi smacht go díreach nó go hindíreach ag na Ballstáit ([19]).

17. Féadfaidh nach dtabharfar cabhair le haghaidh cur in úsáid agus glacadh líonraí agus seirbhísí leathanbhanda do ghnóthais atá i gcruachás, mar a leagtar amach sna treoirlínte ón gCoimisiún maidir le Státchabhair chun teacht i gcabhair ar ghnóthais neamhairgeadais atá i gcruachás agus athstruchtúrú a dhéanamh orthu ([20]).

18. Cuirfidh an Coimisiún an méid cabhrach atá le gnóthú fós san áireamh agus measúnú á dhéanamh i bhfabhar gnóthais atá faoi réir ordú gnóthaithe gan íoc tar éis cinneadh roimhe sin ón gCoimisiún lenar dearbhaíodh go bhfuil cabhair neamhdhleathach agus neamh-chomhoiriúnach leis an margadh inmheánach ([21]).

## 2.2. **Sainmhínithe**

19. Chun críocha na dTreoirlínte seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn “líonra leathanbhanda” líonra cumarsáide leictreonaí, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Threoir (AE) 2018/1972, a sholáthraíonn seirbhísí cumarsáide leictreonaí leathanbhanda (“seirbhísí leathanbhanda”);

(b) ciallaíonn “líonra rochtana” an chuid den líonra leathanbhanda a nascann an líonra aisiompair le háitreabh nó le gairis na n-úsáideoirí deiridh;

(c) ciallaíonn “líonra rochtana fosaithe” líonra leathanbhanda a sholáthraíonn seirbhísí tarchuir sonraí chuig úsáideoirí deiridh ag suíomh sonrach ag úsáid réimse teicneolaíochtaí, lena n-áirítear cábla, líne dhigiteach rannpháirtí (“DSL”), snáthoptaic, agus gan sreang;

(d) ciallaíonn “líonra rochtana sárghasta fosaithe” líonra rochtana fosaithe a sholáthraíonn seirbhísí leathanbhanda de luas íoslódála 100 Mbps ar a laghad (“seirbhísí leathanbhanda sárghasta fosaithe”);

(e) ciallaíonn “líonra rochtana móibíleach” líonra cumarsáide gan sreang a sholáthraíonn nascacht chuig úsáideoirí deiridh ag aon suíomh sa limistéar arna chumhdach ag an líonra ag úsáid caighdeán amháin nó níos mó ná caighdeán amháin maidir le Teileachumarsáid Idirnáisiúnta Mhóibíleach;

(f) ciallaíonn “líonra aisiompair” an chuid de líonra leathanbhanda a cheanglaíonn an líonra cnámh droma agus an líonra rochtana agus nach soláthraíonn rochtain dhíreach d’úsáideoirí deiridh;

(g) ciallaíonn “líonra cnámh droma” an croí-líonra a nascann líonraí aisiompair le chéile agus tá sé sa chuid den líonra ina gcomhbhailítear trácht gach úsáideora deiridh. Ceanglaíonn sé limistéir nó réigiúin gheografacha dhifriúla;

(h) ciallaíonn “líonra gníomhach” líonra leathanbhanda ina bhfuil codanna gníomhacha (mar shampla, trasfhreagróirí, ródairí agus lasca, bunstáisiúin raidió, aeróga gníomhacha) agus codanna éighníomhacha (mar shampla, duchtanna, cuaillí, crainn, snáithíní optúla dorcha, colbhaí agus dúnphoill);

---

([19]) Amhail cistiú arna sholáthar faoi Rialachán (AE) 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 283/2014 (IO L 249, 14.7.2021, lch. 38).

([20]) Teachtaireacht ón gCoimisiún – *Treoirlínte maidir le Státchabhair chun teacht i gcabhair ar ghnólachtaí neamhairgeadais atá i gcruachás agus athstruchtúrú a dhéanamh orthu*, roinn 2.2 (IO C 249, 31.7.2014, lch. 1).

([21]) Féach Breithiúnas an 13 Meán Fómhair 1995, *TWD v An Coimisiún*, cásanna uamtha T-244/93 agus T-486/93, EU:T:1995:160, mír 56. Féach freisin Teachtaireacht ón gCoimisiún, *Fógra ón gCoimisiún maidir le gnóthú Státchabhrach atá neamhdhleathach agus neamh-chomhoiriúnach* (IO C 247, 23.7.2019, lch. 1).

(i) ciallaíonn "bonneagar" líonra leathanbhanda gan aon chomhpháirt ghníomhach agus arb é atá ann de ghnáth bonneagar fisiciúil, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, an dara mír, pointe (2), de Threoir 2014/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([22]), agus cáblaí (lena n-áirítear cáblaí snáithíní optúla dorcha agus cáblaí copair);

(j) ciallaíonn "buaic-am" an tráth den lá, a mhaireann 1 uair an chloig amháin go tipiciúil, a dtarlaíonn an t-ualach uasta ar an líonra lena linn de ghnáth;

(k) is iad na "dálaí buaic-ama" na dálaí a bhfuil coinne leo a bhfeidhmeoidh an líonra fúthu tráth "buaic-ama";

(l) ciallaíonn "áitribh in-nasctha" áitribh úsáideoirí deiridh lenar féidir le hoibreoir, arna hiarraidh sin d'úsáideoirí deiridh agus laistigh de 4 seachtaine ó dháta na hiarrata, seirbhísí leathanbhanda a sholáthar (gan beann ar cé acu atá na háitribh sin nasctha leis an líonra cheana féin nó nach bhfuil). An praghas a ghearrfadh an t-oibreoir as seirbhísí leathanbhanda den sórt sin a sholáthar ag áitribh úsáideoirí deiridh sa chás seo, ní mór nach mbeadh sé níos mó ná na gnáth-tháillí nasctha. Ciallaíonn sé sin nár cheart go mbeadh aon chostas breise ná eisceachtúil ann i gcomparáid leis an ngnáthchleachtas tráchtála agus in aon chás, níor cheart go mbeadh sé níos mó ná an gnáthphraghas sa Bhallstát lena mbaineann. Ní mór don údarás inniúil náisiúnta an praghas sin a chinneadh;

(m) ciallaíonn "tréimhse ionchasach ábhartha" tréimhse ionchasach a úsáidtear le haghaidh infheistíochtaí príobháideacha beartaithe agus comhfhreagraíonn sé leis an achar ama a mheasann an Ballstát sin chun an líonra Státchistithe beartaithe a chur in úsáid, ag tosú ag uair foilsithe an chomhairliúcháin phoiblí maidir leis an idirghabháil Stáit bheartaithe go dtí teacht i bhfeidhm an líonra, eadhon go dtí tús sholáthar seirbhísí mórdhíola nó miondíola ar an líonra Státchistithe. Ní féidir an tréimhse ionchasach ábhartha a chuirtear san áireamh bheith níos giorra ná 2 bhliain;

(n) ciallaíonn "róthógáil" líonra Státchistithe a chur in úsáid anuas ar bhreis agus líonra amháin nó níos mó ná líonra amháin atá ann cheana i limistéar áirithe;

(o) ciallaíonn "plódú" éifeacht eacnamaíoch a bhaineann le hidirghabháil Stáit lena dhéantar infheistíochtaí príobháideacha a dhíspreagadh, a chosc, a bhrú síos nó deireadh a chur leo fiú. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh i gcás, mar shampla, ina bhfeiceann infheisteoirí príobháideacha brabúsacht an infheistíocht a rinne siad roimhe sin nó a n-infheistíochta beartaithe agus an bhrabúsacht sin ag laghdú mar gheall ar Státchabhair mar infheistíocht mhalartach, rud a d'fhéadfadh iad a stiúradh le cinneadh a dhéanamh a n-infheistíocht a laghdú, scor di, nó í a athrú, aistarraingt ar fad ón margadh nó cinneadh gan tabhairt faoi mhargadh nó limistéar geografach nua;

(p) ciallaíonn "mór-athrú" feabhsú suntasach arna bhaint amach ag líonraí Státchistithe, ag soláthar infheistíochtaí substaintiúla nua sna líonra leathanbhanda agus cumais nua shuntasacha chuig an margadh i dtéarmaí infhaighteacht, acmhainneacht agus luas seirbhísí leathanbhanda nó saintréithe ábhartha eile a bhaineann leis an líonra agus an iomaíocht;

(q) ciallaíonn "deighilt dhigiteach" an bhearna idir na limistéir nó na réigiúin sin a bhfuil rochtain acu ar sheirbhísí leathanbhanda leordhóthanacha agus na limistéir agus na réigiúin nach bhfuil an rochtain sin acu.

## 2.3. **Cineálacha líonraí leathanbhanda**

20. Chun measúnú a dhéanamh ar Státchabhair, déantar idirdhealú sna treoirlínte seo idir líonraí rochtana sárghasta fosaithe, líonraí rochtana móibíleacha agus líonraí aisiompair, mar a mhínítear a thuilleadh i Ranna 2.3.1, 2.3.2 agus 2.3.3. Úsáidtear "líonraí rochtana sárghasta fosaithe" agus "líonraí rochtana móibíleacha" go hidirmhalartach le "líonraí fosaithe" agus le "líonraí móibíleacha" faoi seach. Maidir leis na luasanna a luaitear sna Treoirlínte seo, is luasanna iad atá beartaithe faoi dhálaí buaic-ama.

([22]) Treoir 2014/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le bearta chun an costas a laghdú a bhaineann le líonraí cumarsáide leictreonaí ardluais a leathnú amach (IO L 155, 23.5.2014, lch. 1).

### 2.3.1. *Líonraí rochtana sárghasta fosaithe*

21. Ag an gcéim reatha d'fhorbairt teicneolaíochta, tá cineálacha éagsúla líonraí rochtana fosaithe sárghasta ann, lena n-áirítear: (a) líonraí snáithínbhunaithe (FTTx) ([23]); agus (b) ardlíonraí cáblaí uasghrádaithe a úsáideann caighdeán "DOCSIS 3.0" ar a laghad ([24]). Féadfaidh líonraí gan sreang amhail líonraí rochtana fosaithe áirithe gan sreang ([25]) agus líonraí satailíte ([26]) seirbhísí leathanbhanda sárghasta fosaithe a sholáthar chomh maith.

### 2.3.2. *Líonraí rochtana móibíleacha*

22. Tá roinnt glúnta teicneolaíochtaí móibíleacha ann sa chéim reatha seo d'fhorbairt mhargaidh agus teicneolaíochta ([27]).

23. Tarlaíonn an t-aistriú chuig gach glúin mhóibíleach nua céim ar chéim de ghnáth ([28]). Ag an gcéim reatha seo, leantar do líonraí 4G a chur in úsáid i roinnt áiteanna san Aontas agus braitheann cur in úsáid líonraí spleácha 5G ar chroí-líonraí Éabhlóide Fadtéarmaí ("LTE") 4G atá ann cheana agus ardlíonraí LTE ([29]). Tá coinne leis go n-éireoidh líonraí 5G neamhspleách de réir a chéile agus nach mbeidh siad ag brath ar líonraí 4G atá ann cheana féin amach anseo. Táthar ag súil go gcumasóidh líonraí neamhspleácha 5G seirbhísí móibíleacha, lena mbaineann feidhmíocht níos fearr, lena n-áirítear aga folaigh níos ísle agus cumais traschuradóireachta níos airde, agus go gcumasóidh siad cásanna úsáide agus feidhmeanna níos casta.

24. Chun an úsáid éifeachtach agus éifeachtúil de speictream raidió a áirithiú, féadfaidh na Ballstáit coinníollacha a chur mar cheangal ar chearta aonair úsáide le haghaidh speictream raidió, amhail oibleagáidí maidir le cumhdach agus cáilíocht na seirbhíse. D'fhéadfaí go n-áireofaí le hoibleagáidí den sórt sin cumhdach geografach, daonra agus conairí iompair le híoscheanglais cháilíochta seirbhíse faoi leith ([30]).

---

([23]) Tagraíonn FTTx do chineálacha difriúla líonraí lena n-áirítear snáithín optúil chomh fada leis an bhfoirgneamh (FTTB), snáithín optúil chomh fada leis an mbaile (FTTH), cábla snáthoptaice go háitreabh (FTTP) agus cábla snáthoptaice go colbha (FTTC). Mar sin féin, ní féidir le líonraí FTTC seirbhísí sárghasta fosaithe a sholáthar ach amháin nuair a úsáidtear forlúba de treorialú d'fhad áirithe (teicneolaíocht a fheabhsaíonn fheidhmíocht VDSL (Líne Dhigiteach Rannpháirtí ar Rí-Ardluas)).

([24]) Seasann DOCSIS le haghaidh "sonraí thar sonraíochtaí comhéadain seirbhíse cábla". Is caighdeán teileachumarsáide a aithnítear go domhanda é lena fhorbraítear agus lena dhéantar foráil maidir le glúnta de shonraíochtaí (DOCSIS 1.0, DOCSIS 1.1, DOCSIS 2.0, DOCSIS 3.0, DOCSIS 3.1, etc.). Ag staid reatha an mhargaidh, forbraíodh sonraíochtaí le haghaidh DOCSIS 4.0.

([25]) Cuir i gcás, líonraí rochtana fosaithe bunaithe ar theicneolaíocht 5G, agus b'fhéidir teicneolaíochtaí eile gan sreang chomh maith, lena n-áirítear réitigh raidió fosaithe, go háirithe an chéad ghlúin eile de Wi-Fi (Wi-Fi6).

([26]) Úsáidtear réitigh teicneolaíochtaí satailíte i roinnt cásanna i limistéir iargúlta nó scoite amach i láthair na huaire, i gcásanna ar féidir leo leibhéal oiriúnach seirbhísí leathanbhanda fosaithe a sholáthar. Táthar ag súil go mbeidh satailítí níos casta atá in ann cáilíocht na seirbhísí leathanbhanda a fheabhsú go suntasach agus luas sárghasta a sholáthar, ar fáil amach anseo (lena n-áirítear satailítí ag a bhfuil tréchur an-ard). Tá ról ag satailítí freisin maidir le seirbhísí a sholáthar d'údaráis phoiblí. Tá roinnt buíonta satailítí domhanfhithis íseal á n-ullmhú, agus táthar ag súil go mbeidh siad in ann an t-aga folaigh a laghdú.

([27]) Tá gach córas leathanbhanda móibíleach (2G, 3G, 4G agus 5G) bunaithe ar chaighdeáin Teileachumarsáide Móibílí Idirnáisiúnta (IMT) de chuid an Aontais Idirnáisiúnta Teileachumarsáide. Is éard atá i gcaighdeáin IMT sonraíochtaí agus ceanglais le haghaidh seirbhíse móibílí leathanbhanda ardluais bunaithe ar an dul chun cinn teicneolaíoch a rinneadh sa tráthchlár ábhartha. Déanann líonraí móibíleacha gnéithe agus cumais na gcaighdeán nua a ionchorprú de réir a chéile. Anuas air sin, tá tionchar tábhachtach ag an méid agus an cineál speictrim a úsáidtear, agus saintréithe forleata éagsúla ag cineálacha difriúla, ar cháilíocht na seirbhíse a sheachadtar. Mar shampla, i measca na 3 bhanda minicíochta ceannródaíocha arna n-aithint le haghaidh seirbhísí 5G, meastar go bhfuil banda minicíochta 700 MHz níos oiriúnaí do chumhdach achair fhairsing agus cumhdach laistigh; agus cumhdach ard ach cumhdach atá níos ísle ná banda 700 MHz ina saintréithe ag 3,6 GHz (3,4-3,8 GHz); is dócha go n-úsáidfear 26 GHz (24,25-27,5 GHz) chun baill te a chur in úsáid i limistéir bheaga ina bhfuil éileamh an-ard (mar shampla moil iompair, ionaid siamsaíochta, láithreacha tionsclaíocha nó miondíola nó feadh mórbhóithre agus iarnród i limistéir thuaithe) agus nach n-úsáidfear é chun cumhdach achair fhairsing a chruthú. Féadfaidh glúnta nua móibíleacha bandaí minicíochta a bhí in úsáid ag glúnta níos sine roimhe sin a úsáid.

([28]) Bhí leaganacha de 2G a tháinig ina dhiaidh (2G feabhsaithe nó 2.xG mar a thugtar air) níos fearr ná 2G é féin. Bhí feidhmíocht níos fearr ag baint le huasghráduithe céim ar chéim ar 3G (leaganacha 3.xG) i gcomparáid le 3G. Maidir le 4G, tá córas cumarsáide ceallaí 4,5G níos fearr ná 4G ar roinnt bealaí freisin. Is é 4,5G toradh éabhlóid LTE arb é LTE Breisithe a oidhreacht. Is dócha go ndíreofar ar sheirbhísí leathanbhanda móibíleacha feabhsaithe (ceann amháin de na sraitheanna de chásanna úsáide arna sainíodh le haghaidh 5G) i leathadh amach tosaigh líonra 5G. Tá coinne leis go soláthróidh líonraí neamhspleácha 5G feabhsuithe suntasacha maidir le luas agus aga folaigh, a fhad agus a dtacóidh siad le déine níos mó de ghairis nasctha i gcomparáid le glúnta roimhe sin agus chun gnéithe nua a chur ar fáil, amhail slisniú líonra, lena chumasófar sraitheanna nua de chásanna úsáide le haghaidh 5G.

([29]) Féadfaidh líonraí spleácha 5G trealamh nua agus minicíochtaí 5G a úsáid chun cáilíocht níos fearr seirbhíse a sholáthar, ach d'fhéadfaidís gnéithe líonra 4G a úsáid fós.

([30]) Mar shampla, ceanglaítear le hoibleagáidí cumhdaigh a ghabhann le roinnt bandaí speictrim go nuige seo, ag brath ar na cineálacha speictrim, go gcumhdófar céatadán ar leith den daonra nó den chríoch agus íoscheanglais cháilíochta i dtéarmaí luais agus aga folaigh. Go minic, ní mór oibleagáidí cumhdaigh den sórt sin a chomhlíonadh laistigh de 5 bliana ó shannadh an speictrim ábhartha, agus laistigh de thréimhse suas le 7 mbliana uaireanta.

### 2.3.3. *Líonraí aisiompair*

25. Is ionchuir riachtanacha iad líonraí aisiompair chun líonra rochtana fosaithe agus móibíleach a chothú. Is féidir go mbeadh líonraí aisiompair bunaithe ar réitigh chopair, snáthoptaice, micreathoinne agus satailíte ([31]).

## 3. MEASÚNÚ COMHOIRIÚNACHTA FAOI AIRTEAGAL 106(2) DEN CHONRADH

26. I gcásanna áirithe, féadfaidh na Ballstáit soláthar seirbhísí leathanbhanda a aicmiú mar sheirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta ("SGEI") faoi bhrí Airteagal 106(2) den Chonradh ([32]) agus tacú le líonra lena soláthraítear seirbhísí den sórt sin a chur in úsáid. Ní hionann cúiteamh ar chostais arna dtabhú chun seirbhís den sórt sin lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a sholáthar agus Státchabhair má chomhlíontar ceithre choinníoll charnacha bhreithiúnas Altmark ([33]). Déanfar measúnú ar an gcúiteamh as soláthar seirbhíse lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir le Státchabhair i bhfoirm cúiteamh seirbhíse poiblí ("an pacáiste SGEI") ([34]).

27. Ní léiríonn na Treoirlínte seo ach sainmhíniú ar SGEI, trí na rialacha a leagtar síos sa phacáiste SGEI a chur i bhfeidhm ar líonraí leathanbhanda, ag cur saintréithe earnála san áireamh.

28. Maidir le sainmhíniú ar fhíor-SGEI, shoiléirigh an Coimisiún nach féidir leis na Ballstáit oibleagáidí seirbhíse poiblí sonracha a cheangal le seirbhísí a chuireann gnóthais a oibríonn faoi ghnáthdhálaí margaidh ar fáil cheana féin nó arbh fhéidir le gnóthais a chur ar fáil ar bhealach sásúil agus faoi choinníollacha, amhail praghas, saintréithe cáilíochta oibiachtúla, leanúnachas agus rochtain ar an tseirbhís, comhsheasmhach le leas an phobail, mar atá sainmhínithe ag an mBallstát ([35]).

29. Agus an prionsabal sin á chur i bhfeidhm ar an earnáil leathanbhanda, le linn measúnú a dhéanamh ar éagmais earráide follasaí agus SGEI á aicmiú, cuireann an Coimisiún na gnéithe a leanas san áireamh:

(a) ní mór don idirghabháil Státchabhrach aghaidh a thabhairt ar réimsí inar féidir a léiriú nach bhfuil infheisteoirí príobháideacha in ann rochtain a sholáthar ar sheirbhísí leathanbhanda leordhóthanacha. I gcomhréir le Treoir (AE) 2018/1972, socraíonn gach Ballstát leibhéal na seirbhísí leordhóthanacha leathanbhanda, i bhfianaise na gcoinníollacha náisiúnta agus an bhandaleithid íosta a mbaineann formhór na dtomhaltóirí tairbhe as laistigh de Bhallstát chun an bandaleithead is gá a áirithiú le haghaidh leibhéal leordhóthanach cuimsithe shóisialta agus rannpháirtíochta sa gheilleagar digiteach agus sa tsochaí dhigiteach ina gcríoch. Ba cheart na seirbhísí leordhóthanacha leathanbhanda a bheith in ann an bandaleithead is gá a sholáthar chun tacú ar a laghad leis an tacar íosta seirbhísí a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir (AE) 2018/1972. Ba cheart do

([31]) Sna glúnta tosaigh de líonraí móibíleacha, sholáthair naisc mhicreathoinne ó phointe go pointe an t-aisiompar, ón mbunstáisiún raidió go dtí an lárionad lascacháin seirbhíse móibílí, den chuid is mó. Mar gheall ar LTE-Breisithe a chur in úsáid agus tabhairt isteach 5G tá riachtanais níos airde aisiompair agus úsáid mhéadaithe líonraí snáthoptaice ann chun nascadh le bunstáisiúin raidió.

([32]) De réir cásdlí, gnóthais a gcuirtear de chúram orthu seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta i gcoitinne a oibriú, is gá go sannfadh gníomh údaráis phoiblí an cúram sin dóibh. Mar shampla, féadfar SGEI a chur de chúram gnóthais trí bhíthin lamháltas seirbhíse poiblí a dheonú; féach breithiúnas an 13 Meitheamh 2000, *EPAC v An Coimisiún*, cásanna uamtha T-204/97 agus T-270/97, EU:T:2000:148, mír 126 agus breithiúnas an 15 Meitheamh 2005, *Fred Olsen v An Coimisiún*, T-17/02, EU:T:2005:218, míreanna 186, 188-189.

([33]) Breithiúnas an 24 Iúil 2003, *Altmark Trans GmbH Regierungspräsidium Magdeburg* v *Nahverkehrsgesellschaft Altmark GmbH*, C-280/00, EU:C:2003:415, míreanna 87 go 95.

([34]) Áirítear leis an bpacáiste SGEI an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm rialacha an Aontais Eorpaigh maidir le Státchabhair ar chúiteamh arna dheonú i dtaca le soláthar seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta (IO C 8, 11.1.2012, lch. 4), Cinneadh ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2011 maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 106(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le Státchabhair i bhfoirm cúiteamh seirbhíse poiblí arna dheonú do ghnóthais áirithe ar cuireadh de chúram orthu seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a oibriú (IO L 7, 11.1.2012, lch. 3), Teachtaireacht ón gCoimisiún i leith chreat an Aontais Eorpaigh maidir le Státchabhair i bhfoirm cúiteamh seirbhíse poiblí (IO C 8, 11.1.2012, lch. 15) agus Rialachán (AE) Uimh. 360/2012 ón gCoimisiún an 25 Aibreán 2012 maidir le cur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ar chabhair *de minimis* a deonaíodh do ghnóthais a sholáthraíonn seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta (IO L 114, 26.4.2012, lch. 8). I mí an Mheithimh 2019 chuir an Coimisiún tús le meastóireacht ar rialacha Státchabhrach maidir le seirbhísí sláinte agus sóisialta lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta (SGEI) agus Rialachán (AE) Uimh. 360/2012.

([35]) Mír 13 den Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le creat de chuid an Aontais Eorpaigh maidir le Státchabhair i bhfoirm cúiteamh seirbhíse poiblí (IO C 8, 11.1.2012, lch. 15).

Bhallstát easpa seirbhísí leordhóthanacha leathanbhanda a léiriú bunaithe ar mhapáil agus ar chomhairliúchán poiblí a dhéantar i gcomhréir le Ranna 5.2.2.4.1 agus 5.2.2.4.2 ([36]). Measann an Coimisiún nach féidir bunú líonra leathanbhanda comhuaineach Státchistithe i limistéir ina bhfuil infheistíocht déanta ag infheisteoirí príobháideacha cheana nó ina bhfuil sé ar intinn acu infheistíocht a dhéanamh i líonra leathanbhanda lena soláthraítear rochtain ar sheirbhísí leordhóthanacha leathanbhanda, a aicmiú mar SGEI de réir bhrí Airteagal 106(2) den Chonradh ([37]);

(b) ní mór don líonra seirbhísí leathanbhanda ([38]) a thairiscint do gach áitreabh sa sprioclimistéar, ar seirbhísí iad atá uilíoch agus inacmhainne i bhfianaise coinníollacha náisiúnta sonracha. Ní bheadh tacaíocht chun gnólachtaí a nascadh amháin leordhóthanach ([39]);

(c) ní mór don líonra a bheith neodrach ó thaobh teicneolaíochta de;

(d) ba cheart do sholáthraí SGEI rochtain oscailte mhórdhíola a thairiscint i gcomhréir le Roinn 5.2.4.4 ar bhonn neamh-idirdhealaitheach ([40]);

(e) i gcás ina mbíonn soláthraí SGEI ina ghnóthas atá comhtháite go hingearach freisin, ba cheart don Bhallstát cosaintí leordhóthanacha ([41]) a chur chun feidhme chun aon choimhlint leasa, idirdhealú míchuí agus aon tairbhe folaithe indíreach eile a sheachaint ([42]).

## 4. MEASÚNÚ COMHOIRIÚNACHTA FAOI AIRTEAGAL 107(3), POINTE (C), DEN CHONRADH

30. Ní mheasfaidh an Coimisiún Státchabhair le haghaidh cur in úsáid nó glacadh líonraí agus seirbhísí leathanbhanda atá comhoiriúnach don mhargadh inmheánach de bhun Airteagal 107(3), pointe (c), den Chonradh ach amháin má chuireann an chabhair le forbairt gníomhaíochtaí áirithe eacnamaíocha nó réimsí áirithe eacnamaíocha (an chéad choinníoll), agus i gcás nach ndéanann cabhair den sórt sin dochar do dhálaí trádála a d'fhágfadh iad bheith bunoscionn leis an leas comhchoiteann (an dara coinníoll).

31. Déanfaidh an Coimisiún scrúdú ar na gnéithe a leanas ina mheasúnú comhoiriúnachta.

(a) maidir leis an gcéad choinníoll, déanfaidh an Coimisiún scrúdú ar an gcabhair le feiceáil cé acu atá sé beartaithe nó nach bhfuil sé beartaithe chun forbairt gníomhaíochtaí eacnamaíocha áirithe a éascú, agus go háirithe:

(i) an ghníomhaíocht eacnamaíoch arna héascú ag an gcabhair;

(ii) éifeacht dreasachta na cabhrach, eadhon féidearthacht na cabhrach nua chun iompraíocht na ngnóthas lena mbaineann a athrú ar bhealach go ndéanann siad gníomhaíocht bhreise nach mbeadh déanta acu murach an chabhair nó a bheadh déanta acu ar bhealach srianta nó éagsúil nó i suíomh srianta nó éagsúil;

---

([36]) Maidir le cur chun feidhme oibleagáidí seirbhíse uilíocha, tá feidhm ag forálacha Threoir (AE) 2018/1972.

([37]) Féach mír 49 den Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm rialacha an Aontais Eorpaigh i leith Státchabhrach ar chúiteamh a deonaíodh le haghaidh seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a sholáthar. Féach mír 154 de bhreithiúnas an 16 Meán Fómhair 2013, *Colt Télécommunications France v An Coimisiún*, T-79/10, EU:T:2013:463, agus Cinneadh C(2016)7005 final ón gCoimisiún an 7 Samhain 2016, cás SA.37183 (2015/NN) – An Fhrainc – Plan France Très Haut Débit, aithris 263 (IO C 68, 3.3.2017, lch. 1).

([38]) Féach Airteagail 84, 85 agus 86 de Theoir (AU) 2018/1972.

([39]) Féach mír 50 den Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm rialacha an Aontais Eorpaigh i leith Státchabhrach ar chúiteamh a deonaíodh le haghaidh seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a sholáthar. Féach Cinneadh C(2006)436 final ón gCoimisiún an 8 Márta 2006 freisin, cás N284/05 – Éire – Clár Réigiúnach Leathanbhanda: *Metropolitan Area Networks* ("MANs"), céimeanna II agus III (IO C 207, 30.8.2006, lch. 3), agus Cinneadh C(2007) 3235 final ón gCoimisiún an 10 Iúil 2007, cas N890/06 – An Fhrainc – Aide du Sicoval pour un réseau de très haut debit (IO C 218, 18.9.2007, lch. 1).

([40]) Maidir le cur chun feidhme oibleagáidí seirbhíse uilíocha, tá feidhm ag forálacha de Theoir (AU) 2018/1972.

([41]) Maidir leis na cosaintí den sórt sin, d'fhéadfadh go n-áireofaí leo, ag brath ar na saintréithe a bhaineann le gach cás, soláthar seirbhísí mórdhíola amháin a theorannú, oibleagáid um dheighilt cuntasaíochta go háirithe, agus d'fhéadfaí a áireamh leis freisin bunú eintitis atá leithleach go struchtúrach agus go dlíthiúil ón gnóthas atá comhtháite go hingearach. Ba cheart don eintiteas sin a bheith freagrach go hiomlán as misean na seirbhíse lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta dá sanntar a chomhlíonadh agus a sholáthar. Go deimhin, nuair a dhéantar líonra leathanbhanda lena soláthraítear seirbhísí leathanbhanda uilíocha, gnóthais a sholáthraíonn seirbhísí leathanbhanda miondíola a fheidhmíonn ar théarmaí margaidh, is gnách go mbíonn siad in ann na seirbhísí sin a sholáthar d'úsáideoirí deiridh ar phraghas iomaíoch. Féach Cinneadh ón gCoimisiún C(2016) 7005 final an 7 Samhain 2016 i gcás SA.37183 (2015/NN) – An Fhrainc – Plan France Très Haut Débit, (IO C 68, 3.3.2017, lch. 1).

([42]) Maidir le cur chun feidhme oibleagáidí seirbhíse uilíocha, tá feidhm ag forálacha de Theoir (AU) 2018/1972.

(iii) sárú ar aon fhoráil de dhlí an Aontais i ndáil leis an mbeart atá i ngeall;

(b) faoin dara coinníoll, measfaidh an Coimisiún na héifeachtaí dearfacha a bheidh ag an gcabhair bheartaithe agus na héifeachtaí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag an gcabhair ar an margadh inmheánach i dtéarmaí shaobhadh na hiomaíochta agus éifeachtaí diúltacha ar an trádáil arb í an chabhair is cúis leo, agus scrúdóidh sé dá bhrí sin:

(i) éifeachtaí dearfacha na cabhrach;

(ii) cibé an bhfuil nó nach bhfuil gá leis an gcabhair agus an bhfuil sé spriocdhírithe chun aghaidh a thabhairt ar chás inar féidir leis an gcabhair feabhsú ábhartha a dhéanamh nach féidir leis an margadh féin a sholáthar, mar shampla, trí theip mhargaidh a leigheas nó aghaidh a thabhairt ar imní maidir le cothromas nó le comhtháthú margaidh;

(iii) cibé an ionstraim beartais iomchuí í an chabhair chun a cuspóir a chomhlíonadh;

(iv) cibé an bhfuil nó nach bhfuil an chabhair comhréireach agus teoranta don íosmhéid is gá chun an infheistíocht nó an ghníomhaíocht bhreise a spreagadh san earnáil lena mbaineann;

(v) cibé an bhfuil nó nach bhfuil an chabhair trédhearcach, eadhon cibé an bhfuil nó nach bhfuil rochtain éasca Ballstáit, páirtithe leasmhara, an pobal i gcoitinne agus an Coimisiún ar fhaisnéis maidir leis an gcabhair a dhámhtar;

(vi) éifeachtaí diúltacha na cabhrach ar an iomaíocht agus ar an trádáil idir na Ballstáit.

32. Mar chéim deiridh, cothromóidh an Coimisiún éifeachtaí diúltacha sainaitheanta na cabhrach ar an margadh inmheánach le héifeachtaí dearfacha na cabhrach ar na gníomhaíochtaí eacnamaíocha lena dtacaítear.

33. Leagtar amach sna céimeanna i measúnú an Choimisiúin ar chabhair le haghaidh cur in úsáid agus glacadh líonraí agus seirbhísí leathanbhanda ar bhealach níos mionsonraithe i Ranna 5 go 8.

## 5. CABHAIR LE HAGHAIDH CUR IN ÚSÁID LÍONRAÍ LEATHANBHANDA

34. Measann an Coimisiún go bhfuil an margadh le haghaidh seirbhísí leathanbhanda fosaithe ar leithligh ón margadh le haghaidh seirbhísí leathanbhanda móibíleacha ([43]). D'fhéadfadh na rialacha le haghaidh measúnú cabhrach a bheith éagsúil dá bhrí sin, ag brath ar an margadh lena mbaineann ([44]).

### 5.1. An chéad choinníoll: forbairt gníomhaíochta eacnamaíche a éascú

#### 5.1.1. *Líonraí mar éascaitheoirí gníomhaíochtaí eacnamaíocha*

35. Ní mór do na Ballstáit na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a éascófar mar thoradh ar an gcabhair a shainaithint, amhail líonraí fosaithe a chur in úsáid chun seirbhísí fosaithe feidhmiúla leathanbhanda a sholáthar nó líonraí móibíleacha a chur in úsáid chun seirbhísí gutha agus ardfheidhmíochta leathanbhanda a sholáthar. Ní mór dóibh a mhíniú an bealach ina dtacaítear le forbairt na ngníomhaíochtaí sin.

36. Maidir le cabhair chun líonraí fosaithe a chur in úsáid agus cabhair chun líonraí móibíleacha a chur in úsáid, is féidir leis an gcabhair sin forbairt neart gníomhaíochtaí eacnamaíocha a éascú trí nascacht agus rochtain ar líonraí agus seirbhísí leathanbhanda don phobal, do ghnólachtaí agus do riaracháin phoiblí a mhéadú. Is féidir le cabhair den sórt sin forbairt gníomhaíochtaí eacnamaíocha a éascú i réimsí nach bhfuil gníomhaíochtaí den sórt sin nó nach n-áirithítear iad ach ar leibhéal nach gcomhlíonann riachtanais úsáideoirí deiridh go leordhóthanach.

#### 5.1.2. *Éifeacht dreasachta*

37. Ní féidir a mheas go gcuireann cabhair le forbairt gníomhaíochta eacnamaíche ach amháin má tá éifeacht dreasachta aici.

38. Tá éifeacht dreasachta ag cabhair má dhreasaítear an tairbhí chun a iompraíocht a athrú i dtreo forbairt gníomhaíochta eacnamaíche áirithe, a dtacaíonn an chabhair leis, nach ndéanfadh sé laistigh den achar ama céanna, nó a dhéanfadh sé ar bhealach teoranta nó difriúil nó i suíomh teoranta nó difriúil, mura ndeonófaí an chabhair.

([43]) I gcás ina bhfuil costais an-ard ag baint le líonra fosaithe a chur in úsáid, féadfar líonra móibíleach ardfheidhmíochta a bheith mar rogha ar líonra fosaithe go pointe áirithe, ag brath ar dhálaí sonracha. Mar sin féin, tá éagsúlachtaí suntasacha cáilíochtúla ann fós idir an dá theicneolaíocht. Murab ionann agus líonraí fosaithe, ceadaíonn líonraí móibíleacha d'úsáideoirí deiridh gluaiseacht agus iad ag déanamh cumarsáide (i gcarr mar shampla). Mar sin féin, tugann líonraí fosaithe níos mó seasmhachta, i ndáil le traschur sonraí go háirithe. De thráth na huaire, úsáideann úsáideoirí deiridh an dá theicneolaíocht mar nithe a chuireann lena chéile, agus ní mar ionadaithe de ghnáth.

([44]) Tá an fhéidearthacht ag na Ballstáit beart Státchabhrach aonair a bhunú chun tacú le meascán de chineálacha éagsúla líonraí a chur in úsáid (líonraí rochtana fosaithe, líonraí rochtana móibíleacha agus líonraí aisiompair) faoi réir comhlíontacht leis na rialacha is infheidhme maidir le gach cineál líonra.

39. Ní mór nach maoineodh an chabhair costais gníomhaíochta, a dhéanfadh gnóthas, in aon chás. Ní mór nach ndéanfaidh an chabhair an gnáthriosca gnó a bhaineann le gníomhaíocht eacnamaíoch a chúiteamh ([45]).

40. Éifeacht dreasachta cabhrach a chruthú maidir le líonraí fosaithe nó móibíleacha a chur in úsáid, ná a dhearbhú, trí mhapáil agus comhairliúchán poiblí, i gcomhréir le Ranna 5.2.2.4.1 agus 5.2.2.4.2, ciallaíonn sé sin a chruthú cibé ar infheistigh nó nár infheistigh ná páirtithe leasmhara nó an bhfuil nó nach bhfuil sé beartaithe acu infheistiú a dhéanamh i líonraí fosaithe nó móibíleacha faoi seach sna sprioclimistéir laistigh den tréimhse ama ábhartha. Dá bhféadfaí infheistíocht chomhionann a dhéanamh laistigh den tráthchlár céanna sa limistéar gan an chabhair, feadfar a mheas go bhfuil easpa éifeachta dreasachta ann sa chabhair. Mar shampla, i gcás ina bhfuil gnóthas faoi réir oibleagáidí dlíthiúla, amhail cumhdach agus cáilíocht na n-oibleagáidí seirbhíse a ghabhann le cearta úsáide speictream raidió faoi leith le haghaidh úsáidí móibíleacha, ní féidir Státchabhair a úsáid chun oibleagáidí den sórt sin a chomhlíonadh toisc nach dócha go mbeidh éifeacht dreasachta ag baint leis, agus is dócha nach mbeidh sé comhoiriúnach leis an margadh inmheánach dá bharr sin. Féadfar a mheas go bhfuil Státchabhair comhoiriúnach, áfach, i gcás, agus a mhéid is gá chun cáilíocht seirbhíse thar na ceanglais a eascraíonn as oibleagáidí den sórt sin a sholáthar.

### 5.1.3. *Comhlíontacht le forálacha eile de dhlí an Aontais*

41. Más rud é go mbaineann sárú ar fhoráil nó ar phrionsabal ginearálta dhlí an Aontais le Státchabhair, na coinníollacha atá ag gabháil leis (lena n-áirítear a mhodh maoiniúcháin i gcás inar cuid dhílis den chabhair é an modh sin) nó an ghníomhaíocht a mhaoinítear leis an mbeart, ní féidir a dhearbhú go bhfuil an chabhair comhoiriúnach leis an margadh inmheánach ([46]). D'fhéadfaí gurb amhlaidh an cás i gcás ina bhfuil dámhachtain faoi réir, go díreach nó go hindíreach, thionscnamh táirgí nó trealaimh, amhail ceanglas don tairbhí táirgí a táirgeadh sa tír bhaile a cheannach.

## 5.2. An dara coinníoll: ní mór nach ndéanfaidh an chabhair dochar míchuí do choinníollacha trádála chomh mór sin le bheith bunoscionn leis an leas comhchoiteann

### 5.2.1. *Éifeachtaí dearfacha na cabhrach*

42. Ní mór do na Ballstáit tuairisc a thabhairt ar cibé an mbeidh nó nach mbeidh éifeachtaí dearfacha ag baint leis an gcabhair, agus má bhíonn, ní mór dóibh tuairisc a thabhairt ar conas a bheidh na héifeachtaí dearfacha sin i gceist léi.

43. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh idirghabhálacha Stáit a dhearadh, ar idirghabhálacha iad a chuidíonn leis an scoilt dhigiteach a laghdú. Féadfaidh siad a roghnú idirghabháil a dhéanamh chun éagothroime shóisialta nó réigiúnach a cheartú, nó cuspóirí cothromais a bhaint amach, eadhon, mar bhealach chun rochtain ar mhodhanna ríthábhachtacha cumarsáide agus rannpháirtíochta sa tsochaí a fheabhsú, ag feabhsú comhtháthú sóisialta agus áitiúil dá bharr sin. Thairis sin, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh idirghabhálacha Stáit a dhearadh a chuireann le cuspóirí bheartais digiteach an Aontais a bhaint amach agus le cothú ghnóthachtáil chuspóirí Chomhaontú Glas an Aontais agus infheistíochtaí glasa inbhuanaithe a chur chun cinn ar fud gach earnála.

### 5.2.2. *An gá atá le hidirghabháil Stáit*

44. Ní mór don Státchabhair a bheith spriocdhírithe ar chásanna inar féidir léi feabhsú ábhartha a dhéanamh nach féidir leis an margadh a sholáthar as féin.

45. D'fhéadfadh go mbeadh gá le hidirghabháil Stáit má theipeann ar mhargaí, gan idirghabháil phoiblí, toradh éifeachtúil a sheachadadh don tsochaí. D'fhéadfadh sé seo tarlú, mar shampla, nuair nach ndéantar infheistíochtaí áirithe cé gur mó an tairbhe don tsochaí ná an costas a bhaineann leo ([47]). I gcásanna mar sin, d'fhéadfadh deonú Státchabhrach éifeachtaí dearfacha a chruthú agus féadfar an éifeachtúlacht fhoriomlán a fheabhsú ach na dreasachtaí eacnamaíocha do pháirtithe leasmhara a choigeartú.

46. San earnáil leathanbhanda, d'fhéadfadh cineál amháin teip mhargaidh a bheith ag baint le seachtrachtaí dearfacha nach ndéanann oibreoirí margaidh inmheánú orthu. Mar shampla, cé gur príomhchumasóirí atá sna líonraí fosaithe agus móibíleacha chun seirbhísí breise a sholáthar agus don nuálaíocht, is dócha go mbeadh na buntáistí foriomlána níos airde ná na buntáistí eacnamaíocha a ghineann siad le haghaidh infheisteoirí an líonra, go háirithe i réigiúin iargúlta nó ina bhfuil dlús íseal daonra nó i limistéir gan daonra. D'fhéadfadh an margadh infheistíocht phríobháideach easnamhach a ghineadh i líonraí fosaithe agus móibíleacha dá bharr sin, go háirithe i limistéir áirithe.

([45]) Féach Breithiúnas an 13 Meitheamh 2013, *HGA agus eile v An Coimisiún*, C-630/11 P go C-633/11 P, EU:C:2013:387, mír 104.
([46]) Breithiúnas an 22 Meán Fómhair 2020, *An Ostair v An Coimisiún*, C-594/18 P, EU:C:2020:742, mír 44.
([47]) Mar sin féin, ní hionann sin agus a rá go bhfuil teip mhargaidh ann toisc go bhféadfadh sé nach mbeadh cuideachta faoi leith in ann tabhairt faoi thionscadal gan chabhair. Mar shampla, má chinneann cuideachta gan infheistíocht a dhéanamh i dtionscadal ag a bhfuil brabúsacht íseal, ní gá do dtabharfadh sé sin le fios gur teip mhargaidh é, ach in ionad sin d'fhéadfadh sé tabhairt le fios go bhfeidhmíonn an margadh go maith.

47. De bharr barainneachtaí dlúis, bíonn cur in úsáid líonraí leathanbhanda níos brabúsaí de ghnáth i gcásanna ina bhféadfadh an t-éileamh a bheith níos airde agus níos dlúithe, is é sin, i limistéir ina bhfuil daonra dlúth iontu. De bharr costais arda sheasta infheistíochta, méadaíonn costais aonaid go suntasach de réir mar a thiteann dlúis dhaonraí. Dá bharr sin, nuair a dhéantar líonraí leathanbhanda a chur in úsáid ar bhonn téarmaí margaidh, is iondúil nach gcumhdaíonn siad ach cuid den daonra go brabúsach. Is féidir le Státchabhair, faoi choinníollacha áirithe, teipeanna margaidh a cheartú, ag feabhsú éifeachtúlacht margaí dá bharr.

48. Anuas air sin, i gcásanna ina soláthraíonn margaí torthaí éifeachtúla ach a meastar gur míshásúil iad i dtaobh beartais comhtháthaithe, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le Státchabhair chun éagothroime shóisialta nó réigiúnach a cheartú chun toradh margaidh níos inmhianaithe, níos cothroime a bhaint amach. I ndálaí den sórt sin, idirghabháil Státchabhrach i leathanbhanda atá spriocdhírithe go maith, féadfaidh sí rannchuidiú chun an scoilt dhigiteach a laghdú ([48]).

49. D'fhéadfadh teip mhargaidh a bheith ann dá soláthródh na líonraí atá ann faoi láthair nó na líonraí beartaithe meascán fo-optamach de cháilíocht seirbhíse agus praghas. Is féidir sin a dhéanamh sna cásanna seo a leanas: (a) d'fhéadfadh nach soláthrófar seirbhís sásúil do chatagóirí áirithe úsáideoirí; nó (b) go háirithe in éagmais taraifí rochtana mórdhíola rialaithe, d'fhéadfadh praghsanna miondíola bheith níos airde ná na praghsanna a ghearrtar ar na seirbhísí céanna a chuirtear ar fáil i limistéir nó réigiúin den Bhallstát atá níos iomaíche, ach atá inchomparáide go fóill.

50. Dá n-úsáidfí Státchabhair chun líonraí fosaithe agus móibíleacha a chur in úsáid i limistéir ina roghnódh oibreoirí margaidh infheistíocht a dhéanamh de ghnáth, nó ina ndearna siad infheistíocht cheana, áfach, d'fhéadfadh sé seo baint go suntasach ó na dreasachtaí atá ann d'infheisteoirí príobháideacha infheistíocht a dhéanamh ar an gcéad dul síos. ([49])

51. Ní hionann teipeanna margaidh a bheith ann i gcomhthéacs faoi leith agus údar leordhóthanach le haghaidh idirghabháil Stáit. Níor cheart Státchabhair a dhíriú ach amháin ar theip mhargaidh nach dtugtar aghaidh orthu go fóill i mbeartais agus i mbearta eile, nach bhfuil chomh saobhach, mar shampla, bearta riaracháin nó oibleagáidí rialála ar úsáid éifeachtach agus éifeachtúil speictrim raidió, lena n-áirítear cumhdach agus caighdeán oibleagáidí seirbhíse a bhaineann le cearta úsáide don speictream raidió.

52. Chun éifeachtaí saobhacha féideartha na cabhrach ar iomaíocht a íoslaghdú a thuilleadh, d'fhéadfadh idirghabhálacha Stáit a bheith faoi réir tréimhse cosanta infheistíochta príobháidí, ar feadh tréimhse suas le 7 mbliana ([50]).

#### 5.2.2.1. *Teip mhargaidh a bheith ann a mhéid a bhaineann le líonraí rochtana fosaithe*

53. Ba cheart do chabhair díriú ar limistéir nach bhfuil aon líonra fosaithe iontu nó nach bhfuil sé beartaithe go hinchreidte aon líonra a chur in úsáid ann laistigh den tréimhse ama ábhartha, a bhféadfadh freastal ar riachtanais úsáideoirí deiridh.

54. Ag an gcéim reatha d'fhorbairt margaidh agus ag glacadh le riachtanais sainaitheanta na n-úsáideoirí deiridh, féadfar teip mhargaidh a bheith ann i gcás nach soláthraíonn an margadh luas íoslódála 1 Gbps ar a laghad agus de luas uaslódála 150 Mbps ar a laghad d'úsáideoirí deiridh, agus nach dócha go soláthróidh ([51]).

55. Agus measúnú á dhéanamh lena fháil amach an dócha go soláthróidh an margadh luas íoslódála de 1 Gbps ar a laghad agus luas uaslódála de 150 Mbps ar a laghad, ba cheart pleananna inchreidte chun líonraí den sórt sin a chur in úsáid laistigh den tréimhse ama ábhartha a chur san áireamh (i gcomhréir le Roinn 5.2.2.4.3).

---

([48]) Cé go bhféadfadh cúiseanna iomadúla a bheith leis an "scoilt dhigiteach" seo, is réamhriachtanas é líonraí leordhóthanacha leathanbhanda a bheith ann chun nascacht a chumasú agus an bhearna a dhúnadh. Tá leibhéal an uirbithe ina chúinse thábhachtach i ndáil le rochtain ar theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide agus a n-úsáid. D'fhéadfadh treá an idirlín fanacht ag leibhéal níos ísle i limistéir ina bhfuil daonra íseal ar fud an Aontais.

([49]) Sna cásanna sin, déanfaidh an Coimisiún scrúdú cúramach le feiceáil ar féidir leis an mBallstát a léiriú go soiléir agus le fianaise inchruthaithe nach gcomhlíontar riachtanais úsáideoirí deiridh. D'fhéadfaí é seo a chruthú trí shuirbhé do thomhaltóirí, staidéir neamhspleácha, etc.

([50]) Bheadh fad aon tréimhse cosanta infheistíochta príobháidí ag brath ar shainiúlachtaí na líonraí cosanta, amhail na teicneolaíochtaí is bun leis an líonra, an dáta ar cuireadh an líonra i gcrích etc.

([51]) Cé gurb iad luasanna an cháilíocht is ábhartha faoi láthair as na paraiméadair seirbhíse, d'fhéadfadh paraiméadair eile (amhail aga folaigh) a bheith ábhartha le haghaidh úsáideoirí deiridh áirithe. Féadfar paraiméadair den sórt sin a chur san áireamh chun cinneadh an bhfuil teip mhargaidh ann.

56. Dá dheasca sin, measann an Coimisiún nach bhfuil aon teip mhargaidh ann i limistéir ina bhfuil líonra fosaithe amháin ar a laghad ag soláthar luas íoslódála de 1 Gbps ar a laghad agus luas uaslódála de 150 Mbps ar a laghad faoi láthair nó a bhfuil sé beartaithe go hinchreidte go soláthrófar na luasanna sin nó i gcás inar féidir na líonraí atá ann faoi láthair a uasghrádú chun luas íoslódála de 1 Gbps ar a laghad agus luas uaslódála de 150 Mbps ar a laghad a sholáthar. Meastar gur féidir líonra a uasghrádú go dtí na luais sin má tá sé in ann feidhmíocht den sórt sin a sholáthar ar bhonn infheistíochta imeallaí, amhail gnéithe gníomhacha a uasghrádú.

57. D'fhéadfadh idirghabháil Stáit chun líonra malartach a chur in úsáid sna limistéir ar a dtugtar tuairisc i mír 56 dinimicí an mhargaidh a shaobhadh. Dá bhrí sin, is dócha go mbeidh drochthuairim ag an gCoimisiún faoi Státchabhair chun líonra breise a chur in úsáid i limistéir den sórt sin.

58. I limistéir inarb ann do dhá líonra neamhspleácha sárghasta fosaithe ar a laghad nó ina bhfuil líonraí sárghasta beartaithe go hinchreidte, soláthraítear seirbhísí leathanbhanda faoi choinníollacha iomaíocha (iomaíocht bunaithe ar an mbonneagar) de ghnáth. Dá réir sin, is dócha go bhforbróidh líonra amháin nó níos mó ná líonra amháin de na líonraí den sórt sin chun luas íoslódála de 1 Gbps agus luas uaslódála de 150 Mbps ar a laghad a sholáthar, gan gá le hidirghabháil Stáit.

59. Mar sin féin, an dóchúlacht go bhforbródh líonraí sna limistéir ar a dtugtar tuairisc i mír 58 i dtreo luas íoslódála de 1 Gbps ar a laghad agus luas uaslódála de 150 Mbps ar a laghad, d'fhéadfadh go mbeadh sé sin ag brath ar an méid infheistíochta a theastaíonn chun líonraí a sheachadann na luasanna sin a chur in úsáid, ag cur staid reatha forbartha teicneolaíochta san áireamh. Mar iarmhairt air sin, maidir leis na limistéir sin:

(a) mura soláthraíonn aon cheann de na líonraí atá ann faoi láthair ná na líonraí atá beartaithe go hinchreidte luas íoslódála de 300 Mbps ([52]) ar a laghad, ní dócha go bhforbróidís i dtreo luas íoslódála de 1 Gbps ar a laghad agus luas uaslódála de 150 Mbps ar a laghad a sholáthar. Dá bhrí sin, féadfar idirghabháil Stáit a cheadú, ar choinníoll go gcomhlíonann sí na critéir chomhlíontachta uile a leagtar amach sna Treoirlínte seo;

(b) má sholáthraíonn ceann amháin ar a laghad de na líonraí atá ann cheana nó atá beartaithe go hinchreidte luas íoslódála de 300 Mbps ar a laghad ach nach soláthraíonn sé luas íoslódála de 500 Mbps ([53]) ar a laghad, déanfaidh an Coimisiún anailís níos mionsonraithe chun a mheas an bhforbróidh ceann amháin ar a laghad de na líonraí atá ann cheana nó atá beartaithe go hinchreidte i dtreo luasanna íoslódála 1 Gbps agus luasanna uaslódála de 150 Mbps a sholáthar agus an bhfuil gá le hidirghabháil Stáit. Ach i gcás ina léiríonn an Ballstát (i) bunaithe ar mhapáil agus comhairliúchán poiblí, go leanann de theip mhargaidh a bheith ann sna sprioclimistéir sainaitheanta mar nach bhforbróidh aon líonra i dtreo luas íoslódála de 1 Gbps agus luas uaslódála de 150 Mbps ar a laghad a sholáthar; agus (ii) comhlíonann an idirghabháil Stáit bheartaithe na critéir chomhlíontachta uile a leagtar amach sna Treoirlínte seo, is dócha go mbeidh drochthuairim ag an gCoimisiún faoi idirghabhálacha Stáit den sórt sin;

(c) mura soláthraíonn ceann amháin ar a laghad de na líonraí atá ann cheana ná na líonraí atá beartaithe go hinchreidte luas íoslódála de 500 Mbps ar a laghad, is dócha go bhforbródh ceann amháin ar a laghad de na líonraí atá ann cheana nó atá beartaithe go hinchreidte i dtreo luas íoslódála de 1 Gbps ar a laghad agus luas uaslódála de 150 Mbps ar a laghad a sholáthar. Dá bhrí sin, ní bhíonn gá le Státchabhair go ginearálta agus is dócha go mbeidh drochthuairim ag an gCoimisiún faoi idirghabháil Stáit den sórt sin;

(d) féadfaidh an Ballstát athmheasúnú a dhéanamh ar an gcás agus fógra a thabhairt faoi idirghabháil Stáit chun formheas a fháil tar éis 5 bliana ó dháta fógra ([54]) na n-idirghabhálacha Stáit faoi phointí (b) agus (c). Is é is aidhm don tréimhse 5 bliana deis a thabhairt d'infheisteoirí tús a chur le cur in úsáid líonraí atá cistithe go príobháideach agus a sholáthraíonn luas íoslódála de 1 Gbps ar a laghad agus luas uaslódála de 150 Mbps ar a laghad. Ba cheart fógra den sórt sin a bheith bunaithe ar mhapáil agus ar chomhairliúchán poiblí nua a léiríonn go bhfuil teip margaidh fós ann agus ní mór dó a léiriú go gcomhlíonann an idirghabháil Stáit atá beartaithe na critéir chomhoiriúnachta uile a leagtar amach sna Treoirlínte seo.

([52]) Mar chosaint bhreise, féadfaidh na Ballstáit a fhíorú freisin go léirítear nó go léireofar an luas sin mar an luas íoslódála íosta, de réir bhrí Airteagal 4(1), point (d) de Rialachán (AE) 2015/2120 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 lena leagtar síos bearta maidir le rochtain oscailte ar an idirlíon agus lena leasaítear Treoir 2002/22/CE agus Rialachán (AE) Uimh. 531/2012 (IO L 310, 26.11.2015, lch. 1), i gconradh amháin ar a laghad atá ar fáil do thomhaltóirí.

([53]) Féach fonóta 48.

([54]) Ní mór do na Ballstáit a fhógairt go bhfuil sé de rún acu idirghabháil a dhéanamh trí liosta a fhoilsiú, ar an liosta sin beidh na sprioclimistéir, an cháilíocht seirbhísí atá le soláthar i dtéarmaí luasanna íoslódála agus uaslódála ar a laghad agus na tairsí le haghaidh idirghabhála i dtéarmaí luasanna íoslódála agus uaslódála ar a laghad de chuid na seirbhísí a bhféadfar a róthógáil leis an idirghabháil. Ní mór don fhianaise sin a bheith ar fáil ar shuíomh gréasáin atá inrochtana go poiblí ar leibhéal an sprioclimistéir agus ar an leibhéal náisiúnta.

5.2.2.2. *Teip mhargaidh a bheith ann i ndáil le líonraí rochtana móibíleacha*

60. Measann an Coimisiún gurb ann do theip mhargaidh i limistéir mar nach ann d'aon líonra móibíleach ná aon líonra a bhfuil sé beartaithe go hinchreidte é a chur in úsáid laistigh den tréimhse ama ábhartha, ar líonra é atá in ann aghaidh a thabhairt ar riachtanais na n-úsáideoirí deiridh ([55]).

61. I dtaca le feidhmchláir chumarsáide atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, tá méadú ag teacht ar a mhinice a bhíonn na feidhmchláir sin ag brath ar líonraí móibíleacha dea-fheidhmiúla atá ar fáil ar bhonn geografach leathan ([56]). Tá gá ag úsáideoirí deiridh cumarsáid a dhéanamh agus rochtain a fháil ar fhaisnéis agus iad ag gluaiseacht. Le himeacht ama, tá coinne leis go bhforbrófar cineálacha gníomhaíochtaí eacnamaíocha nua a mbeidh rochtain idirlín rianúil ar sheirbhísí móibíleacha feidhmiúla riachtanach dóibh. Chun dul in éineacht leis an athrú sin, tá coinne leis go bhforbróidh líonraí móibíleacha chun nascacht níos fearr a sholáthar. I gcásanna áirithe, féadfaidh easpa nascachta móibílí, nó nascacht mhóibíleach neamhleor, dochar a dhéanamh do ghníomhaíochtaí eacnamaíocha áirithe amhail an tionscal, an talmhaíocht nó an turasóireacht nó an tsoghluaisteacht nasctha. D'fhéadfadh sé a bheith ina riosca maidir le sábháilteacht an phobail freisin ([57]). D'fhéadfadh go mbeadh tionchar aige sin ar réigiúin iargúlta nó limistéar ina bhfuil an daonra íseal nó limistéir gan daonra.

62. I limistéar ina bhfuil líonra móibíleach fosaithe amháin ar a laghad ann cheana nó líonra a bhfuil sé beartaithe go hinchreidte go gcuirfear in úsáid laistigh den tréimhse ama ábhartha é, ar líonraí é atá in ann aghaidh a thabhairt ar riachtanais na n-úsáideoirí deiridh, d'fhéadfaí dinimicí an mhargaidh a shaobhadh go míchuí i ngeall ar Státchabhair chun líonra nua móibíleach a chur in úsáid.

63. Féadfar a mheas go bhfuil gá le Státchabhair chun líonra móibíleach a chur in úsáid i limistéar den sórt sin i gcás ina léirítear go gcomhlíontar an dá choinníoll seo a leanas: (a) ní sholáthraíonn an líonra atá ann cheana ná an líonra atá beartaithe go hinchreidte cáilíocht leormhaith seirbhísí d'úsáideoirí deiridh chun a gcuid riachtanas athraitheacha a chomhlíonadh; agus (b) soláthróidh an idirghabháil Stáit cáilíocht den sórt sin seirbhísí, rud lena bhfágfar go dtiocfaidh feabhsú ábhartha chun cinn nach féidir leis an margadh a bhaint amach ([58]).

64. D'fhéadfadh go mbeadh gá le hidirghabháil Stáit i gcásanna áirithe chun aghaidh a thabhairt ar theipeanna margaidh sonracha a bhaineann le cásanna úsáide sainaitheanta agus líonra móibíleach 4G nó 5G i láthair fiú, i gcás nach soláthraíonn an líonra sin, agus nach dócha go soláthróidh sé, cáilíocht leormhaith seirbhísí chun a gcuid riachtanas athraitheacha a chomhlíonadh. D'fhéadfadh go n-éileofaí le cásanna úsáide den sórt sin a bhaineann le gníomhaíochtaí agus seirbhísí eacnamaíocha nua: (a) rochtain idirlín rianúil (mar shampla, le haghaidh soghluaisteacht uathoibríoch thar conairí iompair); (b) íosluasanna agus íosacmhainneacht áirithe; (c) saintréithe sonracha eile freisin amhail aga folaigh níos ísle, fíorúlú líonra nó an acmhainneacht chun ilteirminéil a nascadh le haghaidh tionscail nó talmhaíochta.

65. Ar bhonn prionsabail, fiú agus teip mhargaidh ann, ní féidir Státchabhair a dheonú chun agus ní féidir í a úsáid chun oibleagáidí dlíthiúla, amhail oibleagáidí atá nasctha leis na cearta chun speictream a úsáid, a chomhlíonadh. Mar sin féin, is féidir Státchabhair a dheonú i gcás agus a mhéid is gá chun cáilíocht bhreise seirbhíse a éilítear a chun freastal ar riachtanais léirithe úsáideoirí deiridh agus a théann thar an méid a éilítear cheana fein chun oibleagáidí dlíthiúla den sórt sin a chomhlíonadh, a sholáthar. Féadfar cabhair den sórt sin a dheonú a mhéid is gá chun na costais bhreise a theastaíonn chun cáilíocht mhéadaithe an líonra a áirithiú.

66. I gcás, i limistéar ar leith, ina bhfuil nó ina mbeidh, laistigh den tréimhse ama ábhartha, líonra móibíleach amháin ar a laghad is féidir riachtanais athraitheacha na n-úsáideoirí deiridh a shásamh (féach míreanna 61, 63 agus 64), d'fhéadfadh, i bprionsabal, saobhadh míchuí ar an iomaíocht agus plódú infheistíochtaí príobháideacha eascairt as Státchabhair a dheonú ar son líonra móibíleach breise ag a mbeadh cumais choibhéiseacha. Is dócha go mbeidh drochthuairim ag an gCoimisiún faoi idirghabhálacha Stáit den sórt sin.

---

([55]) Féach, mar shampla, Cinneadh C(2021) 3492 final ón gCoimisiún an 21 Bealtaine 2021, cás SA 58099 (2021/N) – An Ghearmáin – An Chumarsáid mhóibíleach Mecklenburg-Pomerania Thiar (IO C 260, 2.7.2021, lch. 1).

([56]) Mar shampla, tagraítear sa Teachtaireacht maidir le Gigighiotán d'fheidhmchláir áirithe le haghaidh na n-earnálacha gluaisteán, iompair, monaraíochta agus sláinte mar aon le seirbhísí sábháilteachta agus éigeandála na chéad ghlúine eile (mar shampla, tiomáint nasctha agus uathoibrithe, cian-mháinliacht, beachtfheirmeoireacht).

([57]) Mar shampla, déantar foráil le hAirteagal 109 de Threoir (AE) 2018/1972 maidir le hoibleagáid na n-oibreoirí cumarsáide leictreonaí faisnéis faoi shuíomh an ghlaoiteora a chur ar fáil a luaithe a shroicheann an glao an t-údarás a láimhseálann an glao éigeandála. Tá sé éigeantach faisnéis líonra bunaithe agus an fhaisnéis suímh níos cruinne freisin a dhíorthaítear ón sás láimhe a chur ar fáil don phointe freagartha glaonna éigeandála is iomchuí.

([58]) Féach, mar shampla, Cinneadh C(2020 8939 final ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2020, cás SA.54684 – An Ghearmáin – Leathadh amach bonneagair mhóibíligh ardacmhainne in Brandenburgh (IO C 60, 19.2.2021, lch. 2); agus Cinneadh C(2021) 1532 final ón gCoimisiún an 10 Márta 2021, cás SA.56426 – An Ghearmáin – Leathadh amach bonneagair mhóibíligh ardfheidhmíochta in Saxony Íochtarach (IO C 144, 23.4.2021, lch. 2); Cinneadh C(2021) 3565 final ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2021, cás SA.59574 – An Ghearmáin – Cur in úsáid bonneagair mhóibíligh ardfheidhmíochta sa Ghearmáin (IO C 410, 8.10.2021, lch. 1).

5.2.2.3. *Teip mhargaidh a bheith ann i ndáil le líonraí aisiompair*

67. Réamhriachtanas atá i líonraí aisiompair chun líonraí rochtana a chur in úsáid. Tá sé de phoitéinseal ag líonraí aisiompair an iomaíocht a ghríosadh sna limistéir rochtana a rachaidh chun tairbhe do na líonraí rochtana agus do na teicneolaíochtaí rochtana uile. D'fhéadfadh líonra aisiompair buan infheistíochtaí príobháideacha a spreagadh chun nascadh le húsáideoirí deiridh, ar choinníoll go n-áirithítear leis rochtain mórdhíola faoi choinníollacha oscailte, trédhearcacha agus neamh-idirdhealaitheacha le haghaidh gach cuardaitheoir rochtana agus teicneolaíochtaí. In éagmais infheistíochtaí príobháideacha, d'fhéadfadh gá a bheith le Státchabhair le haghaidh líonraí aisiompair a chur in úsáid chun an iomaíocht agus infheistíochtaí a chothú ar an leibhéal rochtana toisc go gcuirtear é ar a gcumas do chuardaitheoirí rochtana leis líonraí rochtana a leathadh amach agus seirbhísí nascachta a thairiscint d'úsáideoirí deiridh.

68. Toisc go n-iompraíonn líonraí aisiompair trácht líonraí rochtana fosaithe nó móibíleacha éagsúla, tá gá ag na líonraí sin le hacmhainneacht tarchuradóireachta atá cuid mhaith níos airde ná cumas tarchuradóireachta líonraí rochtana aonair. Ní mór do líonraí aisiompair freastal ar mhéaduithe suntasacha san acmhainneacht a éileofar thar a saolré. Tá sé sin mar gheall ar riachtanais úsáideoirí deiridh agus an uasghrádú tapa atá á dhéanamh ar líonraí rochtana fosaithe nó móibíleacha agus riachtanais acu atá ag méadú le haghaidh tarchur sonraí feabhsaithe agus feidhmiúlachtaí níos fearr (lena n-áirítear le haghaidh glúnta móibíleacha nua). Ionas nach dtiocfaidh an líonra aisiompair chun bheith ina scrogall, féadfaidh sé gur gá a acmhainneacht a mhéadú ag an am céanna a dhéanfar líonraí rochtana feidhmiúla fosaithe nó móibíleacha a chur in úsáid. D'fhéadfadh teip mhargaidh a bheith ann i gcás nár féidir leis an acmhainneacht aisiompair atá ann cheana nó atá beartaithe dul i ngleic leis an bhforbairt a bhfuil coinne léi maidir le líonraí rochtana fosaithe nó móibíleacha comhfhreagracha bunaithe ar riachtanais na n-úsáideoirí deiridh atá faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo. Agus cúrsaí forbartha teicneolaíochta mar atá faoi láthair, is féidir aghaidh a thabhairt ar an méadú sin ar an éileamh ar acmhainneacht le líonraí aisiompair atá bunaithe ar shnáithín optaice nó ar theicneolaíochtaí eile atá in ann an leibhéal feidhmíochta céanna agus an iontaofacht chéanna a sholáthar agus a sholáthraíonn líonraí aisiompair atá bunaithe ar shnáithíní. D'fhéadfadh teip mhargaidh a bheith ann dá bhrí sin i gcás nach bhfuil aon líonra aisiompair ann nó i gcás nach bhfuil an líonra atá ann cheana nó atá beartaithe go hinchreidte bunaithe ar shnáithín ná ar theicneolaíochtaí eile atá in ann an leibhéal feidhmíochta céanna agus an iontaofacht chéanna a sholáthar agus a sholáthraítear le snáithíní.

69. Gan beann ar theicneolaíocht bhunúsach an líonra aisiompair atá ann cheana, d'fhéadfadh teip mhargaidh a bheith ann má sholáthraíonn an líonra aisiompair meascán fo-optamach de chaighdeán seirbhíse agus praghas. Mar shampla, féadfaidh Ballstát a léiriú go bhféadfadh coinníollacha rochtana maidir leis an líonra aisiompar atá ann cheana cosc a chur ar chur in úsáid líonraí rochtana móibíleacha nó fosaithe atá nua nó níos feidhmiúla toisc nach ndéantar freastal leordhóthanach ([59]) ar chatagóirí áirithe cuardaitheoirí rochtana nó toisc go bhféadfadh na praghsanna rochtana mórdhíola a bheith níos airde ná na praghsanna a ghearrtar ar na seirbhísí céanna i limistéir den Bhallstát atá níos iomaíche ach atá inchomparáide ar gach slí eile agus nach bhféadfaí an fhadhb a réiteach trí rialáil earnála ([60]).

5.2.2.4. *Ionstraimí chun an gá atá le hidirghabháil Stáit a chinneadh*

70. Chun an gá le hidirghabháil Stáit i limistéar áirithe a shainaithint, ar bhonn mapáil mhionsonraithe agus comhairliúchán poiblí, i gcomhréir le Ranna 5.2.2.4.1 agus 5.2.2.4.2, feidhmíochtaí líonraí rochtana fosaithe, líonraí rochtana móibíleacha nó líonraí aisiompair atá ann nó atá beartaithe go hinchreidte lena gcur in úsáid sa sprioclimistéar sa tréimhse ama ábhartha, ní mór do na Ballstáit na feidhmíochtaí sin a fhíorú.

71. Tá discréid nach beag ag na Ballstáit maidir leis na sprioclimistéir a leagan amach. Mar sin féin, spreagtar iad chun coinníollacha eacnamaíocha, geografacha agus sóisialta a chur san áireamh agus na limistéir sin á gcinneadh.

5.2.2.4.1. Mapáil agus anailís mhionsonraithe ar an gcumhdach

72. Trí mhapáil mhionsonraithe, ní mór do na Ballstáit na limistéir gheografacha (sprioclimistéir) a bheidh incháilithe faoi idirghabháil Státchabhrach a shainaithint, bunaithe ar léiriú oibiachtúil ar fheidhmíochtaí na líonraí atá ann cheana i limistéar áirithe nó atá beartaithe a bheith ann.

---

([59]) D'fhéadfaí gurb amhlaidh an cás i gcás nach bhfuilailtireacht an líonra aisiompair atá ann faoi láthair i gcomhréir le riachtanais aisiompair úsáideoirí i dtéarmaí acmhainneachta nó toisiúcháin.

([60]) Mar shampla, mhol an Chróit idirghabháil Stáit ina margadh náisiúnta aisiompair, ar srianta acmhainneachta príomh-shaintréithe an mhargaidh sin, agus d'eascair ardphraghsanna ar an margadh iartheachtach as sin. Ní raibh an t-oibreoir aisiompair atá ann cheana toilteanach infheistiú i méadú ar an acmhainneacht. Toisc nárbh fhéidir leis an rialtóir náisiúnta an tsaincheist a réiteach, d'fhormheas an Coimisiún scéim Státchabhrach chun infheistiú i mbonneagar aisiompair snáithíní. Shuigh an Coimisiún gur tháinig staid cheannasach an oibreora sin chun bheith ina scrogall arbh ionann é agus teip mhargaidh. Cinneadh C(2017) 3657 final ón gCoimisiún an 6 Meitheamh 2017, cás SA.41065 - Clár Náisiúnta um bhonneagar comhiomlánaithe leathanbhanda – An Chróit (IO C 237, 21.7.2017, lch. 1). Féach freisin Cinneadh C(2016) 7005 final ón gCoimisiún an 7 Samhain 2016, cás SA.37183 (2015/NN) – An Fhrainc – Plan France très haut debit (IO C 68, 3.3.2017, lch. 1) inar fhormheas an Choimisiún Státchabhair le haghaidh líonra aisiompair snáithín i limistéir nach raibh aon líonra aisiompair iontu a chur in úsáid, chomh maith le limistéir ina raibh acmhainneacht neamhleor ag an líonra aisiompair atá ann cheana chun freastal ar riachtanais a bhfuil coinne leo ag praghsanna agus coinníollacha réasúnacha.

73. A mhéid a bhaineann le Státchabhair a thacaíonn le líonraí rochtana fosaithe nó líonraí rochtana móibíleacha a chur in úsáid, ní mór don mhapáil an dá chritéar seo a leanas a chomhlíonadh:

(a) ní mór na feidhmiúlachtaí a shloinneadh i dtéarmaí luasanna íoslódála agus, i gcás inarb ábhartha, luasanna uaslódála ([61]) atá ar fáil nó a bheidh ar fáil d'úsáideoirí deiridh faoi dhálaí buaic-ama ([62]); aon scrogall a d'fhéadfadh cosc a chur ar na feidhmíochtaí sin a bhaint amach, ní mór é a chur san áireamh (a mhéid a bhaineann le haisiompar mar shampla);

(b) ní mór an mhapáil a dhéanamh: (i) i gcás líonraí fosaithe sreangaithe, ar leibhéal seolta ar bhonn na n-áitreabh in-nasctha; agus (ii) i gcás líonraí rochtana fosaithe gan sreang agus líonraí móibíleacha, ar leibhéal seolta ar bhonn na n-áitreabh in-nasctha nó ar bhonn eangach 100 × 100 méadar ar a mhéad ([63]).

74. Féadfaidh na Ballstáit na cleachtais is fearr a chur san áireamh chun na modheolaíochtaí mapála a thuairiscítear in Iarscríbhinn I a chur i bhfeidhm.

75. A mhéid a bhaineann le Státchabhair a thacaíonn le líonraí aisiompair a chur in úsáid, ní mór do na Ballstáit feidhmíochtaí líonraí aisiompair atá ann cheana nó atá beartaithe go hinchreidte sa tréimhse ama ábhartha a mhapáil. I gcás ina n-áireofar cur in úsáid líonra rochtana agus an líonra aisiompair is gá chun feidhmiú an líonra rochtana a chumasú an tráth céanna agus a dhéantar líonra a chur in úsáid, ní gá líonraí aisiompair a mhapáil ar leithligh.

76. Ní mór do na Ballstáit an mhodheolaíocht agus na bunchritéir theicniúla (fachtóir úsáide agus ualach cille, mar shampla) a úsáidtear chun an sprioclimistéar a mhapáil a chur ar fáil go poiblí.

77. Moltar dul i gcomhairle leis an Údarás Rialála Náisiúnta mar a leagtar amach i Roinn 5.2.4.6.

5.2.2.4.2. Comhairliúchán poiblí

78. Ní mór do na Ballstáit príomh-shaintréithe na hidirghabhála Stáit agus liosta na sprioclimistéar a shainaithnítear tríd an mapáil a fhoilsiú le haghaidh comhairliúcháin ([64]). Ní mór don fhianaise sin a bheith ar fáil ar shuíomh gréasáin atá inrochtana go poiblí ([65]) ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta.

79. Leis an gcomhairliúchán poiblí ní mór iarraidh ar pháirtithe leasmhara (a) a mbarúlacha ar an idirghabháil Stáit, agus ar dhearadh agus phríomh-saintréithe na hidirghabhála a thabhairt; agus (b) faisnéis a bhfuil bunús léi a chur isteach faoi na líonraí atá ann cheana nó líonraí a bhfuil sé beartaithe go hinchreidte iad a chur in úsáid sa sprioclimistéar laistigh den tréimhse ama ábhartha ([66]).

80. Agus an tréimhse ama ábhartha ionchasach á bhreithniú i dtaca leis an líonra, ní mór do na Ballstáit gach gné a bhreithniú lenar féidir coinne a bheith go réasúnta dul i bhfeidhm ar fhad chur in úsáid an líonra nua (eadhon an t-am a cheanglaítear leis an nós imeachta roghnúcháin, caingne féideartha agus dúshláin fhéideartha dlí, am chun cearta slite agus ceadanna a fháil, oibleagáidí eile a eascraíonn as reachtaíocht náisiúnta, infhaighteacht acmhainneachta oibriúchán sibhialta, etc.). Má thógann cur in úsáid an líonra Státchistithe bheartaithe níos faide (go dtí a theacht i bhfeidhm) ná mar a measadh, tá gá le mapáil nua agus comhairliúchán poiblí nua.

---

([61]) I gcás nach féidir a thuiscint cheana féin an ann don teip margaidh ó na sonraí a bhaineann leis an luas íoslódála.

([62]) Féadfaidh na húdaráis phoiblí atá freagrach as an idirghabháil Stáit critéir feidhmíochta eile a mhapáil freisin chun feidhmíocht na líonraí a thréithriú tráth dálaí buaic-ama (amhail aga folaigh, caillteanas paicéad, earráidí i bpaicéid, giodam, infhaighteacht seirbhísí). Féadfaidh na Ballstáit roghnú déanamh amhlaidh chun gur fearr a dhéanfar an idirghabháil Stáit a spriocdhíriú chun aghaidh a thabhairt ar theipeanna margaidh agus chun mór-athrú leormhaith a áirithiú.

([63]) Meastar gur dea-chleachtas é eangacha níos lú (amhail eangach 20×20 méadar) chun áirithiú go sainaithnítear sprioclimistéir go soiléir.

([64]) Ní mór a áireamh leis sin: liosta sprioclimistéar na limistéar sin bunaithe ar an mapáil, fad an bhirt, buiséad, foinsí maoiniúcháin phoiblí, sainaithint na tréimhse ama ábhartha, critéir incháilitheachta lena n-áirítear cáilíocht na seirbhísí atá le soláthar (luasanna uaslódála agus íoslódála), tairseacha le haghaidh na hidirghabhála, ceanglais bheartaithe maidir le rochtain mhórdhíola agus praghsáil nó modheolaíocht praghsála. Féadfar a áireamh i gcomhairliúchán poiblí ceisteanna do pháirtithe leasmhara maidir leis na táirgí rochtana mórdhíola ba mhaith leo a thairiscint ar aon líonra nuachruthaithe atá maoinithe ag an Stát.

([65]) Ní chomhlíonann comhairliúchán díreach le soláthróirí nó le páirtithe leasmhara eile ceanglais chomhairliúcháin phoiblí lenar cheart oscailteacht agus trédhearcacht a áirithiú i leith aon pháirtí leasmhair, ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil.

([66]) Ní bheidh torthaí comhairliúcháin phoiblí bailí ach amháin don tréimhse ionchais ábhartha a shonraítear sa chomhairliúchán poiblí. Chun an beart a chur chun feidhme tar éis an ama sin, is gá ar a laghad mapáil nua agus comhairliúchán poiblí nua a dhéanamh.

81. Gan beann ar cibé acu a d'fhéadfadh faisnéis a bheith bailithe ag an mBallstát cheana féin ar phleananna infheistíochta don todhchaí trí mhapáil, nó nach bhféadfadh, ní mór torthaí na mapála is déanaí a bheith san áireamh i gcónaí sa chomhairliúchán poiblí. Is gá é sin chun íoslaghdú a dhéanamh ar an saobhadh míchuí féideartha ar an iomaíocht a mhéid a bhaineann le gnóthais atá ag cur líonraí nó seirbhísí ar fáil cheana féin sna sprioclimistéir agus leo siúd ag a bhfuil pleananna infheistíochta inchreidte cheana féin le haghaidh na tréimhse ama ábhartha.

82. Ní mór don chomhairliúchán poiblí rith ar feadh 30 lá ar a laghad. Tar éis dheireadh an chomhairliúcháin phoiblí, ní mór don Bhallstát an nós imeachta roghnúcháin iomaíoch a sheoladh nó chun tús a chur le cur chun feidhme an tionscadail lena mbaineann ([67]) le haghaidh samhlacha infheistíochta dírí laistigh d'aon bhliain amháin. Más rud é nach seolann an Ballstát an nós imeachta roghnúcháin iomaíoch ná cur chun feidhme an tionscadail Státchistithe laistigh den tréimhse sin, ní mór dó comhairliúchán poiblí nua a dhéanamh sular féidir leis an nós imeachta roghnúcháin iomaíoch a sheoladh nó an tionscadal Státchistithe a chur chun feidhme.

83. Moltar comhairliúchán leis an Údarás Rialála Náisiúnta maidir le torthaí an chomhairliúcháin phoiblí ([68]).

5.2.2.4.3. Dea-chleachtais: measúnú a dhéanamh ar phleananna infheistíochta príobháideacha sa chomhairliúchán poiblí

84. Tá riosca ann go bhféadfaí moill a chur ar chur in úsáid líonraí leathanbhanda gan ach "léiriú spéise" i bpleananna infheistíochta príobháidí don todhchaí a bheith déanta ag páirtí leasmhair i gcomhairliúchán poiblí, dá mba rud é nach dtarlódh an infheistíocht phríobháideach sin dá éis sin agus gan dul chun cinn a bheith déanta ag an idirghabháil Stáit lena linn sin.

85. Chun an riosca a laghdú maidir le hidirghabhálacha Stáit a bheith á gcosc ar bhonn pleananna infheistíochta don todhchaí nach bhfíorófar, féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh iarraidh ar na páirtithe leasmhara ábhartha fianaise a sholáthar chun inchreidteacht a bpleananna infheistíochta a léiriú, laistigh de thráthchlár iomchuí agus comhréireach le leibhéal na faisnéise a iarrtar ([69]). Féadfar a áireamh leis an bhfianaise sin, mar shampla, plean mionsonraithe maidir le cur in úsáid ag a mbeidh garspriocanna (mar shampla, le haghaidh gach tréimhse 6 mhí), lena léireofar go gcuirfear an infheistíocht i gcrích laistigh den tréimhse ama ábhartha agus go n-áiritheofar feidhmíochtaí a bheidh comhchosúil leis an líonra Státchistithe atá beartaithe.

86. Chun measúnú a dhéanamh ar inchreidteacht na feidhmíochta agus an chumhdaigh atá dearbhaithe, féadfaidh na Ballstáit na critéir chéanna a úsáid agus a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht na líonraí atá ann cheana, i gcás inar réasúnta agus inar iomchuí.

87. Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar inchreidteacht na bpleananna infheistíochta don todhchaí, féadfaidh na Ballstáit na critéir seo a leanas go háirithe a chur sa áireamh:

(a) cé acu atá nó nach bhfuil plean gnó a bhaineann le tionscadal curtha isteach ag an páirtí leasmhair ina bhfuil critéir oiriúnacha curtha san áireamh a bhaineann, mar shampla, le tréimhse ama, buiséad, suíomh na n-áitreabh a spriocdhírítear orthu, cáilíocht na seirbhíse atá le soláthar, an cineál líonra agus teicneolaíochta atá le cur in úsáid agus an ráta glactha;

(b) cé acu atá nó nach bhfuil plean tionscadail ardleibhéil inchreidte curtha isteach ag an bpáirtí leasmhair lena gcuirtear san áireamh garspriocanna an tionscadail amhail nósanna imeachta riaracháin agus ceadanna (lena n-áirítear cearta slí, ceadanna comhshaoil, forálacha sábháilteachta agus slándála), oibreacha innealtóireachta sibhialta, cur i gcrích an líonra, tosú na n-oibríochtaí agus soláthar na seirbhísí d'úsáideoirí deiridh;

(c) oiriúnacht mhéid na cuideachta i bhfianaise mhéid na hinfheistíochta;

(d) cuntas teiste an pháirtí leasmhair i dtionscadail inchomparáide;

(e) más gá agus más iomchuí, comhordanáidí geografacha phríomhpháirteanna an líonra atá beartaithe (bunstáisiúin, pointí láithreachta, etc.).

88. Más rud é go measann Ballstát go bhfuil na pleananna infheistíochta príobháidí inchreidte, féadfaidh sé cinneadh a dhéanamh iarraidh ar na páirtithe leasmhara lena mbaineann comhaontuithe gealltanais a shíniú, lena bhféadfaí a áireamh oibleagáidí tuairisciú ar an dul chun cinn maidir leis na garspriocanna atá luaite acu.

([67]) Áirítear leis sin deontais cabhrach aonair faoi scéim Státchabhrach.

([68]) Leagtar sásra comhchosúil amach in Airteagal 22 de Theoir (AE) 2018/1972.

([69]) Féadfaidh na Ballstáit an iarraidh sin a áireamh go díreach sa chomhairliúchán poiblí maidir le héifeachtúlacht. Mar mhalairt air sin, mar chuid den mheasúnú ar thorthaí an chomhairliúcháin phoiblí, féadfaidh na Ballstáit faisnéis bhreise a iarraidh nuair a bhféadfaí pleananna áirithe a sholáthair na páirtithe leasmhara a cháiliú mar "léiriú spéise".

89. Is é freagracht na bpáirtithe leasmhara lena mbaineann faisnéis fhiúntach a sholáthar i gcomhréir le rialacha ábhartha an Aontais ([70]) nó rialacha ábhartha náisiúnta.

90. Ba cheart don Bhallstát dul i gcomhairle leis an Údarás Rialála Náisiúnta maidir le measúnú an Bhallstáit ar inchreidteacht na bpleananna infheistíochta don todhchaí ([71]).

91. Ba cheart do na Ballstáit torthaí a measúnaithe agus na cúiseanna leo a chur in iúl do gach páirtí leasmhair a chuir faisnéis isteach maidir lena bpleananna infheistíochta príobháidí.

5.2.2.4.4. Dea-chleachtais: faireachán *ex-post* ar chur chun feidhme na bpleananna infheistíochta príobháidí

92. Más rud é go measann an Ballstát go bhfuil na pleananna infheistíochta príobháidí a chuirtear isteach inchreidte agus dá thoradh sin go bhfuil an limistéar comhfhreagrach gearrtha amach ó raon feidhme na hidirghabhála Stáit, féadfaidh an Ballstát cinneadh a dhéanamh a cheangal ar na páirtithe leasmhara a chuir na pleananna sin isteach tuairisciú go tráthrialta maidir le comhlíonadh na ngarspriocanna i leith an líonra a chur in úsáid agus na seirbhísí a sholáthar.

93. Más rud é go sainaithníonn an Ballstát dialltaí ón bplean a cuireadh isteach lena dtugtar le fios go mb'fhéidir nach bhfíorófar an tionscadal nó más rud é go bhfuil cúiseanna leormhaithe ag an mBallstát amhras a bheith air go gcuirfear an infheistíocht i gcrích mar a dearbhaíodh, féadfaidh an Ballstát cinneadh a dhéanamh a cheangal ar na páirtithe leasmhara lena mbaineann faisnéis bhreise a sholáthar lena léireofar inchreidteacht leanúnach na hinfheistíochta dearbhaithe.

94. Más rud é go bhfuil údair amhrais shuntasacha ag an mBallstát maidir le cibé acu a chuirfear an infheistíocht i gcrích mar a dearbhaíodh nó nach gcuirfear, féadfaidh sé cinneadh a dhéanamh tráth ar bith le linn na tréimhse ama ábhartha na limistéir lena mbaineann an infheistíocht a áireamh i gcomhairliúchán poiblí nua, d'fhonn a n-incháilitheacht fhéideartha le haghaidh idirghabháil Stáit a fhíorú.

5.2.3. **Oiriúnacht na cabhrach mar ionstraim bheartais**

95. Ní mór don Bhallstát a léiriú go bhfuil an chabhair iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar an teip mhargaidh shainaitheanta agus chun na cuspóirí a shaothraítear leis an gcabhair a bhaint amach. Níl Státchabhair iomchuí más rud é gur féidir an toradh céanna a bhaint amach trí bhearta eile nach mbaineann an oiread de shaobhadh leo.

96. Ní hí an státchabhair an t-aon ionstraim bheartais amháin atá ar fáil do na Ballstáit chun borradh a chur faoi infheistíocht i gcur in úsáid líonraí leathanbhanda. Féadfaidh na Ballstáit úsáid a bhaint as modhanna nach bhfuil an saobhadh céanna ag baint leo, amhail bearta riaracháin agus rialála nó ionstraimí atá bunaithe ar an margadh.

97. Ionas go measfaí an chabhair a bheith iomchuí, ní mór do na líonraí fosaithe agus móibíleacha Státchistithe saintréithe atá feabhsaithe go suntasach a sholáthar i gcomparáid leis na líonraí atá ann cheana. Dá bhrí sin, ba cheart do líonraí fosaithe agus móibíleacha Státchistithe mór-athrú a áirithiú. Áirithítear mór-athrú má chomhlíontar na coinníollacha a leanas mar thoradh ar an idirghabháil Stáit: (a) léirítear le cur in úsáid an líonra fhosaithe nó mhóibíligh Státchistithe infheistíocht suntasach nua ([72]); agus (b) tabharfar leis an líonra Státchistithe cumais nua shuntasacha chuig an margadh i dtéarmaí infhaighteacht, acmhainneacht, luasanna ([73]) agus iomaíocht na seirbhísí leathanbhanda.

98. Ní mór feidhmíocht an líonra Státchistithe a chur i gcomparáid le feidhmíocht is airde na líonraí atá ann cheana. Níor cheart pleananna infheistíochta inchreidte a chur san áireamh chun measúnú a dhéanamh ar an mórathrú ach amháin i gcás ina bhféadfaí, leis an leathadh amach sin amháin, feidhmíochtaí a sholáthar atá comhchosúil le feidhmíocht an líonra Státchistithe atá beartaithe sna sprioclimistéir laistigh den tréimhse ama ábhartha.

---

([70]) Mar shampla, i gcomhréir le hAirteagal 29 de Theoir (AE) 2018/1972.

([71]) Leagtar sásra comhchosúil amach in Airteagal 22 de Theoir (AE) 2018/1972.

([72]) Mar shampla, i gcás líonraí fosaithe, i dtaca le hinfheistíochtaí imeallacha nach mbaineann ach amháin le huasghrádú ar chomhpháirteanna gníomhacha an líonra, níor cheart iad a mheas ina líonraí atá incháilithe don Státchabhair. Ar an gcaoi chéanna, cé go bhféadfaí cumais na líonraí atá ann cheana a mhéadú le teicneolaíochtaí áirithe feabhsaithe copair (amhail treorialú), féadfaidh sé nach mbeidh infheistíochtaí suntasacha i líonraí nua riachtanach dóibh, agus dá bhrí sin, níor cheart dóibh a bheith incháilithe don Státchabhair. Maidir le líonraí móibíleacha, i gcásanna áirithe féadfaidh na Ballstáit a léiriú go bhféadfadh ról tábhachtach a bheith ag infheistíochtaí i dtrealamh gníomhach agus go bhféadfar údar cuí a bheith le tacaíocht phoiblí mura bhfuil uasghráduithe incriminteacha amháin i gceist leis an infheistíocht, ach gur cuid rí-thábhachtach d'infheistíocht nua shuntasach sa líonra atá inti, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha comhlíontachta uile. Féach mar shampla Cinneadh C(2021) 9538 an 10 Eanáir 2022 ón gCoimisiún, cás SA.57216 Cumhdach móibíleach i limistéir thuaithe sa Ghailís (IO C 46, 28.1.2022, lch. 1).

([73]) Ní mór don líonra fóirdheonaithe seirbhísí a sholáthar ag an luas atá ag teastáil chun an ceanglas maidir le mór-athrú a chomhlíonadh. Mar sin féin, anuas ar an luas atá ag teastáil chun an ceanglas maidir le mór-athrú a chomhlíonadh, féadfaidh oibreoirí líonra fóirdheonaithe seirbhísí ag cáilíocht níos ísle a thairiscint.

5.2.3.1. *Mór-athrú – Líonraí rochtana fosaithe*

99. A mhéid a bhaineann le Státchabhair chuig líonraí rochtana fosaithe, déantar an measúnú chun fáil amach an bhfuil mór-athrú ann bunaithe ar idirdhealú idir na cineálacha sprioclimistéar, ag brath ar líonraí sárghasta fosaithe a bheith le fáil iontu.

5.2.3.1.1. Limistéir bhána agus liatha

100. Is éard atá i limistéir bhána limistéir nach bhfuil aon líonra sárghasta fosaithe ná líonra atá beartaithe go hinchreidte sa tréimhse ama ábhartha iontu.

101. Is éard atá i limistéir liatha limistéir inarb ann do líonra sárghasta fosaithe amháin nó do líonra atá beartaithe go hinchreidte sa tréimhse ama ábhartha.

102. I limistéir bhána agus liatha ní mór d'idirghabhálacha Stáit an dá rud a leanas a dhéanamh chun mór-athrú a bhaint amach:

(a) an luas íoslódála a mhéadú faoi thrí ar a laghad i gcomparáid leis an líonra atá ann cheana;

(b) a bheith ina infheistíocht nua shuntasach i mbonneagar freisin lena dtabharfar cumais nua shuntasacha chuig an margadh ([74]).

5.2.3.1.2. Limistéir mheasctha (bán agus liath)

103. I bprionsabal, i dtaca leis an idirghabháil bheartaithe, ba cheart í a dhearadh ar bhealach chun go mbeidh an sprioclimistéar iomlán bán nó liath.

104. Mar sin féin, ar chúiseanna na héifeachtúlachta, i gcás nach bhfuil údar cuí le limistéir bhána agus liatha a dhealú, féadfaidh na Ballstáit sprioclimistéir a roghnú ina bhfuil codanna bána mar aon le codanna liatha. I limistéir den sórt sin, i gcás ina bhfreastalaíonn líonra sárghasta fosaithe amháin ar roinnt úsáideoirí deiridh (nó freastalóidh líonra orthu sa tréimhse ama ábhartha), ní mór don Bhallstát a áirithiú nach eascraíonn saobhadh míchuí ar iomaíochas a mhéid a bhaineann leis an líonra atá ann cheana as an idirghabháil Stáit.

105. Ligean do róthógáil theoranta ar an líonra sárghasta fosaithe atá ann cheana agus a nascann úsáideoirí deiridh sa limistéar liath atá mar chuid den limistéar measctha, d'fhéadfadh sé sin a bheith i gceist le réiteach iomchuí. I gcásanna den sórt sin, féadfar caitheamh leis an sprioclimistéar iomlán mar limistéar bán chun críocha idirghabháil an Stáit a mheasúnú, ar choinníoll go léireoidh an Ballstát na coinníollacha seo a leanas:

(a) nach gcruthaíonn an róthógáil saobhadh míchuí ar an iomaíocht, bunaithe ar thorthaí comhairliúcháin phoiblí;

(b) go bhfuil an róthógáil teoranta do 10 % ar a mhéad de na háitribh uile sa sprioclimistéar;

(c) go gcomhlíontar na ceanglais maidir le mór-athrú a leagtar amach i Roinn 5.2.3.1.1 le haghaidh limistéir bhána agus go soláthraíonn an líonra Státchistithe seirbhísí i bhfad níos fearr ná na seirbhísí atá ar fáil sa chuid liath den limistéar measctha. Ní gá na ceanglais maidir le mór-athrú a leagtar amach i Roinn 5.2.3.1.1 le haghaidh limistéir liatha a chomhlíonadh.

106. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar oiriúnacht idirghabhálacha i limistéir mheasctha ar bhonn cás ar chás.

5.2.3.1.3. Limistéir dhubha

107. Is éard atá i limistéir dhubha limistéir a bhfuil 2 líonra shárghasta fosaithe ar a laghad nó líonra atá beartaithe go hinchreidte sa tréimhse ama ábhartha iontu.

108. Ar choinníoll go gcomhlíonann an idirghabháil Stáit na coinníollacha a leagtar amach i Roinn 5.2.2.1, ní mór don líonra Státchistithe na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh:

(a) an luas íoslódála a mhéadú faoi thrí ar a laghad i gcomparáid leis an líonra atá ann cheana;

(b) luas íoslódála de 1 Gbps agus luas uaslódála de 150 Mbps ar a laghad a sholáthar;

(c) a bheith ina infheistíocht nua shuntasach i mbonneagar freisin lena dtabharfar cumais nua shuntasacha chuig an margadh ([75]).

([74]) Is amhlaidh an cás sin, i gcás ina síneann an líonra nua an snáithín ó chroílár an líonra i dtreo imeall an líonra ar bhealach suntasach, mar shampla: (i) an snáithín a chur in úsáid sna bunstáisiúin chun tacú le cur in úsáid líonraí rochtana fosaithe gan sreang; (ii) cur in úsáid an tsnáithín sna caibinéid i gcás nach raibh na caibinéid nasctha le líonra snáithín roimhe; (iii) an méadú (doimhniú) ar an snáithín i líonraí cábla.

([75]) Féach fonóta 68.

5.2.3.2. Mór-athrú – Líonraí rochtana móibíleacha

109. Ní mór do líonra móibíleach Státchistithe mór-athrú a áirithiú i dtéarmaí infhaighteacht, acmhainneacht, luasanna agus iomaíocht na seirbhíse móibílí, lena bhféadfar glacadh seirbhísí nuálacha nua a chothú ([76]).

110. Mar a thugtar le fios i Roinn 2.3.2, is céim ar chéim a tharlaíonn an t-aistriú chuig gach caighdeán IMT nua de ghnáth. Idir an dá chaighdeán IMT as a chéile, is ann do chórais hibrideacha incriminteacha, ar córais iad lena mbaineann feidhmíocht níos fearr de ghnáth ná mar a bhaineann lena réamhtheachtaithe. Mar shampla, bhí an córas cumarsáide ceallaí 4G LTE níos fearr ná 4G ar roinnt bealaí agus córas lena mbaineann feidhmíocht níos fearr is ea córas neamhspleách 5G ná córas spleách 5G. Mar an gcéanna, rinneadh foráil maidir le hacmhainneachtaí nua i gach caighdeán IMT nua ([77]). Cé go soláthraíonn gach caighdeán IMT seirbhísí gutha móibíleacha, ní féidir ach leis na caighdeáin IMT is nuaí seirbhísí leathanbhanda móibíleacha feidhmíochta a sholáthar, lena n-áirítear aga folaigh níos ísle agus acmhainneachtaí tarchurtha níos airde.

111. Toisc go mbíonn tuilleadh acmhainneachta riachtanach chun cumais nua a sholáthar, bíonn minicíochtaí nua riachtanach le haghaidh caighdeáin nua IMT freisin. Toisc gurb acmhainn thearc iad minicíochtaí, déantar leithdháileadh na minicíochtaí sin san Aontas ar bhonn ceantála nó nósanna imeachta roghnúcháin iomaíocha eile agus bíonn sé faoi réir táillí. I gcás ina gcuirfear caighdeán IMT chun feidhme de thoradh an phróisis chun speictrim a leithdháileadh, bíonn coinne leis go soláthróidh na líonraí móibíleacha a bhaineann úsáid as an teicneolaíocht sin cumais nua shuntasacha i gcomparáid le líonraí móibíleacha atá ann cheana. Ní bhíonn soláthraithe seirbhíse toilteanach glacadh le réamhchostais shuntasacha chun cearta nua úsáide speictrim a fháil lena dtacaítear le caighdeán IMT nua ach amháin más rud é go mbíonn coinne acu leis go mbeidh cumais níos fearr ag baint leis an gcaighdeán IMT nua sin lenar féidir leo fháil ar an a n-infheistíocht le himeacht ama. Ar an mbonn sin, ghlac an Coimisiún leis gur mór-athrú é tréithe breise na líonraí 4G i gcomparáid leis na glúnta a bhí ann roimhe ([78]). Ar an gcaoi chéanna, bíonn cumais fheidhmiúla bhreise ag líonraí 5G de ghnáth, agus go háirithe ag líonraí neamhspleácha 5G, amhail aga folaigh shár-íseal, iontaofacht ard agus an fhéidearthacht cuid den líonra a fhorchoimeád d'úsáid ar leith agus cáilíocht áirithe seirbhíse a ráthú. Ligfear leis na gnéithe sin do líonraí 5G, agus go háirithe do líonraí neamhspleácha 5G tacú le seirbhísí nua (mar shampla, faireachán sláinte agus seirbhísí éigeandála, rialú fíor-ama ar innill mhonarchana, greillí cliste chun fuinneamh in-athnuaite a bhainistiú, soghluaisteacht nasctha agus uathoibrithe, beacht-bhrath lochtanna agus idirghabháil thapa), ar an gcaoi sin, áirithítear mór-athrú i gcomparáid leis na glúnta móibíleacha roimhe sin eile. Tá coinne leis go soláthróidh teicneolaíochtaí móibíleacha na chéad ghlúine eile (amhail 6G) cumais fheabhsaithe sa todhchaí.

5.2.3.3. *Mór-athrú – Líonraí aisiompair*

112. Ní mór do líonra aisiompair Státchistithe mór-athrú a áirithiú i gcomparáid leis na líonraí atá ann cheana. Déantar mór-athrú a áirithiú má léirítear leis ann líonra aisiompair cistithe, de thoradh na hidirghabhála Stáit, infheistíocht shuntasach i mbonneagar aisiompair agus má fhreastalaíonn sé ar riachtanais líonraí rochtana fosaithe nó móibíleacha agus na riachtanais sin ag méadú. Is féidir gurb amhlaidh an cás i gcás ina bhfuil líonra aisiompair Státchistithe bunaithe ar shnáithín ná ar theicneolaíochtaí eile atá in ann an leibhéal feidhmíochta céanna a sholáthar agus a sholáthraítear le snáithíní, i gcodarsnacht leis na líonraí atá ann cheana. I gcás ina bhfuil na líonraí atá ann cheana bunaithe ar shnáithín nó ar theicneolaíochtaí lena mbaineann an fheidhmíocht chéanna, féadfar mór-athrú a bhaint amach trí thoisiúchán iomchuí ar an acmhainneacht aisiompair, acmhainneacht a bhíonn ag brath ar an gcás sonrach atá ag forbairt sna sprioclimistéir.

113. Má chumhdaítear idir líonraí aisiompair agus rochtana (fosaithe nó móibíleacha) le hidirghabháil Stáit, ní mór don líonra aisiompair a thoisiú ar bhealach ar féidir leis freastal ar riachtanais na líonraí rochtana.

114. Ba cheart do na Ballstáit na teicneolaíochtaí is oiriúnaí a roghnú, i gcomhréir le prionsabal na neodrachta teicneolaí, ag cur saintréithe agus riachtanais na sprioclimistéar san áireamh, go háirithe i gcás nach bhfuil líonraí bunaithe ar shnáithín ná líonraí ag a bhfuil feidhmíocht chomhchosúil inmharthana go teicniúil ná go heacnamaíoch.

([76]) Féadfar soláthar seirbhísí nua a áireamh leis sin nárbh indéanta iad d'uireasa na hidirghabhála Stáit, amhail soghluaisteacht nasctha agus uathoibrithe.

([77]) Féach fonóta 27 freisin.

([78]) Féach, mar shampla, Cinneadh C(2020) 8939 final ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2020, cás SA.54684 – An Ghearmáin – Leathadh amach bonneagair mhóibíligh ardacmhainne in Brandenburg (IO C 60, 19.2.2021, lch. 2).

5.2.4. ***Comhréireacht na cabhrach***

115. Is gá go léireodh na Ballstáit go bhfuil an chabhair comhréireach leis an bhfadhb a bhfuiltear ag dul i ngleic léi. Ní mór dóibh a léiriú go bunúsach nach bhfaighfí an t-athrú céanna ar iompraíocht gan an oiread státchabhrach ná saobhadh. Meastar go bhfuil cabhair comhréireach más rud é go bhfuil suim na cabhrach teoranta don íosmhéid is gá agus go n-íoslaghdaítear an saobhadh féideartha ar an iomaíocht, i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach sa Roinn seo.

5.2.4.1. *Nós imeachta roghnúcháin iomaíoch*

116. Meastar go bhfuil Státchabhair comhréireach más rud é go bhfuil an méid teoranta don íosmhéid is gá chun go dtarlóidh an gníomhaíocht eacnamaíoch lena dtacaítear.

117. Gan dochar do na rialacha soláthair phoiblí is infheidhme, ní mór an chabhair a dheonú ar bhonn nós imeachta roghnúcháin iomaíoch a bheidh oscailte, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach i gcomhréir le prionsabail an tsoláthair phoiblí is infheidhme ([79]). Ní mór don chabhair prionsabal na neodrachta teicneolaíche a urramú freisin, mar a leagtar amach i Roinn 5.2.4.2.

118. Meastar go bhfuil Státchabhair comhréireach agus teoranta don íosmhéid is gá más rud é go ndeonaítear í trí nós imeachta roghnúcháin iomaíoch lena mealltar líon leordhóthanach rannpháirtithe. Mura bhfuil líon na rannpháirtithe nó líon na dtairiscintí incháilithe leordhóthanach, ní mór don Bhallstát an measúnú ar an tairiscint ar éirigh léi a chur ar iontaoibh iniúchóra neamhspleách (lena n-áirítear ríomh na gcostas).

119. Féadfaidh nósanna imeachta difriúla a bheith oiriúnach ag brath ar na himthosca. I gcás idirghabhálacha lena mbaineann ardleibhéal castachta teicniúla, mar shampla, féadfaidh na Ballstáit roghnú dul i mbun nós imeachta idirphlé iomaíoch le tairgeoirí féideartha, ag é d’aidhm acu an dearadh is iomchuí ar an idirghabháil a áirithiú.

120. Ní mór don Bhallstát a áirithiú go roghnófar an tairiscint ([80]) is buntáistí go heacnamaíoch. Chun na críche sin, ní mór don Bhallstát critéir dhámhachtana cháilíochtúla oibiachtúla, trédhearcacha agus neamh-idirdhealaitheacha a bhunú agus ualú coibhneasta na gcritéar ar fad a shonrú roimh ré.

121. D’fhéadfaí a áireamh leis na critéir dhámhachtana cháilíochtúla, i measc nithe eile, feidhmíocht an líonra (lena n-áirítear a shlándáil), an cumhdach geografach, cé chomh oiriúnach agus atá cur chuige teicneolaíochta don todhchaí, an tionchar a bheidh ag an réiteach beartaithe ar iomaíochas (lena n-áirítear téarmaí, coinníollacha agus praghsáil na rochtana mórdhíola) ([81]) agus costas iomlán na húinéireachta ([82]).

122. Féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh pointí tosaíochta breise a dheonú le haghaidh critéir a bhaineann le feidhmíocht aeráide agus comhshaoil an líonra ([83]), faoi seach a mhéid a bhaineann leis na saintréithe aeráidneodrachta atá aige, lena n-áirítear a lorg carbóin, agus an tionchar atá ag an líonra ar phríomhchomh-pháirteanna chaipitil nádúrtha, is iad sin an t-aer, an uisce, an talamh agus an bhithéagsúlacht. D’fhéadfadh na Ballstáit oibleagáidí a áireamh don tairgeoir roghnaithe chun bearta maolaithe comhréireacha a chur chun feidhme i gcás ina bhféadfadh an líonra tionchar diúltach a imirt ar an gcomhshaol.

([79]) Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65) agus Treoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le conarthaí lamháltais a dhámhachtain (IO L 94, 28.3.2014, lch. 1).

([80]) I gcomhréir leis na prionsabail soláthair phoiblí.

([81]) Mar shampla, ba cheart go bhfaigheadh toipeolaíochtaí líonra a cheadaíonn díchuachadh iomlán agus éifeachtach níos mó pointí tosaíochta, i bprionsabal.

([82]) Cuireann cuideachtaí costas iomlán na húinéireachta (TCO) san áireamh, mar shampla, agus iad ag iarraidh infheistíochtaí a dhéanamh i sócmhainní. Áirítear an infheistíocht tosaigh chomh maith le costais dhíreacha agus indíreacha san fhadtéarma i gcostais iomlána na húinéireachta. Cé gur féidir an méid infheistíochta tosaigh a chinneadh go héasca, is minice a lorgaíonn cuideachtaí anailís ar gach costas féideartha a thabhóidh siad chun an tsócmhainn a bhainistiú agus a choinneáil ar bun le linn a shaolré, rud a d’fhéadfadh tionchar suntasach a bheith aige ar an gcinneadh chun infheistíocht a dhéanamh.

([83]) Mar shampla, maidir le hídiú fuinnimh nó saolré na hinfheistíochta, ag tabhairt na gcritéar agus dá bhrí sin úsáid critéar “Gan Dochar Suntasach A Dhéanamh” mar a tugadh isteach sa Rialachán maidir le Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

123. I gcás ina ndeonaítear an chabhair gan nós imeachta roghnúcháin iomaíoch d'údarás poiblí chun líonra leathanbhanda a chur in úsáid agus a bhainistiú ar an leibhéal mórdhíola ([84]) go díreach, nó trí eintiteas inmheánach (samhail infheistíochta dírí), is gá don Bhallstát ar an gcaoi chéanna údar a thabhairt lena rogha líonra agus réitigh theicneolaíochta ([85]).

124. Aon lamháltas nó aon ní eile a thabharfaidh údarás poiblí nó eintiteas inmheánach den sórt sin do thríú páirtí chun an líonra a dhearadh, a thógáil nó a oibriú, ní mór é a leithdháileadh trí nós imeachta roghnúcháin iomaíoch oscailte, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach. Ní mór an nós imeachta a bheith i gcomhréir le prionsabail an tsoláthair phoiblí, a bheith bunaithe ar an tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch agus prionsabal na neodrachta teicneolaíche a urramú, gan dochar do na rialacha soláthair phoiblí is infheidhme.

5.2.4.2. *Neodracht theicneolaíoch*

125. Éilítear i bprionsabal na neodrachta teicneolaí, nár cheart d'aon idirghabháil Stáit a bheith fabhrach d'aon teicneolaíocht ar leith nó aon teicneolaíocht ar leith a eisiamh, maidir le roghnú na dtairbhithe agus soláthar na rochtana mórdhíola araon. Mar gheall gurb ann do réitigh theicneolaíochta difriúla, níor cheart go mbeadh an tairiscint fabhrach d'aon teicneolaíocht nó ardán líonra ar leith ná níor cheart don tairiscint iad a eisiamh. Ba cheart do thairgeoirí bheith i dteideal soláthar na seirbhísí a cheanglaítear a mholadh ag úsáid nó ag comhcheangal cibé teicneolaíocht a mheasann siad is oiriúnaí. Tá sé seo gan dochar don fhéidearthacht go bhféadfadh na Ballstáit an fheidhmíocht inmhianaithe a chinneadh, lena n-áirítear éifeachtúlacht fuinnimh na líonraí roimh an nós imeachta agus chun pointí tosaíochta a dheonú don réiteach teicneolaíochta nó don mheascán réiteach teicneolaíochta is oiriúnaí bunaithe ar chritéir oibiachtúla, thrédhearcacha agus neamh-idirdhealaitheacha, i gcomhréir le Roinn 5.2.4.1. Is gá go gcumasódh líonra Státchistithe rochtain faoi choinníollacha córa agus neamh-idirdhealaitheacha chuig gach cuardaitheoir rochtana gan beann ar an teicneolaíocht a úsáidtear.

5.2.4.3. *Úsáid bonneagair atá ann cheana*

126. Tá úsáid an bhonneagair atá ann cheana ar cheann de na príomhthosca a d'fhéadfadh cur le laghdú an chostais a bhaineann le líonra nua leathanbhanda a chur in úsáid agus teorainn a chur leis an tionchar diúltach ar an gcomhshaol.

127. Ba cheart do na Ballstáit gnóthais atá toilteanach a bheith rannpháirteach i nós imeachta roghnúcháin iomaíoch a spreagadh chun aon bhonneagar atá ann agus ar fáil cheana féin a úsáid. Ba cheart do na Ballstáit na gnóthais sin a spreagadh freisin chun faisnéis mhionsonraithe a sholáthar maidir leis na bonneagair atá ann cheana agus atá faoi úinéireacht nó faoi rialú acu ([86]) sa limistéar idirghabhála beartaithe. Ba cheart an fhaisnéis sin a sholáthar in am trátha ionas go gcuirfear san áireamh í agus na tairiscintí á n-ullmhú. Nuair is comhréireach, agus méid an limistéir idirghabhála, ullmhacht na faisnéise agus an t-am atá ar fáil á gcur san áireamh i measc tosca eile, ba cheart do na Ballstáit soláthar na faisnéise sin a bheith ina choinníoll le haghaidh rannpháirtíochta sa nós imeachta roghnúcháin ([87]). D'fhéadfaí an méid a leanas a áireamh leis an bhfaisnéis sin, go háirithe: (a) suíomh agus bealach an bhonneagair; (b) cineál agus úsáid reatha an bhonneagair; (c) pointe teagmhála agus (d) nuair atá fáil orthu ([88]), na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann lena úsáid.

([84]) D'fhéadfaí a cheadú do thairbhí na cabhrach seirbhísí miondíola a sholáthar mar "mhiondíoltóir na rogha deiridh" i gcás nach n-áirithíonn an margadh soláthar seirbhísí den sórt sin. Féach Cinneadh C(2019) 8069 final ón gCoimisiún an 15 Samhain 2019, cás SA.54472 (2019/N) – Éire – Plean Náisiúnta Leathanbhanda (IO C 7, 10.1.2020, lch. 1).

([85]) Féach Cinneadh C(2018) 6613 final ón gCoimisiún an 12 Deireadh Fómhair 2018, cás SA.49614 (2018/N) – An Liotuáin – Forbairt Bhonneagair Rochtana den Chéad Ghlúin Eile – RAIN 3 (IO C 424, 23.11.2018, lch. 8); Cinneadh C(2016) 3931 final ón gCoimisiún an 30 Meitheamh 2016, cás SA.41647 – An Iodáil – Strategia Banda Ultralarga (IO C 258, 15.7.2016, lch. 4); Cinneadh C(2019) 6098 final ón gCoimisiún an 20 Lúnasa 2019, cás SA.52224 – An Ostair – Tionscadal Leathanbhanda in Carinthia (IO C 381, 8.11.2019, lch. 7).

([86]) Bonneagar a bhfuil sé de cheart acu rochtain a thabhairt do thríú páirtithe air.

([87]) Féach Cinneadh ón gCoimisiún i gcás SA. 40720 (2016/N) maidir leis an Scéim Náisiúnta Leathanbhanda don Ríocht Aontaithe don tréimhse 2016-2020 (IO C 323, 2.9.2016, lch. 2), aithrisí 115 agus 116, nuair a chuir údaráis na Ríochta Aontaithe de cheangal ar gach tairgeoir glacadh le Cód Iompair. Áiríodh sa Chód Iompair caighdeáin maidir leis na nithe seo a leanas: (i) leibhéal mionsonraithe na faisnéise ba cheart a chur ar fáil; (ii) na tréimhsí ama ina mbeidh an fhaisnéis le soláthar; (iii) téarmaí inghlactha comhaontaithe neamhnochta; agus (iv) an oibleagáid an bonneagar a chur ar fáil lena úsáid i dtairiscintí eile. Tairgeoirí nach gcomhlíonann téarmaí an Chóid Iompair, d'eisiafaí iad ón soláthar.

([88]) D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh go háirithe i gcás ina bhfuil téarma agus coinníollacha den sórt sin ann cheana mar thoradh ar oibleagáidí rialála arna bhforchur ag údaráis rialála náisiúnta nó ag údaráis inniúla eile faoi Theoir (AE) 2018/1972, nuair a fhoráiltear do rochtain i gCinneadh maidir le Státchabhair roimhe sin nó nuair atá tairiscint mhórdhíola tráchtála ar fáil.

128. An fhaisnéis uile atá ar fáil do na Ballstáit ([89]) maidir leis an mbonneagar atá ann cheana a d'fhéadfaí a úsáid chun líonraí leathanbhanda a leathadh amach sa limistéar idirghabhála, ní mór do na Ballstáit an fhaisnéis sin a chur ar fáil. Moltar do na Ballstáit brath ar an bPointe Faisnéise Aonair a bunaíodh de bhun Airteagal 4(2) de Threoir 2014/61/AE.

5.2.4.4. *Rochtain mhórdhíola*

129. Is coinníoll fíor-riachtanach d'aon bheart Státchabhrach é rochtain éifeachtach mhórdhíola do thríú páirtithe ar líonraí cistithe. Go háirithe, cuireann rochtain mhórdhíola ar chumas gnóthais tríú páirtí dul in iomaíocht leis an tairgeoir roghnaithe, dá bhrí sin ag láidriú rogha agus iomaíochta sna réimsí a chumhdaítear leis an mbeart. Le rochtain mhórdhíola seachnaítear cruthú monaplachtaí seirbhíse réigiúnacha freisin. Trí chumasú d'iomaíocht forbairt sa sprioclimistéar, áirithíonn sé freisin go bhforbraítear an margadh sa limistéar sin san fhadtéarma. Níl an rochtain sin ag brath ar anailís mhargaidh roimh ré de réir bhrí Chaibidil III de Threoir (AE) 2018/1972. Mar sin féin, ba cheart don chineál oibleagáidí rochtana mórdhíola a fhorchuirtear ar líonra Státchistithe an phunann oibleagáidí rochtana a leagtar amach faoi rialacha earnála a chur san áireamh. Mar sin féin, ós rud é nach bhfuil tairbhithe na cabhrach ag úsáid a n-acmhainní féin amháin ach go n-úsáideann siad cistí poiblí chun an líonra a chur in úsáid, ba cheart do dóibh réimse níos leithne táirgí rochtana mórdhíola a sholáthar ná mar a fhorchuireann na hÚdaráis Rialála Náisiúnta ar ghnóthais a bhfuil cumhacht mhargaidh shuntasach acu. Ba cheart rochtain mhórdhíola den sórt sin a dheonú a luaithe agus is féidir sula dtosaítear ag soláthar na seirbhísí ábhartha agus, i gcás ina bhfuil sé beartaithe ag an oibreoir líonra seirbhísí miondíola a sholáthar freisin, ar a laghad 6 mhí roimh na seirbhísí miondíola sin a sheoladh.

130. Is gá go dtairgfeadh an líonra Státchistithe rochtain éifeachtach faoi choinníollacha córa agus neamh-idirdhealaitheacha do ghnóthais. B'fhéidir go dtabharfadh sé seo uasghrádú agus acmhainneacht mhéadaithe an bhonneagair atá ann cheana le fios i gcás inar gá mar aon le cur in úsáid bonneagair nua leordhóthanaigh (mar shampla, duchtanna sách mór le freastal ar líon leordhóthanach líonraí agus toipeolaíochtaí líonra difriúla) ([90]).

131. Ní mór do na Ballstáit na téarmaí agus coinníollacha agus na praghsanna le haghaidh na táirgí rochtana mórdhíola a chur in iúl sna doiciméid a bhaineann leis an nós imeachta roghnúcháin iomaíoch agus ní mór dóibh an fhaisnéis sin a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin cuimsitheach, ar leibhéal náisiúnta nó réigiúnach. Ba cheart cead a bheith ag an bpobal i gcoitinne rochtain a fháil ar an suíomh gréasáin gan aon srian, lena n-áirítear clárú úsáideora roimh ré.

132. Chun go mbeidh an rochtain mhórdhíola éifeachtach agus chun go mbeidh an cuardaitheoir rochtana in ann a sheirbhísí a sholáthar freisin, ní mór rochtain mhórdhíola a thabhairt ar chodanna den líonra nach bhfuil Státchistithe nó a d'fhéadfadh nár chuir tairbhí na cabhrach in úsáid iad ([91]).

5.2.4.4.1. Téarmaí agus coinníollacha maidir le rochtain mhórdhíola

133. Ní mór rochtain mhórdhíola a dheonú ar feadh 10 mbliana ar a laghad le haghaidh gach táirge gníomhach seachas rochtain díchuachta fhíorúil ("VULA").

134. Ní mór rochtain bunaithe ar VULA a dheonú ar feadh tréimhse ama atá cothrom le saolré an bhonneagair dá bhfuil VULA mar ionadaí ([92]).

([89]) D'fhéadfadh rochtain ar an bhfaisnéis sin a bheith teoranta de réir na rialacha is infheidhme. Mar shampla, féadfar rochtain ar fhaisnéis a bhaineann le bonneagar fisiciúil faoi Threoir 2014/61/AE a theorannú ar chúiseanna slándála agus sláine líonraí, na slándála náisiúnta, sláinte nó sábháilteachta poiblí, rúndachta nó rúin ghnó.

([90]) D'fhéadfaí a áireamh air seo, ag brath ar an gcineál idirghabhála: duchtanna de mhéid leormhaith, dóthain snáithíní optúla dorcha, cineál agus uasghrádú cuaillí, crann, túr, cineál agus méid caibinéad sráide chun díchuachadh éifeachtach a sholáthar etc. Féach Cinneadh C(2016) 3208 final ón gCoimisiún an 26 Bealtaine 2016, cás SA 40720 (2016/N) – An Ríocht Aontaithe – Seachadadh Leathanbhanda RA (IO C 323, 2.9.2016, lch. 2) agus Cinneadh C(2019) 8069 final ón gCoimisiún an 15 Samhain 2019, cás SA.54472 (2019/N) – Éire – An Plean Náisiúnta Leathanbhanda (IO C 7, 10.1.2020, lch. 1).

([91]) Mar shampla tuigtear le rochtain éifeachtach go ndeonaítear rochtain mhórdhíola leordhóthanach ar threalamh gníomhach fiú má chistítear bonneagar amháin.

([92]) Sa chás áirithe seo, tá VULA ina ionadaí le haghaidh díchuachadh fisiciúil bonneagar nua, tá feidhm leis na rialacha céanna atá i gceist maidir le bonneagar nua.

135. Ní mór rochtain ar bhonneagar nua (amhail duchtanna, cuaillí, caibinéid nó snáithín optúil dorcha) a dheonú ar feadh shaolré na gné líonra lena mbaineann ([93]). Má dheonaítear Státchabhair le haghaidh bonneagar nua, ní mór don bhonneagar a bheith sách mór chun freastal ar éileamh reatha agus ar éileamh méadaithe na gcuardaitheoirí rochtana ([94]). Tá sé sin comhlántach agus gan dochar do na hoibleagáidí a bhféadfaidh an tÚdarás Rialála Náisiúnta a fhorchur.

136. Ní mór do na Ballstáit dul i gcomhairle leis na hÚdarás Rialála Náisiúnta maidir le táirgí, coinníollacha agus praghsáil. Spreagtar na hÚdaráis Rialála Náisiúnta chun treoraíocht a sholáthar, mar a leagtar amach i Roinn 5.2.4.6.

137. Ní mór feidhm a bheith ag na coinníollacha rochtana céanna maidir leis an líonra Státchistithe iomlán, lena n-áirítear na codanna den líonra inar úsáideadh bonneagair atá ann cheana. Ní mór na hoibleagáidí rochtana a fhorfheidhmiú gan beann ar aon athrú ar úinéireacht, bainistíocht nó oibriú an líonra Státchistithe.

138. Más rud é go bhfuil siad ag úsáid a n-acmhainní féin, is féidir le tairbhí na cabhrach nó na cuardaitheoirí rochtana a cheanglaíonn leis an líonra Státchistithe cinneadh a dhéanamh a gcuid líonraí a shíneadh chuig limistéir chóngaracha lasmuigh den sprioclimistéar. Féadfaidh cuardaitheoirí rochtana síntí den sórt sin a dhéanamh ar bhonn na n-oibleagáidí rochtana mórdhíola. Mura bhfuil siad nasctha le tairbhí na cabhrach, níl aon teorainn ar shíntí den sórt sin chuig limistéir chóngaracha. Meastar nach bhfuil iarrthóir rochtana nasctha le tairbhí na cabhrach mura bhfuil siad mar chuid den ghrúpa céanna agus mura bhfuil siad rannpháirteach ina ngnóthais féin. Féadfar síntí ag tairbhithe na cabhrach a cheadú faoi réir na gcosaintí carnacha seo a leanas:

(a) agus comhairliúchán poiblí á dhéanamh (féach Roinn 5.2.2.4.2), ní mór don Bhallstát a léiriú go gceadaítear síntí príobháideacha ag céim níos déanaí agus faisnéise fhónta a chur ar fáil maidir le cumhdach féideartha na síntí sin;

(b) ní féidir síntí chuig limistéir chóngaracha a dhéanamh ach 2 bhliain tar éis don líonra Státchistithe teacht i bhfeidhm, i gcás ina dtarlaíonn ceann amháin de na cásanna a leanas:

(i) sa chomhairliúchán poiblí, léiríonn páirtithe leasmhara go mbeadh riosca ann go rachadh an síneadh beartaithe isteach i limistéar cóngarach a fhreastalaíonn dhá líonra neamhspleácha ar a laghad air cheanna féin ag soláthar luasanna atá inchomparáide le luasanna an líonra Státchistithe;

(ii) tá líonra amháin ar a laghad sa limistéar máguaird a sholáthraíonn luasanna atá inchomparáide le luasanna an líonra Státchisithe a tháinig i bhfeidhm níos lú ná 5 bliana roimh an líonra Státchistithe ([95]).

139. Má léirítear i dtorthaí an chomhairliúcháin phoiblí fianaise ar rioscaí de shaobhadh suntasach iomaíochta eile, ní mór síntí ag tairbhí na cabhrach a thoirmeasc.

### 5.2.4.4.2. Táirgí rochtana mórdhíola

#### 5.2.4.4.2.1. Líonraí rochtana fosaithe arna gcur in úsáid i limistéir bhána

140. Ní mór don líonra Státchistithe rochtain sruth giotán, rochtain ar shnáithín dhorcha agus rochtain ar bhonneagar a sholáthar, lena n-áirítear caibinéid sráide, cuaillí, crainn, túir agus duchtanna.

141. Anuas air sin, ní mór do na Ballstáit a áirithiú go soláthraíonn an líonra Státchistithe díchuachadh fisiciúil nó VULA. Chun a bheith measta mar tháirge rochtana mórdhíola oiriúnach, ní mór d'aon táirge VULA a bheith formheasta ag an Údarás Rialála Náisiúnta nó ag údarás inniúil eile roimh ré.

([93]) Féach Cinneadh C(2019) 8069 final ón gCoimisiún an 15 Samhain 2019, cás SA.54472 (2019/N) – Éire – Plean Náisiúnta Leathanbhanda (IO C 7, 10.1.2020, lch. 1). Cibé uair a chinneann an faighteoir cabhrach an bonneagar a uasghrádú nó a ionadú roimh dheireadh shaolré an bhonneagair dá dtugtar cabhair, beidh ar an bhfaighteoir cabhrach leanúint ar aghaidh ag tabhairt rochtana don bhonneagar nua ar feadh na tréimhse iomláine a bheartaítear don bhonneagar bunaidh.

([94]) Mar shampla, ag brath ar shainiúlacht an líonra, i gcás ina dtógtar duchtanna nua chun snáithín a óstáil, ba cheart dóibh freastal ar 3 chábla neamhspleácha ar a laghad agus gach ceann de na cáblaí sin ag óstáil roinnt snáithíní agus dá bhrí sin a bheith in ann freastal ar roinnt gnóthas. I gcás ina bhfuil srianta acmhainneachta ar an mbonneagar atá ann cheana agus nach féidir leis rochtain a sholáthar ar thrí chábla snáithín neamhspleácha ar a laghad, bunaithe ar an bprionsabal "tús freastail ar an gceann is túisce", ba cheart d'oibreoir an líonra Státchistithe 50 % ar a laghad den acmhainneacht (go háirithe snáithíní optúla dorcha) a chur ar fáil do chuardaitheoirí rochtana.

([95]) Tá feidhm leis na rialacha sin freisin i gcás naisc le líonraí aisiompair Státchistithe nó i gcás líonra móibíleach Státchistithe a úsáidtear ina dhiaidh sin chun seirbhísí rochtana fosaithe gan sreang a sholáthar i limistéir atá cumhdaithe ag líonra fosaithe cheana féin.

5.2.4.4.2.2. Líonraí rochtana fosaithe arna gcur in úsáid i limistéir liatha agus dhubha

142. Ní mór don líonra Státchistithe a méid a leanas a sholáthar ar a laghad (a) na táirgí rochtana mórdhíola ar a dtugtar tuairisc i mír 140; agus (b) díchuachadh fisiciúil.

143. Féadfaidh na Ballstáit é a mheas oiriúnach gan soláthar díchuachta fhisiciúil a fhorchur agus soláthar VULA a éileamh seachas sin. Sa chás sin, ní mór do na Ballstáit a léiriú go bhfuil sé de rún acu maolú a dheonú ón oibleagáid chun díchuachadh fisiciúil a sholáthar agus cúiseanna leis an rogha sin a sholáthar sa chomhairliúchán poiblí. Ní mór do na Ballstáit a léiriú nach mbaineann riosca go ndéanfaí iomaíocht a shaobhadh ar bhealach míchuí le soláthar VULA a chur in ionad soláthar díchuachta fhisiciúil, ag cur toradh an chomhairliúcháin phoiblí agus saintréithe an mhargadh agus an limistéir lena mbaineann san áireamh ([96]). Ar an mbonn sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú cé acu a áirithítear nó nach n-áirithítear go bhfuil an chabhair comhréireach i gcás ina soláthraítear VULA seachas díchuachta fhisiciúil.

5.2.4.4.2.3. Líonraí rochtana móibíleacha

144. Ní mór don líonra Státchistithe sraith réasúnach táirgí rochtana mórdhíola a sholáthar, ag cur saintréithe an mhargaidh san áireamh, chun rochtain éifeachtach ar an líonra fóirdheonaithe a áirithiú. Áirítear leis sin fánaíocht ar a laghad, agus rochtain ar chuaillí, crainn, túir agus duchtanna. A luaithe agus atá siad ar fáil, beidh ar an líonra Státchistithe an rochtain is gá a sholáthar ar na táirgí chun na gnéithe níos casta ([97]) de líonraí móibíleacha a shaothrú, amhail 5G agus glúnta de líonraí móibíleacha amach anseo ([98]).

5.2.4.4.2.4. Líonraí aisiompair

145. Ní mór don líonra Státchistithe seirbhís ghníomhach amháin ar a laghad agus rochtain ar chuaillí, crainn, túir, duchtanna agus snáithíní optúla dorcha a áirithiú.

146. Ní mór do na Ballstáit foráil a dhéanamh do chur in úsáid acmhainne leordhóthanaí le haghaidh bonneagar nua (mar shampla, duchtanna atá mór go leor chun freastal ar chur in úsáid snáithín chun freastal ar riachtanais ionchasacha na gcuardaitheoirí rochtana uile) más gá chun rochtain éifeachtach a áirithiú faoi choinníollacha cothroma agus neamh-idirdhealaitheacha.

5.2.4.4.3. Rochtain mhórdhíola ar bhonn éilimh réasúnta

147. Mar eisceacht ar na coinníollacha a leagtar síos i Roinn 5.2.4.4.2, féadfaidh na Ballstáit soláthar táirgí rochtana mórdhíola a theorannú do chásanna éilimh réasúnta ó chuardaitheoir rochtana amháin, i gcás ina méadódh soláthar táirgí den sórt sin costais infheistíochta go díréireach gan tairbhí suntasacha a chur ar fáil i dtéarmaí iomaíochas méadaithe.

148. Ionas go bhféadfaidh an Coimisiún eisceacht den sórt sin a fhormheas, ní mór do na Ballstáit bonn cirt a sholáthar ar bhonn shaintréithe na hidirghabhála sonraí sin. Ba cheart don mhéid sin a bheith bunaithe ar chritéir dea-réasúnaithe agus oibiachtúla, amhail dlús daonra íseal na limistéar lena mbaineann, méid an sprioclimistéir, méid na hidirghabhála Stáit nó méid thairbhithe na cabhrach ([99]). Ní mór don Bhallstát a léiriú, i gcás gach táirge rochtana nach gcuirfear ar fáil, go mbeadh méadú díréireach ar na costais a bhaineann leis an idirghabháil mar thoradh ar an táirge sin a chur ar fáil, ar bhonn ríomhanna costais mionsonraithe agus oibiachtúla.

([96]) D'fhéadfadh saintréithe den sórt sin a bheith ag baint leis an rialáil *ex ante* is infheidhme i margaí cumarsáide leictreonaí, samhail ghnó na n-oibreoirí atá ar an margadh (oibreoirí mórdhíola amháin nó soláthraithe seirbhísí leathanbhanda atá comhtháite go hingearach), méid an tionscadail idirghabhála Státchabhrach, úsáid díchuachta fhisiciúil sna Ballstáit lena mbaineann, etc.

([97]) Amhail Líonra Rochtana Iloibreora (MORAN), Croí-líonra Iloibreora (MOCN), slisniú líonra.

([98]) Agus an chabhair á deonú, ní mór do na Ballstáit a áirithiú gur féidir le crainn agus túir rochtain den sórt sin a dheonú, ag cur struchtúr an mhargaidh faoi láthair agus an bealach ina bhforbróidh an struchtúr sin san áireamh.

([99]) Mar shampla, féach Cinneadh C(2011) 7285 final ón gCoimisiún an 19 Deireadh Fómhair 2011, cás N 330/2010 – An Fhrainc – Clár náisiúnta "Très Haut Débit " - Volet B (IO C 364, 14.12.2011, lch. 2) agus Cinneadh C(2012) 8223 final ón gCoimisiún an 20 Samhain 2012, cás SA.33671 (2012/N) – An Ríocht Aontaithe – Scéim Náisiúnta Leathanbhanda don RA – Seachadadh Leathanbhanda RA (IO C 16, 19.1.2013, lch. 2).

149. Meastar éileamh an chuardaitheora a bheith réasúnach (a) má sholáthraíonn an cuardaitheoir rochtana plean gnó ina dtugtar údar le forbairt an táirge ar an líonra Státchistithe; agus (b) mura dtairgeann gnóthas eile aon táirge rochtana inchomparáide faoi láthair sa limistéar tíreolaíoch céanna ag praghsanna comhionanna leo sin i limistéir ina bhfuil daonra níos dlúithe ([100]).

150. Má tá iarraidh ar rochtain réasúnach, ba cheart do thairbhí na cabhrach íoc as an gcostas breise a bhaineann le freastal ar an iarraidh ar rochtain.

5.2.4.4.4. Praghsáil rochtana mórdhíola

151. Agus praghsanna á socrú le haghaidh táirgí rochtana mórdhíola, ní mór do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil an praghas rochtana mórdhíola le haghaidh gach táirge bunaithe ar cheann de na tagarmharcanna agus na prionsabail phraghsála a leanas:

(a) na meánphraghsanna mórdhíola foilsithe atá i réim i limistéir eile inchomparáide agus níos iomaíche den Bhallstát nó den Aontas;

(b) na praghsanna rialáilte atá socraithe nó formheasta ag an Údarás Rialála Náisiúnta cheana le haghaidh na margaí agus na seirbhísí lena mbaineann;

(c) treoshuíomh costas nó modheolaíocht sainordaithe i gcomhréir leis an gcreat rialála earnála.

152. Ní mór dul i gcomhairle leis an Údarás Rialála Náisiúnta maidir le táirgí rochtana mórdhíola agus na téarmaí agus na coinníollacha le haghaidh rochtain mórdhíola, lena n-áirítear maidir le praghsanna agus maidir le díospóidí lena mbaineann, mar a leagtar amach i Roinn 5.2.4.6.

5.2.4.4.5. Sásra aisghlámtha

153. Is minic a leagtar méid na cabhrach le haghaidh idirghabhálacha Stáit a thacaíonn le líonra fosaithe agus móibíleach a chur in úsáid ar bhonn *ex ante* chun an bhearna cistithe a bhfuil coinne léi a chumhdach le linn shaolré an bhonneagair dá dtugtar cabhair.

154. Sa chás sin, ós rud é go bhfuil na costais agus an t-ioncam a bheidh ann amach anseo éiginnte go ginearálta, ba cheart do na Ballstáit dlúthfhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme gach tionscadail Státchistithe ([101]) ar feadh shaolré iomlán an bhonneagair dá dtugtar cabhair agus foráil a dhéanamh maidir le sásra aisghlámtha. Leis an sásra sin is féidir faisnéis nach raibh tairbhí na cabhrach in ann a chur sa phlean gnó bunaidh agus é ag cur isteach ar Státchabhair a chur san áireamh i gceart. Is iad na tosca a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do bhrabúsacht an tionscadail agus a d'fhéadfadh a bheith deacair, nó dodhéanta fiú, chun *ex ante* a bhunú le cruinneas leordhóthanach, mar shampla: (a) na costais iarbhír a bhaineann le cur in úsáid an líonra; (b) an t-ioncam iarbhír ó na príomhsheirbhísí; (c) an glacadh iarbhír; agus (d) an ioncam iarbhír ó sheirbhísí nach "príomhsheirbhísí" iad ([102]).

155. Ní mór do na Ballstáit sásra aisghlámtha a chur chun feidhme ar feadh shaolré iomlán an bhonneagair dá dtugtar cabhair má bhíonn méid na cabhrach níos mó ná EUR 10 milliún. Ní mór do na Ballstáit rialacha an tsásra sin a leagan amach go trédhearcach agus go soiléir sa doiciméadacht maidir leis an nós imeachta roghnúcháin iomaíoch.

156. Níl aisghlámadh riachtanach i gcás ina ndéantar an tionscadal trí bhíthin na samhla infheistíochta dírí ina dtógann agus ina n-oibríonn údarás poiblí líonra mórdhíola amháin faoi úinéireacht phoiblí díreach ar mhaithe le rochtain chóir agus neamh-idirdhealaitheach a dheonú do gach gnóthas ([103]).

([100]) D'fhéadfadh an Coimisiún glacadh le coinníollacha eile mar chuid den anailís chomhréireachta i bhfianaise shaintréithe an cháis agus an cleachtadh cothromaíochta foriomlán. Féach mar shampla, Cinneadh C(2011) 7285 final ón gCoimisiún an 19 Deireadh Fómhair 2011, cás N 330/2010 – An Fhrainc – Clár náisiúnta "Très Haut Débit " - Volet B (IO C 364, 14.12.2011, lch. 2) agus Cinneadh C(2012) 8223 final ón gCoimisiún an 20 Samhain 2012, cás SA.33671 (2012/N) – An Ríocht Aontaithe – Scéim Náisiúnta Leathanbhanda don RA – Seachadadh Leathanbhanda RA (IO C 16, 19.1.2013, lch. 2). Má chomhlíontar na coinníollacha, ba cheart rochtain a dheonú laistigh de thréimhse is gnách don mhargadh áirithe. I gcás aon choimhlinte, ba cheart don údarás deonúcháin comhairle a iarraidh ar NRA nó ar chomhlacht inniúil náisiúnta eile.

([101]) Áirítear leis sin deontais cabhrach aonair faoi scéim Státchabhrach.

([102]) Mar shampla, d'fhéadfadh sásra aisghlámtha cabhrú chun brabúis atá níos airde ná mar a mbeifí ag súil leo go réasúnach a aisghabháil, mar shampla de bharr: (i) glacadh níos airde ná mar a tuaradh ar tháirgí leathanbhanda as a n-éireoidh brabúis bhreise agus bearna infheistíochta níos lú; agus (ii) ioncaim níos airde ná mar a tuaradh ar tháirgí nach táirgí leathanbhanda iad as a n-éireoidh brabúis bhreise agus bearna infheistíochta níos lú (ioncaim ó tháirgí nua rochtana mórdhíola, mar shampla). Féach Cinneadh C(2016) 3208 final ón gCoimisiún an 26 Bealtaine 2016, cás SA 40720 (2016/N) – An Ríocht Aontaithe – Seachadadh Leathanbhanda RA (IO C 323, 2.9.2016, lch. 2).

([103]) D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le sásra aisghlámtha i gcásanna eile, amhail samhlacha áirithe úinéireachta poiblí. Féach mar shampla Cinneadh C(2016) 3208 final ón gCoimisiún an 26 Bealtaine 2016, cás SA 40720 (2016/N) – An Ríocht Aontaithe – Seachadadh Leathanbhanda RA (IO C 323, 2.9.2016, lch. 2).

157. Toisc go bhféadfadh tosca éagsúla tionchar dearfach nó diúltach a imirt ar phlean gnó thairbhí na cabhrach, ba cheart an sásra aisghlámtha a dhearadh ar bhealach ina ndéantar dhá chuspóir san a mheas agus ina gcothromaítear iad: (a) ba cheart go gceadódh sé don Bhallstát méideanna a sháraíonn brabús réasúnach a aisghabháil ([104]); (b) níor cheart dó na dreasachtaí do ghnóthais a bheith rannpháirteach i nós imeachta roghnúcháin iomaíoch a chur i mbaol ([105]) agus féachaint le héifeachtúlachtaí costais (gnóthachain éifeachtúlachta) a bhaint amach nuair atá an líonra á chur ar fáil. Chun cothromaíocht mhaith a bhaint amach idir an dá chuspóir, ba cheart do na Ballstáit critéir dhreasachta a bhaineann le héifeachtúlacht a thabhairt isteach ([106]).

158. Ní mór an méid dreasachta a shocrú ag uasmhéid 30 % den bhrabús réasúnach. Níor cheart go ndéanfadh na Ballstáit aisghlámadh ar aon bhrabús breise atá cothrom leis an tairseach sin nó faoina bun (is é sin le rá, an brabús réasúnach arna mhéadú faoin méid dreasachta ([107])). Ní mór aon bhrabús os cionn na tairsí a roinnt idir tairbhí na cabhrach agus an Ballstát, ar bhonn déine na cabhrach a thagann as toradh an nós imeachta roghnúcháin iomaíoch ([108]).

159. Ní mór brabúis ó idirbhearta eile a bhaineann leis an líonra Státchistithe a chur san áireamh freisin i sásraí aisghlámtha. Mar shampla, i gcás ina mbunaítear cuideachta go sonrach chun an líonra Státchistithe a thógáil nó a oibriú, má dhíolann scairshealbhóir reatha sa chuideachta sin cuid dá scaireanna nó a scaireanna ar fad sa chuideachta laistigh de 7 mbliana ó chuirtear an líonra i gcrích nó laistigh de 10 mbliana ó dhámhtar an chabhair, ní mór don Bhallstát aon mhéid faoina sáraíonn fáltais ó dhíolacháin an praghas ag a bhfaigheadh an scairshealbhóir reatha brabús réasúnach a aisghabháil ([109]).

5.2.4.5. *Deighilt chuntasaíochta*

160. Chun a áirithiú go mbeidh an chabhair comhréireach fós agus nach ndéanfar róchúiteamh nó tras-fhóirdheonú ar ghníomhaíochtaí nach bhfaigheann cabhair mar thoradh uirthi, ní mór do thairbhí na cabhrach deighilt chuntasaíochta a áirithiú go sainaithneofar go soiléir na costais a bhaineann leis an gcur in úsáid agus leis an oibríocht agus na hioncaim ó shaothrú an líonra arna chur in úsáid le cistiú Stáit.

5.2.4.6. *Ról na nÚdarás Rialála Náisiúnta, na nÚdarás Iomaíochta Náisiúnta, na n-ionad náisiúnta inniúlachta agus na nOifigí Inniúlachta Leathanbhanda*

161. Tá tábhacht ar leith le ról na nÚdarás Rialála Náisiúnta i ndearadh na n-idirghabhálacha Státchabhrach is iomchuí chun tacú le líonraí leathanbhanda. Tá eolas agus saineolas teicniúil faighte ag na hÚdaráis Rialála Náisiúnta i ngeall ar an ról ríthábhachtach atá sannta dóibh leis an rialáil earnála agus is iad is fearr atá in ann tacú le húdaráis phoiblí maidir le hidirghabhálacha Stáit a dhearadh.

162. Moltar do na Ballstáit na hÚdaráis Rialála Náisiúnta a thabhairt isteach ar bhonn córasach i ndearadh, cur chun feidhme agus faireachán na n-idirghabhálacha Stáit, agus go háirithe sna gníomhaíochtaí a leanas ach gan a bheith teoranta dóibh, (a) na sprioclimistéir a shainaithint (mapáil agus comhairliúchán poiblí), (b) an measúnú ar chomhlíonadh na gceanglas mór-athraithe, agus (c) na sásraí réitithe coinbhleachta, lena n-áirítear i gcás díospóidí i ndáil le haon cheann de na gnéithe sin.

163. I bhfianaise shaineolas áirithe Údaráis Rialála Náisiúnta na margaí náisiúnta, ní mór do na Ballstáit dul i gcomhairle leis na hÚdaráis Rialála Náisiúnta, agus iad ar na daoine i fearr maidir leis an méid a leanas: (a) na táirgí rochtana mórdhíola, coinníollacha agus praghsáil (Roinn 5.2.4.4); agus (b) an bonneagar atá ann cheana atá faoi réir rialála *ex ante* (Roinn 5.2.4.3). I gcás ina bhfuil na hinniúlachtaí riachtanacha dílsithe leis an Údarás Rialála Náisiúnta le

([104]) Ba cheart glacadh leis go gciallaíonn brabús réasúnach an ráta toraidh ar chaipiteal a theastódh ó ghnáthchuideachta, agus an leibhéal riosca a bhaineann go sonrach leis an earnáil leathanbhanda agus cineál na seirbhísí arna soláthar á gcur san áireamh. Déantar ráta riachtanach an toraidh ar chaipiteal a chinneadh de ghnáth de réir meánchostas ualaithe an chaipitil ("WACC").

([105]) Braitheann an rannpháirtíocht sa nós imeachta roghnúcháin iomaíoch ar an mbrabús agus caillteanais a bhfuil coinne leo. D'fheadfadh caillteanais teacht chun cinn má bhí an tairgeoir ró-dhóchasach maidir le hioncaim thodhchaíocha ionchais a thagann as soláthar seirbhísí leathanbhanda nó má thagann costais nach raibh coinne leo chun cinn. Mar gheall nach n-aisíocann an t-údarás deonúcháin cabhrach aon chaillteanas gan choinne, d'fhéadfadh sásra aisghlámtha daingean ar bhrabúis thodhchaíocha an riosca foriomlán a mhéadú don infheisteoir agus rannpháirtíocht sa nós imeachta roghnúcháin iomaíoch a dhíspreagadh.

([106]) Níor cheart don neartú éifeachtúlachta laghdú a dhéanamh ar cháilíocht na seirbhíse a sholáthraítear.

([107]) Más ionann an brabús réasúnach agus 10 %, bheadh an t-uasmhéid dreasachta cothrom le 3 %.

([108]) Mar shampla, más 10 % an brabús réasúnta agus má chuirtear an t-uasmhéid dreasachta 3 % i bhfeidhm, níor cheart do na Ballstáit aon bhrabús nach mó ná 13 % a aisghabháil. Más é 20 % an brabús iarbhír agus más é 70 % an déine cabhrach, roinnfear an difríocht sa bhrabús ó 13 % go 20 % mar seo a leanas: 70 % don Bhallstát agus 30 % don infheisteoir leathanbhanda.

([109]) Mar shampla, i gcás ina bhfuil 40 % de scaireanna na cuideachta tairbhí faoi úinéireacht scairshealbhóra agus gurb é X glanluach láithreach (NPV) na cuideachta má úsáidtear an brabús réasúnta mar ráta lascaine, má dhíolann an scairshealbhóir a scaireanna ar mhéid iomlán Y, ní mór don Bhallstát Y-40 %*X a aisghabháil ón scairshealbhóir sin.

haghaidh rannpháirtíochta in idirghabhálacha Stáit chun líonraí leathanbhanda a chur in úsáid, ba cheart don Bhallstát tuairisc mhionsonraithe a sheoladh chuig an Údarás Rialála Náisiúnta ar bhearta cabhrach, 2 mhí ar a laghad roimh fhógra Státchabhrach chun tréimhse réasúnta a thabhairt don Údarás Rialála Náisiúnta chun a thuairim a sholáthar.

164. Agus na dea-chleachtais á gcomhlíonadh, gan dochar d'inniúlachtaí na n-Údarás Rialála Náisiúnta faoin gcreat rialála, féadfaidh na hÚdaráis Rialála Náisiúnta treoirlínte a eisiúint d'údaráis áitiúla maidir le, i measc nithe eile, anailís mhargaidh a dhéanamh agus le sainmhínithe ar tháirgí rochtana mórdhíola agus praghsáil na dtáirgí sin. Ba cheart an creat rialála agus na moltaí arna n-eisiúint ag an gCoimisiún a chur san áireamh leis na treoirlínte sin ([110]).

165. I dteannta rannpháirtíocht na nÚdarás Rialála Náisiúnta, féadfaidh na Ballstáit dul i gcomhairle le hÚdaráis Iomaíochta Náisiúnta, mar shampla, chun comhairle a fháil maidir leis an mbealach chun cothroime iomaíochta a bhunú le haghaidh gnóthas agus ionas nach mbeidh cion cistí Stáit, lena mbainfidh ardleibhéal díréireach, comharthaithe d'aon ghnóthas amháin, rud lena láidreofar staid mhargaidh (a d'fhéadfadh a bheith ceannasach cheana féin) ([111]).

166. Féadfaidh na Ballstáit na lárionaid inniúlachtaí náisiúnta amhail Oifigí Inniúlachta Leathanbhanda a bhunú agus féadfaidh siad cuidiú le húdaráis phoiblí idirghabháil Stáit a thacaíonn le líonraí leathanbhanda a chur in úsáid ([112]).

#### 5.2.5. *Trédhearcacht, tuairisciú, faireachán na cabhrach*

167. Ní mór do na Ballstáit na ceanglais maidir le trédhearcacht, tuairisciú agus faireachán a leagtar síos i Roinn 7 a chomhlíonadh.

### 5.3. **Éifeachtaí diúltacha ar iomaíocht agus ar thrádáil**

168. D'fhéadfadh sé go mbeadh éifeachtaí diúltacha ag cabhair maidir le líonraí fosaithe agus móibíleacha a chur in úsáid i dtéarmaí saobhadh margaidh agus tionchar ar thrádáil idir na Ballstáit.

169. Déanann an Coimisiún measúnú ar shuntasacht an tsaofa ar iomaíocht agus an éifeacht ar thrádáil i dtéarmaí tionchar ar iomaitheoirí agus brú amach féideartha infheistíochtaí príobháideacha. D'fheadfadh an tacaíocht phoiblí soláthraithe seirbhíse áitiúla a spreagadh freisin chun seirbhísí a thairgeann an líonra Státchistithe a úsáid seachas na seirbhísí a chuirtear ar fáil ar théarmaí an mhargaidh. Ina theannta sin, i gcás inar dóchúil gur gnóthas a bheidh i dtairbhí na cabhrach atá ceannasach cheana féin ar mhargadh nó a d'fhéadfadh éirí ceannasach mar gheall ar infheistíocht phoiblí, d'fhéadfadh an chabhair na srianta iomaíochta is féidir le hiomaitheoirí a fheidhmiú a lagú. Fiú i gcás ina bhféadfaí a mheas go bhfuil saobhadh teoranta ar leibhéal aonair, ar bhonn carnach, d'fhéadfadh ardleibhéil saofa fós a bheith mar thoradh ar scéimeanna cabhrach.

### 5.4. **Éifeachtaí dearfacha na cabhrach a ualú in aghaidh na n-éifeachtaí diúltacha ar iomaíocht agus trádáil**

170. Cothromóidh an Coimisiún éifeachtaí dearfacha na cabhrach beartaithe ar na gníomhaíochtaí eacnamaíocha lena dtacaítear lena éifeachtaí diúltacha iarbhír agus féideartha ar choinníollacha iomaíochta agus trádála. Ionas go mbeadh an Státchabhair comhoiriúnach leis an margadh inmheánach, is gá gur mó éifeachtaí dearfacha ná diúltacha a bheidh aici.

171. Ar an gcéad dul síos, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar éifeachtaí dearfacha an gcabhair ar na gníomhaíochtaí eacnamaíocha lena dtacaítear, lena n-áirítear a rannchuidiú le cuspóirí an bheartais dhigitigh. Is gá go léireodh an Ballstát, bunaithe ar anailís fhrithfhíorasach, go bhfuil éifeachtaí dearfacha ag an mbeart i gcomparáid leis an méid a bheadh tarlaithe d'uireasa na cabhrach. Mar a thugtar le fios i Roinn 5.2.1, d'fhéadfaí a áireamh le héifeachtaí

([110]) Mhéadófaí an trédhearcacht leis sin, d'éascófaí an t-ualach riaracháin ar údaráis áitiúla agus d'fhéadfaí a fhágáil leis nach mbeadh ar na hÚdaráis Rialála Náisiúnta anailís a dhéanamh ar gach cás Státchabhrach go haonarach.

([111]) Féach, mar shampla, tuairim Uimh. 12-A-02 an 17 Eanáir 2012 ó Údarás Iomaíochta na Fraince i ndáil le hiarraidh ar thuairim ó Choiste an Gheilleagair, Forbartha Inbhuanaithe agus Pleanála Réigiúnaí an tSeanaid maidir leis an gcreat le haghaidh idirghabháil údarás áitiúil i líonraí fíor-ardluais a chur in úsáid [Avis No 12-A-02 du 17 janvier 2012 de l'Autorité de la concurrence relatif à une demande d'avis de la commission de l'économie, du développement durable et de l'aménagement du territoire du Sénat concernant le cadre d'intervention des collectivités territoriales en matière de déploiement des réseaux à très haut débit].

([112]) Féach, mar shampla, Cinneadh C(2008) 6705 ón gCoimisiún an 5 Samhain 2008, cás N 237/08 – An Ghearmáin – Tacaíocht leathanbhanda in Niedersachsen (IO C 18, 24.1.2009, lch. 1); Féach mar shampla, Cinneadh C(2012) 8223 final ón gCoimisiún an 20 Samhain 2012, cás SA.33671 (2012/N) – An Ríocht Aontaithe – Scéim Náisiúnta Leathanbhanda le haghaidh na Ríochta Aontaithe - Soláthar Leathanbhanda RA (IO C 16, 19.1.2013, lch. 2) agus Cinneadh C(2016) 3208 final ón gCoimisiún an 26 Bealtaine 2016, cás SA.40720 (2016/N) – An Ríocht Aontaithe – Soláthar Leathanbhanda RA (IO C 323, 2.9.2016, lch. 2).

dearfacha chuspóirí na hidirghabhála Stáit a bhaint amach, amhail cur i bhfeidhm líonra nua ar an margadh a sheachadann acmhainneacht agus luas chomh maith le praghsanna níos ísle agus rogha níos fearr d'úsáideoirí deiridh, agus ardcháilíocht agus nuálaíocht. Bheadh tuilleadh rochtana d'úsáideoirí deiridh ar acmhainní ar líne mar thoradh air seo agus is dóchúil go spreagfadh sé méadú ar an éileamh. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh sé rannchuidiú le cur i gcrích an Mhargaidh Aonair Dhigitigh agus tabharfaidh sé tairbhí do gheilleagar an Aontais ina iomláine.

172. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh an Coimisiún a thabhairt san áireamh freisin, i gcás inarb ábhartha, cibé a thugann an chabhair aon éifeacht dhearfach eile nó nach dtugann, mar shampla feabhsúcháin ar éifeachtúlacht fuinnimh na n-oibríochtaí líonra, nó beartais an Aontais amhail an Comhaontú Glas don Eoraip.

173. Ar an dara dul síos, is gá go léireodh na Ballstáit go bhfuil éifeachtaí diúltacha teoranta don íosmhéid is gá. Agus an beart á cheapadh, agus riachtanas, oiriúnacht agus comhréireacht na chabhrach (Ranna 5.2.2, 5.2.3. agus 5.2.4) á gcur san áireamh, ba cheart do na Ballstáit, mar shampla, méid na dtionscadal, na méideanna cabhrach aonair agus carnacha, saintréithe na dtairbhithe (mar shampla an bhfuil cumhacht mhargaidh shuntasach acu nó nach bhfuil) agus saintréithe na limistéar spriocdhírithe (mar shampla an méid líonraí feidhmíochta atá ann nó atá beartaithe go hinchreidte i limistéar ar leith). Le cur ar a chumas don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar na drochthionchair dhóchúla, spreagtar do na Ballstáit aon mheasúnú tionchair atá aige a chur isteach mar aon le luachálacha *ex-post* a rinneadh le haghaidh scéimeanna comhchosúla roimhe seo.

## 6. MEASÚNÚ COMHOIRIÚNACHTA NA MBEART GLACTHA

174. Is réamhriachtanas é líonra leathanbhanda a bheith ar fáil chun clárú le seirbhísí leathanbhanda. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé, i gcásanna áirithe, nach mbeadh sé sin leormhaith lena áirithiú go sásófar riachtanais na n-úsáideoirí deiridh (dá dtagraítear go suntasach i míreanna 53 agus 61) agus go dtiocfaidh aon bhun ar na tairbhí don tsochaí ina hiomláine.

175. D'fhéadfadh sé seo teacht as claonadh réasúnta íseal úsáideoirí deiridh suibscríobh le seirbhísí leathanbhanda. D'fhéadfadh cúiseanna éagsúla a bheith le claonadh réasúnta íseal, lena n-áirítear: (a) tionchar eacnamaíoch an chostais a bhaineann le suibscríobh le seirbhísí leathanbhanda d'úsáideoirí deiridh i gcoitinne nó le haghaidh catagóirí áirithe úsáideoirí deiridh i gcásanna leochaileacha; agus (b) easpa feasachta maidir leis na tairbhí a thiocfaidh as na síntiúis sin le seirbhísí leathanbhanda.

176. Maidir le bearta ar thaobh an éilimh amhail dearbháin, deartar iad chun na costais le haghaidh úsáideoirí deiridh a laghdú, agus d'fhéadfaidís a bheith úsáideach chun teip mhargaidh shonrach a leigheas i dtéarmaí seirbhísí leathanbhanda atá ar fáil a ghlacadh. Cothaíonn rochtain leathan agus inacmhainne ar nascacht seachtrachtaí dearfacha mar gheall ar a cumas chun fás agus nuálaíocht a luasghéarú i ngach earnáil den gheilleagar. I gcás nach féidir rochtain inacmhainne ar sheirbhísí cumarsáide leictreonaí leathanbhanda sásúla a áirithiú mar gheall, mar shampla, ar phraghsanna arda miondíola, d'fhéadfadh Státchabhair teip mhargaidh den sórt sin a leigheas. I gcásanna mar sin, d'fhéadfadh deonú Státchabhrach éifeachtaí dearfacha a chruthú.

177. Ní hionann dearbháin agus cabhair le húsáideoirí deiridh lena n-áirítear tomhaltóirí aonair mura ndéanann na húsáideoirí deiridh gníomhaíocht eacnamaíoch a thagann laistigh de raon feidhme Airteagal 107(1) den Chonradh. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé nárbh ionann dearbháin agus cabhair maidir le húsáideoirí deiridh má dhéanann an grúpa deiridh gníomhaíocht eacnamaíoch atá laistigh de raon feidhme Airteagal 107(1) den Chonradh. Mar sin féin, i bhformhór cásanna d'fhéadfadh an chabhair sin teacht faoi raon feidhme an Rialacháin De Minimis ([113]), agus luach teoranta na ndearbhán á chur san áireamh.

178. Deimhníonn an cásdlí ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, i gcás ina ndeonaítear buntáiste d'úsáideoirí deiridh amhail tomhaltóirí aonair nach ndéanann gníomhaíocht eacnamaíoch, go bhféadfadh sé a bheith ina bhuntáiste fós le gnóthais áirithe eile agus dá bhrí sin go bhféadfadh sin a bheith ina Státchabhair faoi Airteagal 107(1) den Chonradh ([114]).

179. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh dearbháin a bheith ina gcabhair do ghnóthais in earnáil na cumarsáide leictreonaí, rud a bheidh in ann a dtairiscint seirbhísí a fheabhsú nó a mhéadú trí úsáid a bhaint as na líonraí leathanbhanda atá ann cheana agus, ar an gcaoi sin, a seasamh sa mhargadh a neartú lena ndéanfar dochar do ghnóthais eile san earnáil leathanbhanda. Tá na gnóthais sin faoi réir rialaithe Státchabhrach, má sháraíonn an buntáiste a fhaigheann siad leibhéil *de minimis*.

([113]) Rialachán (AE) Uimh. 1407/2013 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2013 maidir le cur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le cabhair de minimis (IO L 352, 24.12.2013, lch. 1).

([114]) Breithiúnas an 4 Márta 2009, *an Iodáil v an Coimisiún Eorpach*, T-424/05, EU:C:2009:49, aithris 108; breithiúnas an 28 Iúil 2011, *Mediaset v an Coimisiún Eorpach*, C-403/10 P, EU:C:2011:533, mír 81.

180. Ní féidir bearta dearbháin a sholáthar le haghaidh limistéir nach bhfuil aon líonra iontu a sholáthraíonn na seirbhísí incháilithe.

## 6.1. **Dearbháin shóisialta**

181. Is é is aidhm do dhearbháin shóisialta tacú le tomhaltóirí aonair áirithe chun seirbhísí leathanbhanda a fháil nó a choinneáil ar bun. Is féidir a chinneadh go bhfuil siad comhoiriúnach leis an margadh inmheánach ar bhonn Airteagal 107(2), pointe (a), den Chonradh, amhail *"cabhair le saintréith shóisialta, bronnta ar thomhaltóirí aonair, ar choinníoll go mbronntar an chabhair sin gan idirdhealú a bhaineann le bunús na dtáirgí lena mbaineann"*.

182. Chun go mbeidh siad comhoiriúnach faoi Airteagal 107(2), pointe (a), den Chonradh, ní mór dearbháin shóisialta a choimeád do chatagóirí áirithe tomhaltóirí aonair a bhfuil a gcúinsí airgeadais ina n-údar le cabhair a dheonú ar chúiseanna sóisialta (mar shampla, teaghlaigh ar ioncam íseal, mic léinn, daltaí, etc.) ([115]). Chuige sin, ní mór do na Ballstáit na catagóirí tomhaltóirí a bheartaítear go ndíreoidh na scéimeanna dearbhán sóisialta orthu a shainaithint ar bhonn critéar oibiachtúil ([116]).

183. I dtaca le costais incháilithe, féadfaidh sé gurb í an táille mhíosúil, na costais chaighdeánacha ([117]) chun na seirbhísí a chur ar bun agus trealamh theirminéal an tomhaltóra le haghaidh rochtana ar sheirbhísí cumarsáide leictreonaí leathanbhanda, a bheidh i gceist leo. I dtaca leis na costais sreangúcháin laistigh den teach agus cur in úsáid teoranta éigin ar mhaoin phríobháideach an úsáideora deiridh nó ar mhaoin phoiblí atá an-ghar di, féadfaidh na costais sin a bheith incháilithe freisin a mhéid ar gá iad agus gur costais choimhdeacha iad leis an tseirbhís a sholáthar.

184. Féadfar dearbháin shóisialta a úsáid chun suibscríobh do sheirbhísí leathanbhanda nó chun síntiúis atá acu cheana a choinneáil ar bun ("seirbhísí incháilithe").

185. I dtaca leis an gceanglas aon idirdhealú bunaithe ar thionscnamh na dtáirgí a sheachaint [féach mír 181], comhlíontar an ceanglas sin trí phrionsabal na neodrachta teicneolaí a chomhlíonadh. Ní mór do thomhaltóirí a bheith in ann dearbháin shóisialta a úsáid chun na seirbhísí leathanbhanda incháilithe a fháil ó aon soláthraí atá in ann iad a sholáthar, gan beann ar an teicneolaíocht a úsáidtear chun an tseirbhís a sholáthar. Ní mór a áirithiú leis na scéimeanna dearbhán sóisialta go láimhseáiltear gach soláthraí seirbhíse féideartha go cothrom agus ní mór an rogha is leithne is féidir de sholáthraithe a thairiscint do thomhaltóirí leis an scéim. Chun na críche sin, ní mór don Bhallstát clárlann ar líne a bhunú de gach soláthraí seirbhíse féideartha nó modh malartach coibhéiseach a chur chun feidhme chun oscailteacht, trédhearcacht agus tréithe neamh-idirdhealaitheacha na idirghabhála Stáit a áirithiú. Ní mór an fhéidearthacht a bheith ag tomhaltóirí dul i gcomhairle leis an eolas sin faoi gach gnóthas atá in ann na seirbhísí incháilithe a sholáthar. I dtaca le gach gnóthas atá in ann na seirbhísí leathanbhanda a sholáthar bunaithe ar chritéir oibiachtúla agus thrédhearcacha (mar shampla, cumas na híoscheanglais a chomhlíonadh maidir leis na seirbhísí sin a sholáthar), ní mór féidearthacht a bheith ann, ar iarraidh, le bheith curtha san áireamh sa chlárlann ar líne nó in aon suíomh malartach arna roghnú ag an mBallstát. Féadfar faisnéis bhreise a sholáthar leis an suíomh (nó leis an suíomh malartach a roghnaítear) freisin chun cuidiú le tomhaltóirí, amhail an cineál seirbhíse a sholáthraíonn na gnóthais éagsúla.

186. Ní mór do na Ballstáit comhairliúchán poiblí a dhéanamh ar phríomh-shaintréithe na scéime. Ní mór don chomhairliúchán poiblí rith ar feadh 30 lá ar a laghad.

187. Féadfaidh na Ballstáit cosaintí breise a chur chun feidhme chun mí-úsáid fhéideartha na ndearbhán sóisialta ag tomhaltóirí, ag soláthraithe seirbhíse nó ag tairbhithe eile atá rannpháirteach a sheachaint. Mar shampla, in imthosca áirithe, i gcás nach ndéantar ach an síntiús le seirbhísí incháilithe nua a fhóirdheonú, féadfaidh gá a bheith le cosaintí breise chun a áirithiú nach n-úsáidfear dearbháin shóisialta chun seirbhísí leathanbhanda a fháil i gcás ina mbeidh síntiús le seirbhís incháilithe ag ball eile den teaghlach céanna cheana féin.

188. Ina theannta sin, ní mór do na Ballstáit na ceanglais a leagtar síos i Roinn 7 maidir le trédhearcacht, tuairisciú agus faireachán a chomhlíonadh.

---

([115]) Féach Cinntí ón gCoimisiún: Féach C(2020) 8441 final an 4 Nollaig 2020, cás SA.57357 (2020/N) – an Ghréig – Scéim dearbhán leathanbhanda do scoláirí (IO C 41, 5.2.2021, lch. 4); Féach C(2020) 5269 final an 4 Lúnasa 2020, cás SA.57495 (2020/N) – an Iodáil – Dearbháin leathanbhanda do chatagóirí áirithe teaghlach (IO C 326, 2.10.2020, lch. 9).

([116]) Féadfar foráil a dhéanamh i rialacha náisiúnta maidir le modhanna éagsúla chun cur chun feidhme. Mar shampla, féadfar foráil a dhéanamh leis an scéim dearbhán sóisialta maidir le híocaíochtaí beartaithe a dhéanamh go díreach leis na tomhaltóirí nó go díreach leis an soláthraí seirbhíse a roghnaíonn na tomhaltóirí.

([117]) Is iad na costais chaighdeánacha na costais a bhfuil feidhm acu maidir le gach tomhaltóir gan beann ar a gcás sonrach.

### 6.2. **Dearbháin nascachta**

189. Féadfar dearbháin nascachta a dhearadh le haghaidh catagóirí níos leithne d'úsáideoirí deiridh (mar shampla, dearbháin nascachta do gach tomhaltóir nó do ghnóthais áirithe, amhail fiontair bheaga agus mheánmhéide) chun glacadh seirbhísí leathanbhanda, ar seirbhísí iad a rannchuidíonn le forbairt gníomhaíochta eacnamaíche a dhreasú. Féadfar a dhearbhú go bhfuil bearta den sórt sin comhoiriúnach leis an margadh inmheánach ar bhonn Airteagal 107(3) pointe (c) den Chonradh.

190. Measfaidh an Coimisiún bearta den sórt sin a bheith ina mbearta comhoiriúnacha más rud é go rannchuidíonn siad le gníomhaíocht eacnamaíoch a fhorbairt (an chéad choinníoll) gan difear míchuí a dhéanamh do dhálaí trádála a mhéid a bheidh contrátha don leas comhchoiteann (an dara coinníoll).

#### 6.2.1. ***An chéad choinníoll: forbairt gníomhaíochta eacnamaíche a éascú***

191. Measann an Coimisiún, maidir le scéimeanna dearbhán nascachta ar scéimeanna iad a rannchuidíonn go héifeachtach le glacadh seirbhísí leathanbhanda áirithe, gur scéimeanna iad lenar féidir forbairt réimse gníomhaíochtaí eacnamaíocha a éascú tríd an nascacht agus tríd an rochtain ar na seirbhísí leathanbhanda a mhéadú i gcás ina bhfuil teip mhargaidh i nglacadh na seirbhísí ábhartha ([118]).

192. Ní mór do na Ballstáit a léiriú go bhfuil éifeacht dreasachta ag na scéimeanna dearbhán nascachta.

193. Níor cheart do dhearbháin nascachta ach suas le 50 % de na costais incháilithe a chumhdach ([119]). I dtaca le costais incháilithe, féadfaidh sé gurb í an táille mhíosúil, na costais chaighdeánacha chun na seirbhísí a chur ar bun agus trealamh theirminéal na n-úsáideoir deiridh le haghaidh rochtana ar sheirbhísí leathanbhanda, a bheidh i gceist leo. I dtaca leis na costais sreangúcháin laistigh den teach agus cur in úsáid teoranta éigin ar mhaoine phríobháideacha na n-úsáideoirí deiridh nó ar mhaoin phoiblí atá an-ghar díobh, féadfaidh na costais sin a bheith incháilithe freisin a mhéid ar gá iad agus gur costais choimhdeacha iad leis an tseirbhís a sholáthar.

#### 6.2.2. ***An dara coinníoll: ní mór nach ndéanfaidh an chabhair dochar míchuí do choinníollacha trádála chomh mór sin le bheith bunoscionn leis an leas comhchoiteann***

194. Ba cheart an Státchabhair a spriocdhíriú ar chásanna inar féidir léi feabhsú ábhartha a dhéanamh, ar feabhsú é nach féidir leis an margadh a sholáthar as féin, is é sin le rá, i gcás ina bhfuil gá leis an gcabhair chun aghaidh a thabhairt ar theip mhargaidh i nglacadh na seirbhísí leathanbhanda ábhartha. Mar shampla, más rud é nach ndéantar scéimeanna nascachta a dhíriú ar aghaidh a thabhairt ar riachtanais úsáideoirí deiridh i dtéarma ghlacadh na seirbhísí (mar shampla, más rud é go mbaintear mí-úsáid as dearbháin chun tacú le cur in úsáid seachas chun éileamh a dhreasú) nó nach n-urramaítear an neodracht teicneolaíochta, ní bheadh scéimeanna den sórt sin ina n-ionstraim bheartais iomchuí. Sna cásanna sin, dhéanfadh cabhair i bhfoirm dearbhán difear míchuí do dhálaí trádála a mhéid a bheadh bunoscionn leis an leas comhchoiteann, agus dá bhrí sin is beag an seans atá ann go ndearbhófar í a bheith comhoiriúnach leis an margadh inmheánach.

195. Ní féidir dearbháin nascachta a úsáid chun seirbhísí atá ann cheana a choinneáil ar bun. Féadfar dearbháin a úsáid chun seirbhís nua a fháil nó chun an tseirbhís atá ann cheana a uasghrádú. Nuair is féidir na dearbháin nascachta a úsáid chun síntiús atá ann cheana a uasghrádú, ní mór do na Ballstáit a léiriú nach ndéantar iomaíocht ar an leibhéal miondíola agus mórdhíola a shaobhadh go míchuí mar gheall ar an scéim dearbhán, mar shampla nach gcruthóidh sí brabúis amhantair dhíréireacha d'oibreoirí áirithe agus dochar míchuí á dhéanamh d'oibreoirí eile.

196. Ní mór do dhearbháin nascachta a bheith neodrach ó thaobh teicneolaíochta de. Ní mór d'úsáideoirí deiridh a bheith in ann dearbháin nascachta a úsáid chun seirbhísí leathanbhanda incháilithe a fháil ó aon soláthraí atá in ann iad a sholáthar, gan beann ar an teicneolaíocht a úsáidtear chun an tseirbhís a sholáthar. Ní mór a áirithiú le scéimeanna dearbhán nascachta go láimhseáiltear gach soláthraí seirbhíse féideartha go cothrom agus ní mór an rogha is leithne is féidir de sholáthraithe a thairiscint d'úsáideoirí deiridh leo. Chun na críche sin, ní mór don Bhallstát clárlann ar líne a bhunú de gach soláthraí seirbhíse féideartha nó modh malartach coibhéiseach a chur chun feidhme chun oscailteacht, trédhearcacht agus tréithe neamh-idirdhealaitheacha na idirghabhála Stáit a áirithiú. Ní mór an fhéidearthacht a bheith ag úsáideoirí deiridh dul i gcomhairle leis an bhfaisnéis den sórt faoi gach gnóthas atá in ann na seirbhísí incháilithe a sholáthar. I dtaca le gach gnóthas atá in ann na seirbhísí incháilithe a sholáthar, ar bhonn chritéar oibiachtúil agus trédhearcach (mar shampla, cumas na híoscheanglais a chomhlíonadh maidir leis na seirbhísí sin a sholáthar), ní mór féidearthacht a bheith ann, ar iarraidh, le bheith curtha san áireamh sa chlárlann ar líne nó in aon suíomh malartach arna roghnú ag an mBallstát. Féadfar faisnéis bhreise a sholáthar leis an gclárlann (nó leis an suíomh malartach a roghnaítear) freisin chun cuidiú le húsáideoirí deiridh, amhail an cineál seirbhísí a sholáthraíonn na gnóthais éagsúla.

([118]) Féadfar foráil a dhéanamh maidir le modhanna difriúla cur chun feidhme faoi rialacha náisiúnta. Mar shampla, féadfar foráil a dhéanamh leis an scéim dearbhán nascachta maidir le híocaíochtaí a dhéanamh go díreach leis na húsáideoirí deiridh nó go díreach leis an soláthraí seirbhíse a roghnaíonn na húsáideoirí deiridh.

([119]) Féach Cinneadh ón gCoimisiún C(2021) 9549 final an 15 Nollaig 2021, cás SA.57496 (2021/N) – an Iodáil – Scéim dearbhán leathanbhanda do FBManna (IO C 33, 21.1.2022, lch. 1).

197. Chun an saobhadh margaidh a íoslaghdú, ní mór do na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar an margadh chun na soláthraithe incháilithe sa limistéar a shainaithint agus chun faisnéis a bhailiú chun a sciar den mhargadh a ríomh. Ní mór a chinneadh sa mheasúnú ar an margadh an amhlaidh go bhféadfar buntáiste díréireach a bhronnadh leis an scéim dearbhán nascachta ar roinnt soláthraithe, ar bhealach lena ndéanfar dochar do sholáthraithe eile, agus ceannasacht margaidh (áitiúil) a atreisiú b'fhéidir. Tríd an mheasúnú ar an margadh, ní mór an gá iarbhír a chinneadh maidir le scéim dearbhán nascachta a chur chun feidhme trí chomparáid a dhéanamh idir an cás sa limistéar nó sna limistéir idirghabhála agus an cás i limistéir eile den Bhallstát nó den Aontas. Féadfar breathnú ar na treochtaí maidir le glacadh na seirbhíse ag úsáideoirí deiridh freisin chun measúnú a dhéanamh agus cinneadh a dhéanamh faoin scéim dearbhán.

198. Ní mór do na Ballstáit comhairliúchán poiblí a dhéanamh ar phríomh-shaintréithe na scéime. Ní mór don chomhairliúchán poiblí rith ar feadh 30 lá ar a laghad.

199. Chun a bheith incháilithe, nuair atá soláthraí seirbhísí leathanbhanda comhtháite go hingearach agus sciar os cionn 25 % den mhargadh miondíola aige, ní mór dó táirgí rochtana mórdhíola a thairiscint ar an margadh comhfhreagrach rochtana mórdhíola, ar ar a mbonn a bheidh aon iarrthóir rochtana in ann na seirbhísí incháilithe a sholáthar faoi choinníollacha oscailte, trédhearcacha agus neamh-idirdhealaitheacha. Ní mór an praghas rochtana mórdhíola a shocrú i gcomhréir leis na prionsabail i Roinn 5.2.4.4.4.

200. Chun éifeachtaí diúltacha ar an iomaíocht a theorannú, ní fhéadfaidh fad na scéime dearbhán nascachta a bheith níos faide ná 3 bliana, i bprionsabal ([120]). Ní bheidh bailíocht na ndearbhán d'úsáideoirí deiridh aonair níos faide ná 2 bhliain.

201. Ina theannta sin, ní mór do na Ballstáit na ceanglais a leagtar síos i Roinn 7 maidir le trédhearcacht, tuairisciú agus faireachán a chomhlíonadh.

# 7. TRÉDHEARCACHT, TUAIRISCIÚ, FAIREACHÁN

## 7.1. Trédhearcacht

202. Ní mór do na Ballstáit an fhaisnéis seo a leanas a fhoilsiú i modúl an Choimisiúin maidir le trédhearcacht dámhachtana ([121]) nó ar shuíomh gréasáin Státchabhrach cuimsitheach, ar leibhéal náisiúnta nó réigiúnach:

(a) téacs iomlán a chinnidh lena bhformheastar an scéim cabhrach nó an chabhair aonair, agus a fhorálacha cur chun feidhme, nó nasc leis;

(b) faisnéis ar gach dámhachtain cabhrach aonair is mó ná EUR 100 000, i gcomhréir le hIarscríbhinn II.

203. Ní mór an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 202(b) a fhoilsiú laistigh de 6 mhí ón dáta ar deonaíodh an chabhair, nó, le haghaidh cabhrach i bhfoirm buntáistí cánach, laistigh de 1 bhliain amháin ón dáta a mbeidh an dearbhú cánach dlite ([122]).

204. Ní mór do na Ballstáit a gcuid suíomh gréasáin cuimsitheach maidir le Státchabhair a eagrú, dá dtagraítear i mír 202, ar bhealach chun go mbeidh sé éasca an fhaisnéis a rochtain. I gcás cabhrach ar cabhair neamhdhleathach í ach a chinntear a bheith comhoiriúnach dá éis sin, ní mór do na Ballstáit an fhaisnéis a fhoilsiú laistigh de 6 mhí ó dháta an chinnidh ón gCoimisiún lena ndearbhaítear go bhfuil an chabhair comhoiriúnach.

205. Chun forfheidhmiú na rialacha maidir le Státchabhair faoin gConradh a chumasú, ní mór don fhaisnéis a bheith ar fáil ar feadh 10 mbliana ar a laghad ón dáta a deonaíodh an chabhair. Ní mór an fhaisnéis a fhoilsiú i bhformáid sonraí scarbhileoige neamhdhílseánaí, lena gceadaítear sonraí a chuardach, a bhaint agus a íoslódáil go héifeachtach agus a fhoilsiú go héasca ar an idirlíon, mar shampla i bhformáid CSV nó XML. Ní mór cead a bheith ag an bpobal i gcoitinne rochtain a fháil ar an suíomh gréasáin gan aon srian, lena n-áirítear clárú úsáideoirí roimh ré.

206. Ar a shuíomh gréasáin, foilseoidh an Coimisiún an nasc leis an suíomh gréasáin náisiúnta nó réigiúnach maidir le Státchabhair dá dtagraítear i mír 202.

([120]) In imthosca eisceachtúla, faoi réir mheasúnú an Choimisiúin, féadfar síneadh a chur le beart dearbhán nascachta má tá údar cuí leis an síneadh sin, ar choinníoll nach bhfuil tionchar diúltach aici ar dhálaí trádála a mhéid a bheadh bunoscionn leis an leas comhchoiteann.

([121]) Cuardach Poiblí maidir le Trédhearcacht na Státchabhrach', ar fáil ag: https://webgate.ec.europa.eu/competition/transparency/public?lang=en.

([122]) Más rud é nach ann d'aon cheanglas foirmiúil maidir le dearbhú bliantúil, measfar gurb é an 31 Nollaig sa bhliain dár deonaíodh an chabhair an dáta deonaithe chun críocha ionchódúcháin.

## 7.2. **Tuairisciú**

207. De bhun Rialachán (AE) 2015/1589 ón gCoimisiún ([123]) agus Rialachán (CE) Uimh. 794/2004 ón gCoimisiún ([124]), ceanglaítear ar na Ballstáit tuarascálacha bliantúla a chur faoi bhráid an Choimisiúin i leith gach beart státchabhrach a fhormheastar faoi na treoirlínte seo.

208. I dteannta na dtuarascálacha bliantúla dá dtagraítear i mír 207, ní mór do na Ballstáit tuarascáil a chur faoi bhráid an Choimisiúin gach 2 bhliain ina mbeidh faisnéis bhunriachtanach faoi na bearta cabhrach a fhormheastar faoi na Treoirlínte seo, i gcomhréir le hIarscríbhinn III.

## 7.3. **Faireachán**

209. Ní mór do na Ballstáit taifid mhionsonraithe a choinneáil ar bun maidir le gach beart státchabhrach. Ní mór an fhaisnéis uile is gá a bheith sna taifid sin chun a shuíomh go gcomhlíontar na coinníollacha comhoiriúnachta uile a leagtar amach sna Treoirlínte seo. Ní mór do na Ballstáit na taifid sin a choinneáil ar bun ar feadh 10 mbliana ó dháta dáfa na cabhrach agus tabharfaidh na Ballstáit don Choimisiún iad ach iad a iarraidh.

## 8. **PLEAN MEASTÓIREACHTA *EX-POST***

210. Chun a áirithiú thairis sin go ndéanfar saobhadh ar an iomaíocht agus ar an trádáil a theorannú, féadfaidh an Coimisiún a cheangal ar scéimeanna áirithe a bheith faoi réir mheastóireacht *ex-post* chun an méid seo a leanas a fhíorú (a) cibé acu a fíoraíodh nó nár fíoraíodh na toimhdí agus na coinníollacha as ar eascair an cinneadh maidir le comhoiriúnacht; (b) éifeachtacht an bhirt chabhrach i bhfianaise na gcuspóirí réamh-shainithe a bhaineann leis; (c) tionchar an bhirt chabhrach ar mhargaí agus ar an iomaíocht agus nach n-eascraíonn aon éifeacht as a bhaineann le saobhadh míchuí le linn fhad na scéime cabhrach atá contrártha do leasanna an Aontais ([125]).

211. Beidh meastóireacht *ex-post* riachtanach le haghaidh scéimeanna ag a bhfuil buiséid chabhrach mhóra, nó scéimeanna ina bhfuil saintréithe nuálacha, nó nuair a thuartar athruithe suntasacha ar an margadh, ar an teicneolaíocht nó ar chúrsaí rialála. I gcás ar bith, beidh meastóireacht ex post riachtanach le haghaidh scéimeanna ag a bhfuil buiséad Státchabhrach nó caiteachas a thugtar i gcuntas os cionn EUR 150 milliún in aon bhliain ar leith nó os cionn EUR 750 milliún in imeacht fhad iomlán na scéimeanna. Áirítear le fad iomlán na scéimeanna comhfhad na scéime agus aon scéime a bhí ann díreach roimpi lenar cumhdaíodh cuspóir agus limistéar geografach comhchosúil, ag tosú ó thráth foilsithe na dTreoirlínte seo. I ngeall ar chuspóirí na meastóireachta, agus lena sheachaint nach bhforchuirtear ualach díréireach ar na Ballstáit agus ar thionscadail cabhrach níos lú, ní cheanglaítear meastóireachtaí *ex-post* ach amháin le haghaidh scéimeanna cabhrach ar mó a bhfad iomlán ná 3 bliana, ag tosú ó thráth foilsithe na dtreoirlínte.

212. I dtaca leis an gceanglas maidir le meastóireacht *ex-post*, féadfar an ceanglas sin tharscaoileadh le haghaidh scéimeanna cabhrach: (a) ar comharba láithreach iad de scéim lenar cumhdaíodh cuspóir agus limistéar geografach comhchosúil a bhí faoi réir meastóireachta; agus (b) a thug tuarascáil mheastóireachta dheiridh a gcomhlíonann an plean meastóireachta a d'fhormheas an Coimisiún agus nár ghin aon toradh diúltach. I gcás nach gcomhlíonfaidh tuarascáil mheastóireachta chríochnaitheach scéime an plean meastóireachta formheasta, ní mór an scéim sin a chur ar fionraí láithreach arna iarraidh sin don Choimisiún.

213. Is é is aidhm don mheastóireacht a fhíorú cibé acu ar baineadh na toimhdí agus na coinníollacha ba bhun le comhoiriúnacht na scéime amach nó nár baineadh, go háirithe riachtanas agus éifeachtacht an bhirt chabhrach i bhfianaise a chuspóirí ginearálta agus sonracha. Leis an meastóireacht, ba cheart measúnú a dhéanamh ar thionchar na scéime ar an iomaíocht agus ar an trádáil freisin.

214. Maidir le scéimeanna cabhrach atá faoi réir an cheanglais maidir le meastóireacht dá dtagraítear i mír 211, ní mór do na Ballstáit fógra a thabhairt faoi dhréachtphlean meastóireachta, a dhéanfaidh cuid lárnach de mheasúnú an Choimisiúin ar an scéim. Ní mór fógra a thabhairt faoin bplean:

(a) in éineacht leis an scéim cabhrach, más rud é gur mó ná EUR 150 milliún buiséad Státchabhrach na scéime in aon bhliain ar leith nó más mó ná EUR 750 milliún é an buiséad sin ar feadh fhad iomlán na scéime;

(b) laistigh de 30 lá oibre tar éis aon athrú suntasach lena méadaítear buiséad na scéime go dtí suim os cionn EUR 150 milliún in aon bhliain ar leith nó os cionn EUR 750 milliún ar feadh fhad iomlán na scéime;

---

([123]) Rialachán (AE) 2015/1589 ón gComhairle an 13 Iúil 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le hAirteagal 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm (IO L 248, 24.9.2015, lch. 9).

([124]) Rialachán (CE) Uimh. 794/2004 ón gCoimisiún an 21 Aibreán 2004 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2015/1589 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le hAirteagal 108 den chonradh ar fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm (IO L 140, 30.4.2004, lch. 1).

([125]) Féach mar shampla, Cinneadh ón gCoimisiún C(2012) 8223 final an 20 Samhain 2012, cás SA.33671 (2012/N) – an Ríocht Aontaithe – Scéim Náisiúnta Leathanbhanda le haghaidh na Ríochta Aontaithe – Soláthar Leathanbhanda RA (IO C 16, 19.1.2013, lch. 2).

(c) maidir le scéimeanna nach thagann faoi phointe (a) ná (b), laistigh de 30 lá oibre tar éis caiteachais de bhreis agus EUR 150 milliún faoin scéim in aon bhliain ar leith a taifeadadh i gcuntais oifigiúla an chaiteachais.

215. Ní mór an dréachtphlean meastóireachta a bheith i gcomhréir leis na prionsabail mhodheolaíocha choiteanna arna soláthar ag an gCoimisiún ([126]). Ní mór do na Ballstáit an plean meastóireachta arna fhormheas ag an gCoimisiún a fhoilsiú.

216. I dtaca leis an meastóireacht *ex-post*, ní mór do shaineolaí an mheastóireacht sin a dhéanamh a bheidh neamhspleách ón údarás deonaithe cabhrach ar bhonn an phlean meastóireachta. Ní mór aon tuarascáil mheastóireachta eatramhach amháin agus aon tuarascáil mheastóireachta dheiridh amháin ar a laghad a bheith i ngach meastóireacht. Ní mór do na Ballstáit an dá thuarascáil a fhoilsiú.

217. Ní mór an tuarascáil mheastóireachta dheiridh a chur faoi bhráid an Choimisiúin in am trátha chun deis a thabhairt dó measúnú a dhéanamh ar aon fhadú ar an scéim cabhrach agus ar a dhéanaí 9 mí roimh dhul in éag na scéime. Féadfar an tréimhse sin a laghdú le haghaidh scéimeanna lena dtionscnaítear an ceanglas meastóireachta le linn an 2 bhliain dheiridh de chur chun feidhme na scéimeanna sin. Leagfar amach raon feidhme beacht agus na socruithe beachta le haghaidh gach meastóireachta sa chinneadh lena bhformheasfar an scéim cabhrach. San fhógra maidir le haon bheart cabhrach dá éis sin lena mbaineann cuspóir comhchosúil, ní mór tuairisc a thabhairt ar an mbealach a cuireadh torthaí na meastóireachta san áireamh.

## 9. FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

218. Cuirfidh an Coimisiún na prionsabail a leagtar amach sna treoirlínte seo ón gcéad lá tar éis a bhfoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

219. Cuirfidh an Coimisiún na prionsabail a leagtar amach sna Treoirlínte seo i bhfeidhm maidir le cabhair a dtugtar fógra ina leith agus a n-iarrtar air cinneadh a dhéanamh ina leith tar éis dháta foilsithe na dTreoirlínte seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, fiú i gcás inar tugadh fógra maidir leis an gcabhair roimh an dáta sin.

220. I gcomhréir leis an bhfógra ón gCoimisiún i dtaca leis na rialacha is infheidhme a chinneadh, ar rialacha iad maidir le measúnú a dhéanamh ar a Státchabhair neamhdhleathach ([127]), cuirfidh an Coimisiún, maidir leis an gcabhair neamhdhleathach, na rialacha a bhí i bhfeidhm nuair a deonaíodh an chabhair. Cuirfidh an Coimisiún na prionsabail a leagtar amach sna Treoirlínte seo i bhfeidhm dá réir sin má dheonaítear cabhair neamhdhleathach tar éis dháta foilsithe na dtreoirlínte.

221. Molann an Coimisiún do na Ballstáit, ar bhonn Airteagal 108(1) den Chonradh, na bearta iomchuí seo a leanas:

(a) Ní mór do na Ballstáit, na scéimeanna cabhrach atá acu cheana a leasú, i gcás inar gá, chun go mbeidh na scéimeanna sin i gcomhréir le Roinn 7.1 de na treoirlínte seo laistigh de 12 mhí tar éis a bhfoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

(b) Ba cheart do na Ballstáit a gcomhaontú neamhchoinníollach sainráite a thabhairt leis na bearta iomchuí (lena n-áirítear na leasuithe) a mholtar i bpointe (a) laistigh de 2 mhí ó dháta foilsithe na dTreoirlínte sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. D'uireasa aon fhreagra laistigh de 2 mhí, glacfaidh an Coimisiún leis nach gcomhaontaíonn an Ballstát atá i gceist leis na bearta a mholtar.

---

([126]) Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin, "Common methodology for State aid evaluation" [Modheolaíocht choiteann chun meastóireacht a dhéanamh ar Státchabhair], 28 Bealtaine 2014 SWD(2014) 179 final, nó aon cheann dá chomharbaí.

([127]) IO C 119, 22.5.2002, lch. 22.

*IARSCRÍBHINN I*

**Líonraí rochtana fosaithe agus móibíleacha a mhapáil – na dea-chleachtais dá dtagraítear i roinn 5.2.2.4.1 de na treoirlínte seo**

## 1. Raon feidhme

Leagtar amach san Iarscríbhinn seo dea-chleachtais faoin mbealach chun an cleachtadh mapála a dhéanamh chun tacú le hidirghabhálacha Státchabhrach chun líonraí rochtana fosaithe agus líonraí rochtana móibíleacha a chur in úsáid.

Is é is aidhm don Iarscríbhinn modheolaíocht thrédhearcach a dhearadh chun faisnéis faoi infhaighteacht agus faoi fheidhmíocht líonraí a bhailiú agus chun measúnú a dhéanamh ar an bhfaisnéis sin.

Leis an Iarscríbhinn seo forbraítear agus comhlánaítear, chun críoch Státchabhrach, an mhodheolaíocht a forbraíodh i gcomhréir le hAirteagal 22 de Threoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1] agus na treoirlínte cur chun feidhme ó Chomhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC) maidir le suirbhéanna geografacha ar chur in úsáid líonraí [2].

Leagtar amach san Iarscríbhinn seo, le haghaidh líonraí rochtana fosaithe agus líonraí rochtana móibíleacha, dea-chleachtais maidir leis an méid a leanas:

a. na critéir chun feidhmíocht na líonraí a mhapáil;

b. an fhaisnéis a fhéadfaidh na húdaráis phoiblí inniúla a bhailiú chun cruinneas na faisnéise a sholáthraítear a fhíorú;

c. an fhaisnéis bhreise maidir le bonneagar a fhéadfaidh na húdaráis phoiblí inniúla a iarraidh ar oibreoirí a sholáthar i gcásanna sonracha, nuair a bhíonn údar cuí leis sin chun grinnmheasúnú a dhéanamh [3].

## 2. líonraí rochtana fosaithe a mhapáil

### 2.1. *Critéir maidir le feidhmíocht líonraí rochtana fosaithe a mhapáil*

De bhun mhír (73)(a) de na Treoirlínte seo, ní mór do Bhallstáit measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht líonraí arna sloinneadh i dtéarmaí luasanna íoslódála agus uaslódála atá ar fáil nó a bheidh ar fáil d'úsáideoirí deiridh faoi dhálaí buaic-ama ar a laghad.

Ba cheart dálaí buaic-ama mar a shainítear i mír (19)(k) de na Treoirlínte seo a thuiscint mar na dálaí atá ann i gcás ina bhfuil 10 % ar a laghad de na húsáideoirí [4] ag tarchur i gcomhthráth ag an ráta ainmniúil buaic-ama [5] a sholáthraíonn an t-oibreoir do gach duine acu, idir réamhtheachtach agus iartheachtach, a chomhfhreagraíonn don ghnáth-shainmhíniú ar chóimheas ró-shuibscríofa [6].

### 2.2. *Faisnéis chun críocha fíoraithe*

Chun rioscaí iompraíochtaí faille ag geallsealbhóirí a theorannú agus chun a áirithiú gur leormhaith agus comhsheasmhach í an fhaisnéis a sholáthraítear, agus gur féidir brath uirthi go hiontaofa, d'fhonn moill ar sholáthar seirbhísí sa sprioclimistéar a sheachaint, féadfaidh na húdaráis inniúla a bhfuil an cleachtadh mapála á dhéanamh acu cinneadh a dhéanamh ceangal a chur ar gheallsealbhóirí faisnéis bhreise faoina gcuid líonraí a chur faoina mbráid chun críoch fíorúcháin.

Féadfaidh na húdaráis phoiblí inniúla a iarraidh ar gheallsealbhóirí an tuairisc iomlán a thabhairt ar an modheolaíocht a d'úsáid siad chun an fheidhmíocht is féidir leo a bhaint amach a ríomh, lena n-áirítear an méid seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dó:

a. an teicneolaíocht líonra rochtana a úsáidtear (FTTH, FTTB, ADSL, VDSL + treorialú DOXIS.x etc.,) mar aon le sonraíocht iomlán an chaighdeáin chomhfhreagraigh;

---

[1] Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear Cód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach (IO L 321, 17.12.2018, lch. 36).

[2] BoR (20) 42 agus BoR (21) 82 gaolmhar.

[3] Féadfar é sin a láimhseáil go rúnda i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, de réir mar is ábhartha.

[4] Áirítear idir úsáideoirí nasctha agus féideartha leis sin.

[5] Is é sin an ráta buaic-ama a áirítear sna conarthaí úsáideoirí deiridh.

[6] Is féidir leis an mbonneagar céanna líonraí leibhéil feidhmíochta difriúla a sholáthar do na húsáideoirí deiridh, ag brath ar cá mhéad úsáideoir atá á n-ilphléacsú i naisc scrogaill agus ar na luasanna ainmniúla atá acu. Braitheann an fheidhmíocht ar líon na n-úsáideoirí atá gníomhach i gcomhthráth le chéile (rud atá níos airde le linn dálaí buaic-ama). Le "neartú ilphléacsaithe staitistiúil" den sórt sin (rud a chiallaíonn íosmhéid 10 % leibhéal gníomhaíochta de 1:10), ceanglaítear freisin go mbainfidh oibreoirí feidhm as múnlaí dáileacháin tráchta úsáideoirí ar múnlaí iad atá cruinn go leor.

b. toipeolaíocht an líonra (mar shampla P2P nó P2MP), lena n-áirítear graf simplithe lena léirítear leagan amach fisiciúil na gcáblaí/na snáithíní (mar shampla, toipeolaíocht chrainn i GPON);

c. na naisc mar a bhfuil scrogall i dtoipeolaíocht an líonra, a shainmhínítear mar deighleoga an líonra ag bhfuil neartú ilphléacsaithe staitistiúil níos mó, lena n-áirítear faisnéis shoiléir (i) faoin gcóimheas ró-shuibscríofa a úsáidtear chun nasc den sórt sin a thoisiú (mar shampla sa líonra aisiompair) nó (ii) na cleachtaí pleanála acmhainneachta a dhéantar le haghaidh na nasc sin mar a bhfuil scrogall. I gcás ar bith, féadfaidh an t-údarás poiblí tréithriú staitistiúil a iarraidh ar an luas is féidir a bhaint amach le haghaidh úsáideoir deiridh (mar shampla an meánluas nó an luas tipiciúil nó an dóchúlacht, i dtaca leis an luas ainmniúil atá le soláthar don úsáideoir deiridh, go mbainfear an luas ainmniúil sin amach aon tráth, mar aon le tásc maidir le toimhdí shamhail an úsáideora).

### 2.3. *Faisnéis chun críocha grinnfhíorúcháin*

Féadfaidh na húdaráis phoiblí inniúla cinneadh a dhéanamh a cheangal ar gheallsealbhóirí breis faisnéise a chur faoina mbráid maidir le comhpháirteanna líonra agus lena suíomhanna chun críocha grinnfhíorúcháin, mar shampla chun athbhreithniú a dhéanamh ar an modheolaíocht a úsáideadh chun an fheidhmíocht a ríomh, arb í sin an fheidhmíocht a cuireadh isteach.

Féadfaidh na húdaráis phoiblí inniúla, dá bhrí sin, a iarraidh ar gheallsealbhóirí breis faisnéise a chur faoina mbráid faoin gcuid rochtana den líonra fosaithe, lena n-áirítear an méid seo a leanas, ach gan bheith teoranta dó:

a. suíomh na gcaibinéad agus achar an tsreangaithe idir an caibinéad agus an teaghlach;

b. faisnéis shoiléir faoi ríomhanna bhuiséad na nasc (mar shampla faoin mbealach a dhéantar leibhéal chumhacht an chomhartha dá bhfaightear a mhapáil de réir rátaí giotáin, corrlaigh bhuiséad na nasc a úsáidtear etc.). Féadfaidh na húdaráis phoiblí inniúla a iarraidh ar oibreoirí na buiséid uile is infheidhme maidir leis na naisc a sholáthar, arb iad na buiséid a úsáideadh chun na seirbhísí líonra a dhearadh agus a thoisiú, mar aon lena bpríomhpharaiméadair, lena n-áirítear an tuairisc ar an modheolaíocht a bhain an t-oibreoir feidhm aisti chun buiséad na nasc agus an réasúnaíocht a fhorbairt.

## 3. **Líonraí rochtana móibíleacha agus fosaithe gan sreang a mhapáil**

### 3.1. *Critéir maidir le feidhmíocht na líonraí rochtana móibílí agus fosaithe gan sreang a mhapáil*

Chun críoch an mhodha mapála seo, ba cheart don Bhallstát a iarraidh ar gheallsealbhóirí feidhmíocht a líonra a ríomh agus na prionsabail seo a leanas á gcur san áireamh aige:

a. dea-chleachtais an tionscail a úsáid ([7]) agus na mór-éifeachtaí uile ar fhorleathadh an chomhartha gan sreang á mbreithniú ([8]);

b. an ríomh a bhunú ar dhóchúlacht imill cille 95 % ([9]) go sroichfear an fheidhmíocht a dhearbhaítear agus i gcás ar bith, ar dhóchúlacht nach lú ná 95 %, go sroichfear an fheidhmíocht a dhearbhaítear i ngach aon cheann de na pointí eangaí, agus athruithe féideartha ar dhálaí forleata á mbreithniú, ar athruithe de thoradh éifeachtaí randamacha iad mar aon le hathruithe féideartha i measc na bpointí sa limistéar atá á bhreithniú, (ar leibhéal sheoladh an áitribh nó ar bhonn eangacha 100 méadar × 100 méadar ar a mhéad);

c. glac leis gur é an méid seo a leanas a bheidh i gceist le dálaí buaic-ama:

(i) le haghaidh líonraí móibíleacha, ualú cille ainmniúil ([10]) nach lú ná 50 % nó nach airde i gcás inarb airde go suntasach na dálaí tráchta buaic-ama;

([7]) Ciallaíonn dea-chleachtais an tionscail paraiméadair samhaltúcháin, uirlisí, pleanáil, agus teorainneacha earráide atá coitianta agus córais chumarsáide gan sreang á bpleanáil agus i gcúrsaí gnó, agus ar féidir le saineolaithe sa réimse a mheas go bhfuil siad dílis agus beacht go leor, dá mba rud é go ndéanfadh siadsan an mhodheolaíocht a fhíorú.

([8]) Amhail tír-raon, foirgneamh, agus tranglam nuair a bhíonn cumhacht an chomhartha dá bhfaightear á tuar.

([9]) Ciallaíonn an "dóchúlacht imill cille" an dóchúlacht go sroichfear an fheidhmíocht íosta ag fíorimeall limistéar an chumhdaigh (an t-achar uasta cumhdaigh a mhaítear sa limistéar atá á bhreithniú). Is gá an ríomh a bhunú ar ionsamhlúcháin fhorleata atá réadúil, ar ríomhanna bhuiséad na nasc, agus ar chorrlaigh leormhaithe.

([10]) Ciallaíonn "ualach na cille" (ualú cille) meánchéatadán na n-acmhainní ag bun-stáisiún a úsáideann úsáideoirí deiridh i leith seirbhís ar leith.

(ii) le haghaidh líonraí rochtana fosaithe gan sreang, ba cheart na dálaí tráchta buaic-ama réadúla a bhfuil coinne leo a úsáid chun teacht ar an ualach cille iomchuí le haghaidh ríomhanna ([11]);

d. tabhair an fheidhmíocht in aghaidh gach úsáideora deiridh agus é bunaithe ar aeróga lasmuigh. Má roinntear aeróg a ghlacann comharthaí idir úsáideoirí deiridh iomadúla, ba cheart a bhreithniú go bhfuil an fheidhmíocht fhoriomlán comhroinnte go cothrom i measc úsáideoirí deiridh ([12]);

e. tabhair an fheidhmíocht in aghaidh na teicneolaíochta agus in aghaidh na minicíochta oibriúcháin i gcás cumhdaigh lena ngabhann teicneolaíochtaí iomadúla ([13]) agus minicíochtaí iomadúla ([14]), agus an bandaleithead atá ar fáil iarbhír in aghaidh na minicíochta á bhreithniú. I gcás ina n-úsáidtear minicíochtaí neamhcheadúnaithe, ba cheart sin a lua go soiléir.

Agus faisnéis á soláthar don chomhlacht iarrthach, ba cheart d'oibreoirí an méid a leanas a chur san áireamh go háirithe:

a. an cineál ([15]) aisiompair agus an acmhainneacht atá aige maidir le gach bun-stáisiún ([16]);

b. le haghaidh líonraí rochtana fosaithe gan sreang, líon na n-áitreabh le seirbhís agus na n-áitreabh a bhfreastalaítear orthu agus atá i ngach eangach dá ríomhtar.

### 3.2. *Faisnéis chun críocha fíoraithe*

Chun rioscaí iompraíochtaí faille ag geallsealbhóirí a theorannú agus chun a áirithiú gur leormhaith agus comhsheasmhach í an fhaisnéis a sholáthraítear, agus gur féidir brath uirthi go hiontaofa, d'fhonn moill ar sholáthar seirbhísí sa sprioclimistéar a sheachaint, féadfaidh na húdaráis inniúla a bhfuil an cleachtadh mapála á dhéanamh acu cinneadh a dhéanamh ceangal a chur ar gheallsealbhóirí faisnéis bhreise a chur faoina mbráid chun críocha fíorúcháin.

Féadfaidh na húdaráis phoiblí inniúla a iarraidh ar gheallsealbhóirí an tuairisc iomlán a thabhairt ar an modheolaíocht a d'úsáid siad chun a gcuid mapaí cumhdaigh a ríomh, lena n-áirítear an méid seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dó:

a. samhlacha forleata agus príomhpharaiméadair chun forleathadh a ionsamhlú;

b. faisnéis ghinearálta faoi chomhpháirteanna líonra agus go háirithe faoi aeróga (mar shampla cumhacht tarchurtha, MIMO, suíomhanna láithreáin na n-aeróg);

c. faisnéis thábhachtach faoi ríomh bhuiséad na nasc (mar shampla, faoin mbealach a dhéantar leibhéal chumhacht an chomhartha dá bhfaightear a mhapáil de réir rátaí giotáin, corrlaigh bhuiséad na nasc a úsáidtear etc.). Ba cheart do gheallsealbhóirí na buiséid uile is infheidhme maidir leis na naisc a sholáthar, arb iad na buiséid a úsáideadh chun na seirbhísí líonra a dhearadh agus a thoisiú, mar aon lena bpríomhpharaiméadair, lena n-áirítear an tuairisc ar an mbealach a d'fhorbair an t-oibreoir buiséad na nasc agus an réasúnaíocht freisin;

d. suíomh na láithreán cille;

e. saintréithe an aisiompair.

### 3.3. *Faisnéis chun críocha grinnfhíorúcháin*

Féadfaidh na húdaráis phoiblí inniúla cinneadh a dhéanamh a cheangal ar gheallsealbhóirí breis faisnéise a chur faoina mbráid maidir le comhpháirteanna líonra agus lena suíomhanna chun críocha grinnfhíorúcháin, mar shampla chun athbhreithniú a dhéanamh ar an modheolaíocht a úsáideadh chun an fheidhmíocht a ríomh, arb í sin an fheidhmíocht a cuireadh isteach. Féadfaidh na húdaráis phoiblí inniúla, dá bhrí sin, a iarraidh ar gheallsealbhóirí breis faisnéise a chur faoina mbráid faoina líonraí, lena n-áirítear an méid seo a leanas, ach gan bheith teoranta dó:

a. líon na dtarchuradóirí atá ag gach láithreán;

b. airde talún na dtarchuradóirí sin;

([11]) Mura n-úsáidtear an measúnú buaic-tráchta, ba cheart an t-ualach cille ainmniúil de 90 % le haghaidh rochtain fhosaithe gan sreang a úsáid. Leis an ualach cille níos airde le haghaidh rochtain fhosaithe gan sreang (i gcomparáid le líonraí móibíleacha), léirítear an pátrún úsáide difriúil a bhfuil coinne leis, rud lena bhfágtar iomaíocht níos airde d'úsáid acmhainní roinnte an bhun-stáisiúin atá i mbun na seirbhíse.

([12]) Maidir le rochtain fhosaithe gan sreang, féadfaidh sé gurb amhlaidh sin le haghaidh aeróga comhroinnte ar an díon i bhfoirgneamh ilteaghaise.

([13]) Áirítear ar na teicneolaíochtaí sin: UMTS 3G agus teicneolaíochtaí HSPA; teicneolaíochtaí LTE 4G nó ardteicneolaíochtaí LTE; 5G cibé acu córas spleách Eisiúint 3GPP 15 Raidió Nua (NR) (agus croí-líonra 4G aige) nó córas neamhspleách NR (agus croí-líonra 5G dúchasach aige) agus forbairtí breise (amhail Eisiúint 16 3GPP). Moltar go mbailíonn an t-údarás poiblí faisnéis ar na teicneolaíochtaí bunaithe ar 3GPP a úsáidtear (leibhéil eisiúna 3GPP ar a laghad).

([14]) Déantar sin chun bandaí minicíochta GHz fo-6 a dheighilt ó bhandaí minicíochta toinne mm toisc gur minic a úsáidtear iad le haghaidh catagóirí seirbhísí difriúla.

([15]) Ethernet snáthoptaice, grád iompair copair, gan sreang etc.

([16]) I gcás nasc snáthoptaice, is féidir glacadh leis de ghnáth gur leordhóthanach é sin.

c. líon na dteascóg ag gach láithreán cille;

d. an teicneolaíocht a úsáidtear ag na tarchuradóirí, lena n-áirítear ord MIMO, bandaleithead cainéil atá ar fáil;

e. an chumhacht tarchurtha iseatrópaigh éifeachtach ar bhain gach tarchuradóir feidhm as.

*IARSCRÍBHINN II*

**An fhaisnéis nach mór do na Ballstáit a fhoilsiú de bhun mhír (202) (b) de na treoirlínte seo**

Ní mór an méid seo a leanas a áireamh san fhaisnéis maidir le dámhachtainí aonair dá dtagraítear i mír (202)(b) de na Treoirlínte seo ([1]):

a. aitheantas thairbhí aonair na cabhrach:

(i) ainm;

(ii) aitheantóir thairbhí na cabhrach;

b. cineál thairbhí na cabhrach tráth an iarratais:

(i) FBM;

(ii) fiontar mór;

c. réigiún ina bhfuil tairbhí na cabhrach lonnaithe, ar leibhéal II NUTS nó faoina bhun;

d. príomhearnáil nó príomh-ghníomhaíocht thairbhí na cabhrach le haghaidh na cabhrach a thugtar, á haithint le grúpa NACE (cód uimhriúil trí dhigit) ([2]);

e. comhchuid cabhrach arna sloinneadh san airgeadra náisiúnta go hiomlán. Le haghaidh scéimeanna i bhfoirm buntáiste cánach, is féidir an fhaisnéis ar mhéideanna cabhrach aonair ([3]) a sholáthar sna raonta seo a leanas (in EUR milliún):

— [0.1-0.5];

— [0.5-1];

— [1-2];

— [2-5];

— [5-10];

— [10-30];

— [30-60];

— [60-100];

— [100 -250]

— [250 agus os a chionn];

f. i gcás nach ionann é agus an chomhchuid cabhrach, an méid cabhrach ainmniúil, arna sloinneadh san airgeadra náisiúnta go hiomlán ([4]);

g. an ionstraim chabhrach ([5]):

(i) deontas/fóirdheontas ráta úis/díscríobh fiachais;

(ii) iasacht/airleacain inaisíoctha/deontas in-aisíoctha;

(iii) ráthaíocht;

(iv) buntáiste cánach nó díolúine chánach;

---

([1]) Cé is moite de rúin ghnó agus faisnéis rúnda eile i gcásanna a dtabharfar údar cuí leo agus faoi réir chomhaontú an Choimisiúin [Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le rúndacht ghairmiúil i gcinntí Státchabhrach, C(2003) 4582 (IO C 297, 9.12.2003, Lch. 6)].

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle chomh maith le Rialacháin CE áirithe maidir le fearainn shonracha staidrimh (IO L 393, 30.12.2006, Lch. 1).

([3]) Is é an méid atá le foilsiú an sochar cánach uasta a cheadaítear seachas an méid a asbhaintear gach bliain (mar shampla i gcomhthéacs creidmheas cánach, foilseofar an creidmheas cánach uasta a cheadaítear seachas an méid iarbhír, rud a d'fhéadfadh a bheith ag brath ar na hioncaim inchánacha agus athraíonn sé gach bliain).

([4]) Coibhéis chomhlán an deontais, nó, i gcás inarb infheidhme, méid na hinfheistíochta. Le haghaidh cabhair oibriúcháin, is féidir an méid cabhrach bliantúil in aghaidh gach tairbhí cabhrach a thabhairt. Le haghaidh scéimeanna fioscacha, is féidir an méid sin a thabhairt de réir na raonta a leagtar amach i bpointe i den Iarscríbhinn seo. Is é an méid atá le foilsiú an sochar cánach uasta a cheadaítear seachas an méid a asbhaintear gach bliain (mar shampla, i gcomhthéacs creidmheas cánach, foilseofar an creidmheas cánach uasta a cheadaítear seachas an méid iarbhír, rud a d'fhéadfadh a bheith ag brath ar an ioncam inchánach agus athraíonn sé gach bliain).

([5]) Más rud é go ndeonaítear an chabhair trí ionstraimí cabhrach iomadúla, sonrófar an méid cabhrach de réir na hionstraime.

(v) maoiniú riosca;

(vi) eile (sonraigh);

(vii) dáta na dámhachtana agus dáta an fhoilsithe;

(viii) cuspóir na cabhrach;

h. aitheantas an údaráis nó na n-údarás deonúcháin;

i. i gcás inarb infheidhme, ainm an eintitis iontaoibhe, agus ainmneacha na n-idirghabhálaithe airgeadais a roghnaíodh;

j. tagairt don bheart cabhrach, mar a luaitear sa chinneadh a formheasadh faoi na Treoirlínte seo.

*IARSCRÍBHINN III*

**An fhaisnéis nach mór do na Ballstáit a sholáthar de bhun mhír (208) de na treoirlínte seo**

Sa tuarascáil dá dtagraítear i mír (208) de na Treoirlínte seo, i dtaca leis an tréimhse tuairiscithe ábhartha, agus le gach tionscadal aonair a cuireadh chun feidhme i gcur i bhfeidhm birt cabhrach a formheasadh faoi na Treoirlínte seo, ní mór faisnéis faoin méid seo a leanas a áireamh:

a. ainm thairbhí na cabhrach nó ainmneacha thairbhithe na cabhrach;

b. costas iomlán (nó costas iomlán measta) an tionscadail agus an meánchostas in aghaidh an áitribh a bhfreastalaítear air;

c. an méid cabhrach a dámhadh agus caiteachas ar chabhair;

d. déine na cabhrach;

e. foinsí an mhaoinithe phoiblí;

f. na rátaí cumhdaithe agus an líon a bhí ann roimh idirghabháil an Stáit agus dá héis;

g. i dtaca le tionscadail lena dtugtar tacaíocht chun líonraí leathanbhanda a chur in úsáid:

(i) an dáta ar ar cuireadh an líonra in úsáid;

(ii) an teicneolaíocht a cuireadh in úsáid ar an líonra a mhaoinítear go poiblí;

(iii) luasanna uaslódála agus íoslódála na seirbhísí a soláthraíodh;

(iv) na táirgí rochtana mórdhíola arna dtairiscint, lena n-áirítear coinníollacha le haghaidh rochtana agus praghsanna/modheolaíocht praghsála;

(v) táirgí rochtana mórdhíola a iarradh ar éileamh réasúnta, más infheidhme, agus láimhseáil na n-iarrataí sin;

(vi) líon na gcuardaitheoirí rochtana agus na soláthraithe seirbhíse a úsáideann táirgí rochtana mórdhíola;

(vii) praghsanna miondíola roimh chur chun feidhme an bhirt agus dá éis;

(viii) líon na n-áitreabh ar a bhfreastalaíonn an bonneagar a mhaoinítear go poiblí;

(ix) na rátaí glactha;

h. i dtaca le tionscadal lena dtugtar tacaíocht chun go nglacfar seirbhísí leathanbhanda, amhail scéimeanna dearbhán:

(i) fad an bhirt cabhrach;

(ii) luach na ndearbhán;

(iii) cineál suibscríbhinní/seirbhísí incháilithe, lena n-áirítear tacaíocht i bhfoirm gaireas custaiméirí, mar aon le sreangú san fhoirgneamh agus/nó cábla anuas laistigh d'fhearann príobháideach;

(iv) rátaí glactha roimh chur chun feidhme an bhirt agus ina dhiaidh agus líon na n-úsáideoirí deiridh a thairbhigh den bheart cabhrach (de réir catagóire, mar shampla, úsáideoirí deiridh aonair nó FBManna, agus de réir chineál na suibscríbhinní/seirbhísí a dtugtar tacaíocht dóibh);

(v) líon na soláthraithe seirbhíse leathanbhanda incháilithe;

(vi) líon na soláthraithe seirbhíse leathanbhanda a thairbhigh iarbhír den bheart cabhrach;

(vii) éabhlóid staid mhargaidh na n-oibreoirí de réir chineál na suibscríbhinní/seirbhísí a dtugtar tacaíocht dóibh, agus an bonneagar agus na teicneolaíochtaí ábhartha á gcur san áireamh (FFTH, FTTC, DOCSIS, FWA etc.);

(viii) praghsanna mórdhíola agus miondíola roimh chur chun feidhme an bhirt agus dá éis.

*IARSCRÍBHINN IV*

**Idirghabhálacha tipiciúla le haghaidh tacaíocht leathanbhanda**

Sa chásdlí dá chuid, tá sásraí cistiúcháin áirithe tugtha faoi deara ag an gCoimisiún, a úsáideann roinnt Ballstát chun cur in úsáid leathanbhanda a chothú, agus Státchabhair a bhíonn iontu go tipiciúil de réir bhrí Airteagal 107(1) den Chonradh. Cur síos léiritheach ar shamhlacha idirghabhálacha tipiciúla atá sa chur síos seo a leanas agus níl sé uileghabhálach, toisc go bhféadfadh údaráis phoiblí bealaí éagsúla a fhorbairt chun tacú le cur in úsáid leathanbhanda nó imeacht ó na samhlacha a dtugtar tuairisc orthu sna míreanna seo a leanas.

1. Samhail na bearna cistithe: Faoi shamhail na bearna cistithe ([1]), tacaíonn na Ballstáit ([2]) le cur in úsáid líonraí fosaithe nó móibíleacha trí dheontais nó fóirdheontais airgeadaíochta dhíreacha a dheonú d'infheisteoirí leathanbhanda ([3]) chun líonra a dhearadh, a thógáil, a bhainistiú agus a shaothrú ar bhonn tráchtála, agus na fáltais ábhartha agus brabús réasúnta á gcur san áireamh. I samhail na bearna cistithe, cinntear brabús réasúnta mar an ráta toraidh ar chaipiteal a bheadh riachtanach d'infheisteoir, agus an leibhéal riosca a bhaineann go sonrach leis an earnáil leathanbhanda á gcur san áireamh mar aon leis an gcineál seirbhísí a sholáthraítear. Déantar ráta riachtanach an toraidh ar chaipiteal a chinneadh go tipiciúil de réir chostas ualaithe meánach an chaipitil (WACC). Agus cinneadh á dhéanamh faoin méid atá i gceist le brabús réasúnta, tugann na Ballstáit critéir dhreasachta isteach de ghnáth a bhaineann, go háirithe, le cáilíocht na seirbhíse a sholáthraítear agus le neartú in éifeachtúlacht tháirgiúil. Aon luaíocht atá nasctha le neartú éifeachtúlachta táirgiúla, socraítear iad ar leibhéal lena bhfágfar go mbeifear in ann na fáltais sin a chomhroinnt go cothrom idir an t-infheisteoir leathanbhanda agus an Ballstát agus/nó na húsáideoirí deiridh. De ghnáth faoi shamhail na bearna cistithe, tá an bonneagar a thógtar faoi úinéireacht iomlán an fhaighteora cabhrach a sheasann na rioscaí a bhaineann le bonneagar nua a thógáil agus le go leor custaiméirí a mhealladh.
2. Samhail na tacaíochta chomhchineáil: Tacaíonn na Ballstáit le leathanbhanda fosaithe nó móibíleach a chur in úsáid trí bhonneagair atá ann cheana nó atá díreach tógtha a chur ar fáil d'oibreoirí líonraí leathanbhanda. Is iomaí foirm atá in ann a bheith i gceist leis an tacaíocht seo, agus is í an tacaíocht is minice a thugtar an tacaíocht ó na Ballstáit a sholáthraíonn bonneagar leathanbhanda éighníomhach trí oibreacha innealtóireachta sibhialta a dhéanamh (mar shampla trí bhóthar a thochailt, trí dhuchtanna nó snáithín dorcha a chur síos nó trí rochtain a thabhairt ar bhonneagar atá ann cheana (mar shampla duchtanna, cuaillí nó túir).
3. Samhail na hinfheistíochta dírí: Tógann na Ballstáit líonra fosaithe nó móibíleach agus oibríonn siad an líonra sin go díreach trí bhrainse den riarachán poiblí nó trí oibreoir inmheánach ([4]). Is minic a oibrítear an líonra Stát-mhaoinithe mar líonra miondíola amháin agus é ar fáil do sholáthraithe seirbhísí leathanbhanda miondíola ar bhonn neamh-idirdhealaitheach.
4. Samhail an lamháltóra:Maoiníonn Ballstáit leathadh amach líonra leathanbhanda fosaithe nó móibílí, a fhanann faoi úinéireacht phoiblí, ach déantar oibriú an líonra a thairiscint trí nós imeachta roghnúcháin iomaíoch do sholáthraí cumarsáide leictreonaí chun an líonra a bhainistiú agus a shaothrú ar bhonn tráchtála. Féadfaidh oibreoir líonraí leathanbhanda an líonra a rith chun seirbhísí mórdhíola amháin a sholáthar, nó, de rogha air sin, chun seirbhísí mórdhíola agus miondíola araon a sholáthar.

---

([1]) Le "bearna cistithe", tagraítear go ginearálta don difríocht idir costais infheistíochta agus brabúis lena bhfuil coinne.

([2]) Áirítear aon údarás poiblí leis sin.

([3]) Ciallaíonn an téarma "infheisteoirí" gnóthais nó oibreoirí líonraí leathanbhanda a infheistíonn i dtógáil agus i gcur in úsáid bonneagar leathanbhanda.

([4]) Cinneadh ón gCoimisiún C(2011) 7285 final an 19 Deireadh Fómhair 2011, cás N 330/2010 – An Fhrainc – Clár náisiúnta "Très Haut Débit" - Volet B (IO C 364, 14.12.2011, Lch. 2) lenar cumhdaíodh modúlachtaí idirghabhála éagsúla, inter alia ceann inar féidir leis na collectivités territoriales líonraí leathanbhanda dá gcuid féin a oibriú mar oibríocht "*régie*".

IV

*(Fógraí)*

## FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

# AN CHOMHAIRLE

**Fógra le haghaidh na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2023/193 ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/192 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin**

(2023/C 36/02)

Dírítear aird na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a luaitear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle ([1]) ar an bhfaisnéis seo a leanas, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2023/193 ón gComhairle ([2]), agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle ([3]), arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/192 ón gComhairle ([4]) a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.

Ceanglaítear le hAirteagal 9(2) de Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 nach mór do na daoine nádúrtha nó dlítheanacha, na heintitis nó na comhlachtaí sin tuairisc a thabhairt, roimh an 1 Meán Fómhair 2022 nó laistigh de 6 seachtaine tar éis dháta an liostaithe in Iarscríbhinn I, cibé acu is déanaí, faoi na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha laistigh de dhlínse Ballstáit ar leo iad nó atá faoina n-úinéireacht, ina seilbh nó faoina rialú, chuig údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha sin suite. Ní mór dóibh oibriú i gcomhar leis an údarás inniúil maidir le fíorú na faisnéise sin. Aon mhainneachtain na hoibleagáidí sin a urramú, measfar gurb éard atá inti, imchéimniú na mbeart maidir le reo sócmhainní agus acmhainní eacnamaíocha.

Ní mór an fhaisnéis atá le tuairisciú a sheoladh chuig údarás inniúil an Bhallstáit ábhartha, trína shuíomh gréasáin mar a shonraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ([5]).

Ní bheidh feidhm go dtí an 1 Eanáir 2023 ag an oibleagáid tuairiscithe faoi Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a mhéid a bhaineann le cistí nó acmhainní eacnamaíocha atá lonnaithe i mBallstát a raibh oibleagáid tuairiscithe dá samhail leagtha síos aige faoin dlí náisiúnta roimh an 21 Iúil 2022.

---

([1]) IO L 78, 17.3.2014, lch. 16.
([2]) IO LI 26, 30 Eanáir 2023, lch. 4
([3]) IO L 78, 17.3.2014, lch. 6.
([4]) IO LI 26, 30 Eanáir 2023, lch. 1.
([5]) An leagan comhdhlúite is déanaí ar fáil ag https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A02014R0269-20220916&qid=1666170179071

# AN COIMISIÚN EORPACH

## Rátaí malairte an euro [1]

## 30 Eanáir 2023

(2023/C 36/03)

**1 euro =**

| | Airgeadra | Ráta malairte | | Airgeadra | Ráta malairte |
|---|---|---|---|---|---|
| USD | dollar na Stát Aontaithe | 1,0903 | CAD | dollar Cheanada | 1,4532 |
| JPY | yen na Seapáine | 141,79 | HKD | dollar Hong Cong | 8,5415 |
| DKK | krone na Danmhairge | 7,4383 | NZD | dollar na Nua-Shéalainne | 1,6778 |
| GBP | punt steirling | 0,87978 | SGD | dollar Shingeapór | 1,4310 |
| SEK | krona na Sualainne | 11,2620 | KRW | won na Cóiré Theas | 1 338,87 |
| CHF | franc na hEilvéise | 1,0045 | ZAR | rand na hAfraice Theas | 18,8890 |
| ISK | króna na hÍoslainne | 153,30 | CNY | renminbi-yuan na Síne | 7,3601 |
| NOK | krone na hIorua | 10,7925 | IDR | rupiah na hIndinéise | 16 335,28 |
| BGN | lev na Bulgáire | 1,9558 | MYR | ringgit na Malaeisia | 4,6272 |
| CZK | koruna Phoblacht na Seice | 23,861 | PHP | peso na nOileán Filipíneach | 59,470 |
| HUF | forint na hUngáire | 390,53 | RUB | rúbal na Rúise | |
| PLN | zloty na Polainne | 4,7103 | THB | baht na Téalainne | 35,680 |
| RON | leu na Rómáine | 4,9055 | BRL | real na Brasaíle | 5,5654 |
| TRY | lira na Tuirce | 20,5063 | MXN | peso Mheicsiceo | 20,4870 |
| AUD | dollar na hAstráile | 1,5390 | INR | rúipí na hIndia | 88,8885 |

(1) *Foinse*: ráta malairte tagartha arna fhoilsiú ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE).

V

*(Fógairtí)*

# NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

# AN COIMISIÚN EORPACH

## Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

## (Cás M.10999 — SABIC AN / ETG WORLD / EIHL)

## Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2023/C 36/04)

1. An 20 Eanáir 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— SABIC Agri-Nutrients Company ("SABIC AN", Ríocht na hAraibe Sádaí), faoi rialú ag Saudi Basic Industries Corporation ("SABIC", Ríocht na hAraibe Sádaí), atá faoi rialú ag Saudi Arabian Oil Company ("Saudi Aramco", Ríocht na hAraibe Sádaí),

— ETC Group ("ETG World", Oileán Mhuirís),

— ETG Inputs Holdco Limited ("EIHL", Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha), atá faoi rialú comhpháirteach faoi láthair ag ETG World agus Government Employees Pension Fund of South Africa, arna ionadú ag Public Investment Corporation SOC Limited na hAfraice Theas (an "PIC", an Afraic Theas).

Gheobhaidh SABIC AN agus ETG World rialú comhpháirteach ar EIHL de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach scaireanna atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is táirgeoir ábhar leasacháin éagsúla é SABIC AN a dhíolann sé go príomha le custaiméirí san Araib Shádach.

— Is ilchuideachta ilnáisiúnta é ETG World le punann éagsúil saineolais ar fud tionscail éagsúla, lena gcuimsítear leasacháin talmhaíochta (via EIHL), lóistíocht, marsantú agus próiseáil, optamú shlabhra an tsoláthair, claochlú digiteach, agus fuinneamh.

— Is allmhaireoir, cumascóir agus dáileoir leasachán é EIHL le béim ar mhór-roinn na hAfraice agus níl sé gníomhach sa LEE. Is é príomhghníomhaíocht EIHL ná amhábhair leasacháin a fháil, iad a chumasc i meascáin leasacháin agus iad a dháileadh ar mhiondíoltóirí agus go díreach chuig custaiméirí deiridh.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le caitheamh le comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10999 — SABIC AN / ETG WORLD / EIHL

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

# GNÍOMHARTHA EILE

# AN COIMISIÚN EORPACH

**Foilsiú iarratais ar leasú Aontais ar shonraíocht táirge maidir le hainm in earnáil an fhíona, de bhun Airteagal 97(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.**

(2023/C 36/05)

Le foilsiú an iarratais seo, tugtar an ceart chun cur i gcoinne an iarratais de bhun Airteagal 98 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1] laistigh de 2 mhí ó dháta an fhoilsithe seo.

IARRATAS AR LEASÚ AONTAIS AR AN TSONRAÍOCHT TÁIRGE

**"Monti Lessini"**

**PDO-IT-A0462-AM02**

**Dáta cur i bhfeidhm: 23.9.2021**

## 1. Iarratasóir agus leas dlisteanach

Consorzio Tutela Vini Lessini Durello

Comhlachas deonach maidir le fíonta a chumhdaítear leis an sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint (STFC) a chosaint.

## 2. Ceannteideal sa tsonraíocht táirge a ndéanann an leasú (na leasuithe) difear dó

☐ Ainm an táirge

☒ Catagóir an táirge fíniúna

☒ Nasc

☐ Srianta margaíochta

## 3. Tuairisc ar an leasú agus na cúiseanna atá leis

### 3.1. *An chatagóir "Fíon súilíneach ar ardchaighdeán" a thabhairt isteach*

Baineann an leasú le tabhairt isteach na catagóire "Fíon súilíneach ar ardchaighdeán", lena n-áirítear na leaganacha Riserva agus Crémant.

Is é an chúis atá leis an leasú seo táirgeadh na catagóire táirge fíniúna a táirgeadh go stairiúil i limistéar sonrúcháin "Monti Lessini" a chumasú. A bhuí le teicnící fíonsaothraithe agus fíonóireachta nua-aimseartha, is féidir é a tháirgeadh ar chaighdeán sonrach ardcháilíochta, nasctha le tionscnamh geografach an fhíona.

Sa chomhthéacs seo, ba cheart a lua go raibh an chatagóir fíona seo á dhéanamh cheana sa limistéar a chumhdaítear faoin sonrúchán go dtí 2011, ach rinneadh é a áireamh i ndiaidh sin faoin sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint "Lessini Durello" ón limistéar céanna.

Tá gá leis an leasú faoi láthair chun freastal ar éilimh tháirgiúla agus thráchtála nua agus an tráth céanna ag leanúint le meas a léiriú ar thraidisiún.

[1] IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

Is é an phríomhaidhm atá ann próifíl na catagóire “Fíon súilíneach ar ardchaighdeán” ar a bhfuil STFC “Monti Lessini” ionas go mbeidh baint níos dlúithe idir an limistéar agus an fíon súilíneach a dhéantar as fíonchaora Durella mar an príomhchineál. Tá na fíonchaora seo an-oiriúnach chun fíon súilíneach a dhéanamh díobh, rud a léiríonn an acmhainneacht shonrach a bhaineann le limistéar táirgthe an STFC sin, lena ithir uathúil agus dálaí aeráide agus teicnící fíonóireachta traidisiúnta.

Baineann an leasú leis na ranna a leanas den doiciméad aonair: “Catagóirí na dtáirgí fíniúna”, “Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta” “cleachtais fíoneolaíochta shonracha”, “Uastáirgeachtaí” agus “Nasc leis an limistéar geografach”.

3.2. ***Tuairisc ar na cineálacha fíonchaor atá údaraithe le haghaidh na catagóire “Fíon súilíneach ar ardchaighdeán” a chur isteach***

I gcomhréir le reachtaíocht an Aontais agus leis an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme, tá tuairisc ar na cineálacha fíonchaor le haghaidh na catagóire “Fíon súilíneach ar ardchaighdeán” curtha isteach.

Sonraítear go háirithe, go háirithe, gurb é Durella, an príomhchineál, ar cheart gurbh ionann é agus 85 % i dtáirgeadh na catagóire seo. Féadfar Garganega, Pinot Bianco, Chardonnay agus Pinot Nero a úsáid mar chineálacha tánaisteacha ach níor cheart iad a bheith níos mó ná 15 %.

Ní dhéanann an leasú seo aon athrú ar an doiciméad aonair, toisc gur áiríodh na cineálacha i Roinn 7 cheana, ós rud é go bhfuil raon na gcineálacha údaraithe mar an gcéanna le táirgí finiúna “Monti Lessini” sa chatagóir “Fíon”.

3.3. ***Cur isteach torthaí táirgeachta agus neart alcóil nádúrtha de réir líon na bhfíonchaor le haghaidh na catagóire “Fíon súilíneach ar ardchaighdeán”***

Is é an chúis atá leis an leasú seo nach mór, faoi dhlí is infheidhme an Aontais agus faoi reachtaíocht náisiúnta, uastorthaí fíonchaor in aghaidh an heicteáir agus neart alcóil nádúrtha de réir líon na bhfíonchaor a shonrú le haghaidh na catagóire “Fíon súilíneach ar ardchaighdeán”.

Baineann an leasú seo leis an roinn maidir le “Uastáirgeachtaí” sa doiciméad aonair.

3.4. ***Cur isteach an mhaolaithe ar tháirgeadh laistigh den limistéar críochaithe le haghaidh na catagóire “Fíon súilíneach ar ardchaighdeán”***

Baineann an leasú seo le cur isteach an mhaolaithe ar oibríochtaí fíonóireachta le haghaidh na catagóire “Fíon súilíneach ar ardchaighdeán” a tugadh isteach le déanaí. I gcomhréir le dlí an Aontais, féadfar na hoibríochtaí seo a dhéanamh in aon cuid de chríoch na n-aonad riaracháin a luaitear faoin Roinn maidir leis an “limistéar geografach críochaithe”, chomh maith le laistigh den limistéar táirgthe críochaithe a chlúdaíonn na cúigí Verona agus Vincenza.

Tá gá leis an leasú seo chun go mbeidh táirgeoirí áirithe in ann leanúint dá n-oibríochtaí chun fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán a tháirgeadh lasmuigh den limistéar críochaithe, mar a mhínítear thuas, ionas gur féidir leo leas a bhaint as gabháltais tríú páirtí a mbeidh na teicneolaíochtaí iomchuí acu chun an cineál fíona seo a dhéanamh, go háirithe le haghaidh chéim an choipthe thánaistigh.

Baineann an leasú seo leis an roinn “Coinníollacha Breise” den doiciméad aonair.

3.5. ***Cur isteach na rialacha fíonóireachta le haghaidh na catagóire “Fíon súilíneach ar ardchaighdeán”***

Baineann an leasú le cur isteach na dteicnící fíonóireachta a cheadaítear do tháirgeadh na catagóire “Fíon súilíneach ar ardchaighdeán”, lena n-áirítear na leaganacha Riserva agus Crémant.

Tá gá leis an leasú seo chun na príomhtheicnící fíonóireachta a bhaineann leis an gcatagóir nua “Fíon súilíneach ar ardchaighdeán”, lena n-áirítear na leaganacha Riserva agus Crémant a shonrú. Leagtar amach mionsonraí sonracha maidir leis an modh ullmhúcháin, fad thréimhse aosaithe sa bhuidéal, agus an méid siúcra le haghaidh gach ceann de na leaganacha seo.

Baineann an leasú seo leis an roinn “Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha”.

3.6. ***Cur isteach tuairisc ar shaintréithe anailíseacha agus orgánaileipteacha na catagóire "Fíon súilíneach ar ardchaighdeán", lena n-áirítear na leaganacha Riserva agus Crémant.***

Baineann an leasú le cur isteach shaintréithe na catagóire "Fíon súilíneach ar ardchaighdeán" a tugadh isteach le déanaí, lena n-áirítear na leaganacha Riserva agus Crémant.

Is é an chúis atá leis an leasú seo an gá atá ann faisnéis maidir leis an gcatagóir "Fíon súilíneach ar ardchaighdeán" (lena n-áirítear na leaganacha Riserva agus Crémant) a áireamh sa tsonraíocht táirge, rud a léiríonn na príomhpharaiméadair thagartha chun é a scaoileadh lena chaitheamh.

Baineann an leasú seo leis an roinn: "Tuairisc ar an bhfíon (ar na fíonta)".

3.7. ***Tuairisc ar an nasc leis an timpeallacht gheografach le haghaidh na catagóire "Fíon súilíneach ar ardchaighdeán" a chur isteach***

Baineann an leasú seo le tabhairt isteach na tuairisce ar an nasc leis an timpeallacht gheografach le haghaidh na catagóire nua "Fíon súilíneach ar ardchaighdeán" lena n-áirítear na leaganacha Riserva agus Crémanta.

Is é an chúis atá leis an leasú seo a léiriú gurb ann do cheanglais cháilíochtúla agus saintréithe sonracha na bhfíonta súilíneacha nua ar ardchaighdeán a tugadh isteach go bunúsach mar gheall ar an timpeallacht gheografach shonrach a d'oir go traidisiúnta don fhíonsaothrú, na tosca nádúrtha agus daonna faoi seach san áireamh. Tugtar le fios leis an gcur isteach conas a áirithíonn an cineál ithreacha, airde, gné agus acmhainní daonna (cleachtais fháis, córais bhainistíochta, baint láimhe, córais phróiseála) in éineacht lena chéile go bhfuil an táirge a eascraíonn as uathúil agus nach féidir é a mhacasamhlú in áit eile.

Baineann an leasú seo leis an roinn "Nasc leis an limistéar geografach" den doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm an táirge**

Monti Lessini

2. **Cineál táisc gheografaigh**

STFC – Sonrúchán Tionscnaimh Faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

4. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fionnta**

1. "Monti Lessini" Durello

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

— dath: dath buí tuí de dhéine éagsúil;

— dea-bholadh: torthaíoch séimh agus sainiúil;

— blas: tirim, tathagach, meántirim ar leibhéil éagsúla, le blas spleodrach traidisiúnta;

— neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 10,50 % de réir toirte;

— eastóscán íosta saor ó shiúcra: 15,0 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

| Saintréithe anailíseacha ginearálta | |
|---|---|
| Neart alcóil iomlán uasta (mar % den toirt) | |
| Neart alcóil iarbhír íosta (mar % den toirt) | |
| Íosmhéid aigéadachta iomláine | 5,5 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach |

| | |
|---|---|
| Aigéadacht luaineach uasta (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir) | |
| Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir) | |

2. “Monti Lessini” Bianco

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

— dath: dath buí tuí de dhéine éagsúil;

— dea-bholadh: taitneamhach, sainiúil;

— blas: úr, blasta agus comhchuí;

— neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 11,50 % de réir toirte;

— eastóscán íosta saor ó shiúcra: 17,0 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

| Saintréithe anailíseacha ginearálta | |
|---|---|
| Neart alcóil iomlán uasta (mar % den toirt) | |
| Neart alcóil iarbhír íosta (mar % den toirt) | |
| Íosmhéid aigéadachta iomláine | 4,5 i ngraim in aghaidh an lítir arna shloinneadh mar aigéad tartarach |
| Aigéadacht luaineach uasta (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir) | |
| Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir) | |

3. “Monti Lessini” Pinot Nero

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

— dath: dath dearg an rúibín is féidir le ruainnín gairnéid;

— dea-bholadh: fíneáilte, taitneamhach, sainiúil;

— blas: tirim, láidir, searbh ar bhealach deas;

— neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 12,5 % de réir toirte;

— eastóscán íosta saor ó shiúcra: 24,0 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

| Saintréithe anailíseacha ginearálta | |
|---|---|
| Neart alcóil iomlán uasta (mar % den toirt) | |
| Neart alcóil iarbhír íosta (mar % den toirt) | |
| Íosmhéid aigéadachta iomláine | 4,5 i ngraim in aghaidh an lítir arna shloinneadh mar aigéad tartarach |
| Aigéadacht luaineach uasta (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir) | |
| Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir) | |

4. “Monti Lessini” passito

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

— dath: buí órga

— dea-bholadh: sainiúil, dian agus torthaíoch;

— blas: meánmhilis nó milis, veilbhitiúil ar bhealach comhchuí, tathagach;

— neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 14,50 % de réir toirte;

— eastóscán íosta saor ó shiúcra: 26,0 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

| Saintréithe anailíseacha ginearálta | |
|---|---|
| Neart alcóil iomlán uasta (mar % den toirt) | |
| Neart alcóil iarbhír íosta (mar % den toirt) | 11,50 |
| Íosmhéid aigéadachta iomláine | 5,5 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach |
| Aigéadacht luaineach uasta (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir) | |
| Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir) | |

5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán “Monti Lessini”

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

— cúr: mín agus buan;

— dath: buí ar dhath na tuí le déine éagsúil;

— dea-bholadh: sainiúil le ruainnín giosta éadroim;

— blas: idir dáileogacht nialasach nó *pas dosé* agus an-brut, brut, an-tirim, tirim agus demi-sec;

— neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 11,5 % de réir toirte;

— eastóscán íosta saor ó shiúcra: 15 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

| Saintréithe anailíseacha ginearálta | |
|---|---|
| Neart alcóil iomlán uasta (mar % den toirt) | |
| Neart alcóil iarbhír íosta (mar % den toirt) | |
| Íosmhéid aigéadachta iomláine | 5,5 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach |
| Aigéadacht luaineach uasta (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir) | |
| Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir) | |

6. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán “Monti Lessini” - Riserva

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

— cúr: mín, dian;

— dath: idir dath buí amhail tuí agus buí órga le déine éagsúil;

— dea-bholadh: bolaithe casta forbartha atá ina samplaí maithe de thréimhse fhada aosaithe sa bhuidéal;

— blas: idir dáileogacht nialasach nó *pas dosé* agus an-brut, brut, an-tirim, tirim agus demi-sec;

— eastóscán íosta saor ó shiúcra: 15,00 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

| Saintréithe anailíseacha ginearálta | |
|---|---|
| Neart alcóil iomlán uasta (mar % den toirt) | |
| Neart alcóil iarbhír íosta (mar % den toirt) | 11,50 |
| Íosmhéid aigéadachta iomláine | 5,5 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach |
| Aigéadacht luaineach uasta (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir) | |
| Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir) | |

7. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán “Monti Lessini” - Crémant

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

— cúr: mín, uachtarúil;

— dath: buí ar dhath na tuí le déine éagsúil, le corrimreacha crónbhuí;

— dea-bholadh: fíneáilte, mín le bolaithe a chuireann coipeadh tánaisteach sa bhuidéal i gcuimhne;

— blas: idir dáileogacht nialasach nó *pas dosé* agus an-brut, brut, an-tirim, tirim agus demi-sec;

— eastóscán íosta saor ó shiúcra: 15,00 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

| Saintréithe anailíseacha ginearálta | |
|---|---|
| Neart alcóil iomlán uasta (mar % den toirt) | |
| Neart alcóil iarbhír íosta (mar % den toirt) | 11,50 |
| Íosmhéid aigéadachta iomláine | 5,5 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach |
| Aigéadacht luaineach uasta (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir) | |
| Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir) | |

5. **Cleachtais fíon oireachta**

a. *Cleachtais fíoneolaíochta áirithe*

Modh claisiceach chun fíon súilíneach a dhéanamh

Cleachtas fíoneolaíochta sonrach

Coipeadh tánaisteach nádúrtha sa bhuidéal, ag baint úsáid as an modh claisiceach i gcomhréir leis na rialacha atá i bhfeidhm maidir le táirgeadh fíonta súilíneacha.

b. *Táirgeacht uasta*

1. "Monti Lessini" Durello

16 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

2. "Monti Lessini" Bianco

12 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

3. "Monti Lessini" Pinot Nero

12 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

4. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán "Monti Lessini"

16 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán "Monti Lessini" - Riserva

16 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

6. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán "Monti Lessini" - Crémant

16 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Áirítear leis an limistéar táirgthe le haghaidh fíonta atá cumhdaithe ag sonrúchán tionscnaimh cláraithe "Monti Lessini":

a) cúige Verona: críoch iomlán na mbardas: Vestenanova, San Giovanni Ilarione agus cuid de chríoch bhardais: Montecchia di Crosara, Roncà, Cazzano di Tramigna, Tregnago agus Badia Calavena.

b) cúige Vicenza: críoch iomlán bhardais Arzignano, Castelgomberto, Chiampo, Brogliano, Gambugliano, Trissino agus cuid de chríoch bhardais Cornedo, Costabissara, Gambellara, Isola Vicentina, Malo, Marano Vicentino, Monte di Malo, Montebello Vicentino, Montecchio Maggiore, Montorso Vicentino, Nogarole Vicentino, San Vito di Leguzzano, Schio agus Zermeghedo.

Is mar a leanas atá teorainn an limistéir: san oirthear, ag tosú ag an teorainn le cúige Vicenza, sa cheantar Calderina ag pointe airde de 36 m, gabhann sé le taobh an bhóthair a théann chuig Roncà, ag dul trí na ceantair Binello agus Momello. Trasnaíonn sé tríd an sráidbhaile Roncà agus leanann ansin feadh an bhóthair agus trasnaíonn sé le chéile le bóthar cúigeach Monteforte-Montecchia a fhad agus teorainn bhardas Montecchia di Crosara. Téann sé le hais teorann den bhardas seo chuig an bpointe airde 64 m agus ansin an bóthar a théann arís eile chuig an mbóthar cúigeach ó dheas ón gcomharchumann fíona Montecchia di Crosara. Coinníonn sé air ó thuaidh ar feadh achar gearr in aice an bhóthair chúigigh Val d'Alpone a fhad agus an droichead thar an sruth den ainm céanna agus ansin le hais an bhóthair bhardasaigh a théann trí na ceantair Molino, Castello agus San Pietro ó dheas ón sráidbhaile Montecchia di Corsara. Ansin coinníonn sé air a fhad agus an sruth Rio Albo (pointe airde 85 m) a theorannaíonn an limistéar a fhad agus airde 406 m ó dheas ó Corgnan agus Tolotti, mar a mbuaileann sé le teorainn bhardasach Cazzano di Tramigna. Gabhann sé ansin feadh an bhóthair bhardasaigh chuig Marsilio agus téann sé le hais na hairde geodasaí trí Rio V. Brà agus V. Magragna a fhad agus an pointe airde 149 m i gceantar Caliari. Ó cheantar Caliari coinníonn sé ó thuaidh feadh an bhóthair a théann chuig Campiano a fhad agus an ceantar Panizzolo (airde 209 m)mar a mbuaileann sé le sruth Tramigna; téann sé le hais an Tramigna ó thuaidh a fhad agus an teorainn bhardas Tregano agus ansin gabhann sé siar lena thaobh ar feadh achar gearr, ag teacht chuig ceantar Rovere (airde 357 m agus ansin 284 m). Gabhann sé feadh an bhóthair a théann chuig Tregnano, ag dul thar an bpointe airde 295 m go dtí an pointe mar a dtéann sé isteach sráidbhaile Tregano agus trasnaíonn sé é feadh an phríomhbhóthair a fhad agus an pointe airde 330 m. Ón bpointe sin, téann sé isteach an bóthar bardasach chuig Marcemigo, trasnaíonn sé an sráidbhaile seo agus tagann sé amach ag an gceantar Morini (airde 481 m), agus ansin leanann sé an bóthar cúigeach chuig San Mauro di Saline (airde 523 m). Gabhann sé feadh an bhóthair chúigigh chuig S. Mauro di Saline (airde 523 m). Leanann sé an bóthar cúigeach chuig S. Mauro di Saline ó thuaidh a fhad agus ceantar Bettola ar an teorainn le bardas Badia Calavena. Ón gceantar Bettola, leanann sé an bóthar bardasach a théann síos sa ghleann ag dul trí na ceantair Canovi, Valle, Antonelli, Riva, Fornari agus ag dul isteach i gcríoch Badia Calavena. Ón bpointe airde 451 m leanann sé an bothar

bardasach soir ag teacht amach ag ceantar Colli (airde 734 m) mar a mbuaileann sé le teorainn Vestenanova (airde 643 m). Ar an mbóthar bardasach fós, téann sé trí shráidbhaile Castelvero, ag dul a fhad agus Vestenavecchia go dtí lár Vestenanova amach. Leanann sé a fhad leis an Siveri ar an mbóthar bardasach, chomh fada le ceantar Alberomato. Ón áit sin, téann sé trí shráidbhaile Bacchi mar a gcasann sé le teorainn chúige Vincenza. Leanann sé teorannacha cúigí ó thuaidh go dtí airde 474 m os cionn leibhéal na farraige agus ansin feadh theorainn thuaidh bhardas Chiampo ar an taobh thoir agus ansin ó dheas, go dtí an trasnú idir an teorainn sin agus an bóthar cúige a nascann Chiampo le Nogarole Vicentino (airde 468 m os cionn leibhéal na farraige). Leanann sé feadh an bhóthair seo trí shráidbhaile Nogarole agus leanann feadh an bhóthair chuig Selva di Trissino a fhad agus Capitello díreach i ndiaidh an phointe airde 543 m mar a gcasann sé ar chlé feadh na conaire a théann chuig an t-uiscerian. Téann sé feadh na conaire seo trí Prizzi go dtí, ag airde 530 m, buaileann sé leis an mbóthar chuig Cornedo, leanann sé an bóthar sin trí Pellizzari agus Duello a fhad agus an t-acomhal leis an mbóthar bardasach a théann chuig Caliari, Stella agus Ambrosi, ag dul trí sráidbhaile Grigio sula mbuaileann sé an bóthar cúigeach chuig Cornedo arís. I Cornedo buaileann sé le mórbhealach stáit 246, agus leanann sé é beagnach a fhad agus droichead Nori sula gcasann sé soir ar an mbóthar bardasach a théann thar Colombara, Bastianci, Muzzolon agus Milani (airde 547 m). Ón bpointe sin, leanann sé an bóthar cairte soir ó thuaidh a fhad agus Crestani (airde 532 m). Téann sé ansin feadh an bhóthair bhardasaigh chuig Mieghi, Milani (airde 626 m), Casare di Sopra, Casare di Sotto agus Godeghe a fhad agus an t-acomhal leis an mbóthar bardasach Monte di Malo-Monte Magrè leananann sé an bóthar seo a fhad agus Monte Magrè. Ón bpointe sin, leanann sé an bóthar chuig Magrè suas go dtí airde 294 m, leanann sé siar ó thuaidh go dtí airde 214 m, téann sé feadh bhóthar Valfreda a fhad agus Raga (airde 414 m), agus ansin a fhad leis an teorainn bhardasach idir Schio agus Torrebelvicino, agus leanann sé í sin a fhad agus an pointe airde 216 m. Ón bpointe sin, leanann sé sruth Leogra a fhad agus an droichead ar mhórbhealach stáit 46, ag leanúint feadh bóthar na habhann a fhad agus an pointe airde 188 m. Leanann sé ansin an mórbhealach stáit 46 Schio-Vicenza a fhad agus an ceantar Fonte di Castelnovo. Trasnaíonn sé an ceantar seo agus leanann sé ansin bóthar Costabissara, ag dul trí na ceantair Ca' de Tommasi agus Pilastro.

Leanann teorainn an limistéir ansin an bóthar bardasach ó Costabissara chuig Creazzo, ag dul thar ceantar S. Valentino go dtí go mbaineann sé an teorainn thoir de bhardas Costabissara amach. Téann sé siar ansin a fhad agus an teorainn thoir de bhardas Costabissara, go dtí an trasnú leis an mbóthar ó Gamgubliano a théann go dtí Sovizzo, taobh leis an mbóthar Valdiezza. Leanann sé an bóthar i dtreo Castelgomberto go dtí go sroicheann sé an bóthar chuig sráidbhailte Busa, Pilotto agus Vallorona ar chlé. Ag an gcomhartha stop, casann sé ar chlé agus ansin glacann sé an dara casadh ar chlé agus leanann thar an acomhal atá ann le haghaidh Monteschiavi. Ag an acomhal le haghaidh Contrà Vallorona, Rubbo agus Spinati téann sé ón mbóthar chuig na sráidbhailte sin agus leanann sé go díreach go dtí go sroicheann sé Via Vallorona ag an mbun. Leanann sé ar dheis, ag leanúint comhrian an chnoic chuig Valdimolino. Leanann sé feadh an bhóthair a théann chuig Sant'Urbano di Montecchio Maggiore (bóthar Cavallara). Ansin glacann sé bóthar Bastian a fhad agus an trasnú leis an mbóthar ó Castelgomberto. Leanann sé feadh bhóthar Bernuffi ag glacadh casadh ar chlé a fhad agus sráidbhaile Sant'Urbano. Ag an acomhal glacann sé casadh ar chlé agus téann sé feadh bhóthar Sovizzo Alto a fhad agus Casa Cattani, áit a gcasann sé ar dheis feadh bhóthar Caussa, agus ina dheireadh sin glacann sé casadh eile ar dheis feadh an bhóthair (i dtreo Carbonara) go dtí go sroicheann sé Bastia Bassa, áit a leanann sé ar aghaidh chuig Campestrini agus ansin, ar deireadh, sroicheann sé an taobh dheas de Villa Cordellina. Casann sé ar dheis ansin go dtí an trasnú le mórbhealach stáit 246, ag casadh ar chlé ar an mbóthar Montorsina agus suíomh na gcaisleán Romeo agus Juliet laistigh den cheantar san áireamh.

Leanann an teorainn ansin an bóthar i dtreo Montecchio Maggiore agus Montorso a fhad agus an droichead thar sruth Chiampo. Trasnaíonn sé an sruth agus leanann sé ó dheas a fhad agus bóthar Zermeghedo via Mieli. Ón acomhal Mieli leanann sé ar chlé i dtreo Belloccheria lena gcuimsítear comhrian an chnoic a fhad agus an t-acomhal le via Perosa laistigh den limistéar críochaithe. Ón bpointe sin, leanann sé i dtreo sráidbhaile Montebello feadh via Castelletto go dtí an trasnú le bóthar Mira. Ón bpointe sin, téann sé feadh an bhóthair chuig Selva a fhad agus an trasnú Casa Cavazza agus an bóthar Zermeghedo.

Leanann an teorainn an bóthar Agugliana agus leanann sé i dtreo La Guarda. Thart faoi 300 méadar ón sráidbhaile seo, chasann sé ar chlé feadh conaire a nascann é leis an teorainn le Gambellara, ag leanúint ó thuaidh go dtí an pointe airde 143 m.

Téann sé ansin síos mionbhóthar a théann chuig Gambellara, a trasnaíonn siar feadh an bhóthair ó Gambellara chuig Calderina áit a mbuaileann sé le críochú an limistéir thosaigh sa chúige Verona.

7. **Cineál/cineálacha fíniúna**

CHARDONNAY B

Durella B - Durello

Garganega B. - Garganego

Pinot Bianco B. - Pinot

Pinot Grigio - Pinot

Pinot noir – pinot nero

Sauvignon B – Sauvignon Blanc

8. **Tuairisc ar an nasc (na naisc)**

***STFC "Monti Lessini" (Fíon agus Fíon Súilíneach ar Ardchaighdeán)***

*Mionsonraí an limistéir gheografaigh*

*Tosca nádúrtha is ábhartha don nasc*

Luíonn an limistéar táirgthe le haghaidh fhíonta STFC "Monti Lessini" leis an gcuid chnocach de na sléibhte Lessini thoir atá ar dhá thaobh na teorann idir na cúigí Verona agus Vicenza. Tá geolaíocht an limistéir casta agus ilghnéitheach go leor, le buncharraigeacha bolcánacha agus drámh-bholcánacha is mó sna limistéir tiomanta d'fhíonsaothrú faoi láthair. Dá bharr sin is saibhir iad na hithreacha a bhíonn ann ó thaobh mianraí de agus bíonn siad measartha domhain, bíonn uigeacht mhín acu agus cion carraige basailt nach bhfuil mórán ann ar an dromchla ach ina bhfuil tiúchain níos airde go domhain síos san ithir. Tá próifíl mhianraí na n-ithreacha fabhrach do phróisis choipthe na n-úrfhíonta déanta as fíonchaora Durella, cineál fíonchaoire gile nach minic a fhaightear ach amháin sa limistéar.

Bíonn aeráid shéimh agus mheasartha ag limistéar STFC "Monti Lessini" le frasaíocht bhliantúil thart ar 1 000 mm, nach dtarlaíonn, den chuid is mó, ach san earrach nó san fhómhar, agus meánteochtaí bliantúla thart ar 56.435 °F.

Saintréithrítear struchtúr fiseagrafach an limistéir, atá ag an réigiún Lessini ina iomláine, ag na gleannta faide agus in amanna caola ag leathadh amach den chuid is mó i dtreo ó thuaidh siar ó thuaidh - ó dheas soir ó dheas (NNW-SSE) deighilte ó chéile ag dromanna i bpatrún comhfhreagrach a shíneann ó dheas go dtí go n-imíonn siad as radharc faoi shil-leagan glárach mhachaire ghleann na Po. Tá difríocht thart ar 800 m in airde sa limistéar, toisc atá fabhrach d'athruithe suntasacha idir teochtaí lae agus oíche.

*Tosca stairiúla agus daonna is ábhartha don nasc*

De bharr go dtéann saothrú fíniúnacha i limistéar Monti Lessini siar ar feadh seacht gcéad cuirtear i dtábhacht ar bhealach an-chumhachtach an cúram lenar chothaigh daoine an fhíniúin sa limistéar seo de chnoic arda a chlúdaíonn na cúigí Verona agus Vincenza.

Is minic a leagtar béim, i ndoiciméid stairiúla maidir le talmhaíocht i limistéar Monti Lessini ar an bhfrása "Terra cum vineis", i.e. talamh atá go hiomlán faoi fhíonghoirt. Ón 19ú céad ar aghaidh, i ngeall ar fhíonsaothrú agus fíonóireacht sna cúigí faoin sonrúchán bhí méadú suntasach sa táirgeacht agus ardú i gcáilíocht na bhfíonta a táirgeadh.

Tar éis an mhéadaithe seo tháinig na bearta tosaigh chun na fíonta tipiciúla a chosaint agus bunú an chomhlachais ina dhiaidh chun ionadaíocht a dhéanamh do na táirgeoirí. I ndiaidh dó a chruthú le Foraithne ón Aire Uimh. 25/06/1987 - Iris Oifigiúil Uimh. 6 an 9 Eanáir 1988, laistigh de STFC "Lessini Durello", in 2011 athraíodh ainm an tsonrúcháin go "Monti Lessini" ag an am céanna agus ar tugadh aitheantas do STFC "Lessini Durello". Tá an Cuibhreannas chun "Lessini Durello" a Chosaint [Consorzio di Tutela del Lessini Durello], ar tugadh aitheantas dó ag Aireacht na hIodáile i mí na Samhna 2000, tiomanta do próifíl na sonrúchán a tháirgtear sa limistéar a ardú, chomh maith leis na dálaí táirgiúla agus socheacnamaíocha sna gleannta Verona agus Vincenza sa limistéar a chumhdaítear faoin tsonraíocht táirge. Tá táirgeoirí an sonrúcháin i gcomhar leis an gCuibhreannas tar éis an teicníc a úsáidtear chun fíon súilíneach a dhéanamh as fíonchaora Durella a fheabhsú, agus dá réir sin áit mór le rá a thabhairt dó i measc na bhfíonta súilíneacha a tháirgtear i réigiún na Veinéise.

Táirgtear na barra is fearr in ithreacha sárnochta de bhunadh bolcánach, agus teicnící saothraithe cliste a úsáid i gcomhréir le traidisiúin áitiúla. Tagann rath ar chineál Durella i ngeall ar nochtadh maith do sholas na gréine ach thar aon rud eile bíonn aershreabh mhaith de dhíth air san fhíonghort.

Tháinig forbairt ar chórais treoraithe fíniúnacha i gcaitheamh na mblianta i gcomhréir leis na cuspóirí fíoneolaíochta atá á saothrú. Sa lá atá inniu ann, is iad na córais is fearr don chineál táirgthe seo ná an peargóla agus an modh Guyot. Baintear úsáid as peargólaí ar na cnoic chrochta áit a dtugtar aire do na fíniúnacha de láimh den chuid is mó. Tá na córais Espalier nó Guyot le fáil níos coitianta i limistéir atá níos inrochtana agus in áiteanna nach bhfuil na fánaí chomh géar sin. Áirithítear leis na córais treoraithe fíniúnacha go n-aibíonn na fíonchaora go maith agus go bhfanann siad sláintiúil. Saintréith atá iontu, ní amháin den tírdhreach ach de cháilíocht na bhfíonta agus de chomhsheasmhacht na dtorthaí chomh maith.

Tá clú agus cáil ar limistéar STFC "Monti Lessini" anois mar gheall ar fheabhas a chuid fíoneolaíochta, atá aitheanta ag comórtais le haghaidh fíonta san Iodáil agus in áiteanna eile ar domhan.

***STFC "Monti Lessini" – Catagóir fíona***

Nasc cúisíoch idir an cháilíocht, saintréithe an táirge agus an comhshaol geografach, leis na fachtóirí nádúrtha agus daonna.

Bíonn dath buí amhail tuí ar na fíonta Durello - STFC "Monti Lessini" le déine datha éagsúil chomh maith le dea-bholadh suaithinseach agus torthaíoch ar bhealach mín agus blas tirim tathagach orthu agus déine éagsúil blais, agus is iondúil go mbíonn siad beoga. Athraíonn dea-bholaithe úlla a bhíonn glas a bheag nó a mhór le blasanna níos láidre agus níos casta de bhunadh mianrach agus breochloiche, lena n-áirítear dea-bholadh muirí d'iaidín agus sulfar.

Bíonn dath buí amhail tuí ar na fíonta Bianco - STFC "Monti Lessini" le déine éagsúil agus dea-bholadh deas mar shaintréith iontu chomh maith le blas úr blasta agus comhchuí.

Bíonn dath an rúibín ar fhíonta Pinot Nero - STFC "Monti Lessini" uaireanta le himreacha a bhfuil dath an ghairnéid orthu le dea-bholadh éadrom deas agus sainiúil agus blas tirim, tathagach agus searbh ar bhealach deas.

Bíonn dath buí órga ar fhíonta Passito - STFC "Monti Lessini" le dea-bholaithe déine agus torthaíocha mar shaintréith orthu. Maidir le blas, bíonn siad idir meánach agus milis, veilbhitiúil, comhchuí agus tathagach.

Tá an timpeallacht is fearr le fáil i limistéar Monti Lessini chun raon na bhfíonta a chumhdaítear le STFC "Monti Lessini" a tháirgeadh: tá na hithreacha bolcánacha atá mar shaintréith saibhir ó thaobh cothaithigh de agus i ngeall ar na leoithní fionnuara a shéideann anuas ó Monti Lessini is féidir aibiú optamach a bhaint amach agus aigéadacht na bhfíonchaor is gá a choinneáil an tráth céanna. Is marcóirí sonracha iad na blasanna mianracha do na cineálacha fíona seo.

Tagann na córais treoraithe fíniúnacha traidisiúnta pergola agus espalier, saineolas teicniúil na saothróirí fíniúna, na céadta blianta de thraidisiún agus na hinfheistíochtaí i dteicneolaíocht fíoneolaíochta le chéile chun fíonta le dea-bholaithe iontach casta a tháirgeadh. Go deimhin, níl na fíonta STFC "Monti Lessini" uathúil mar gheall ar stóinseacht an struchtúir a bhaineann leo. Is iad na saintréithe boltanacha a chruthaíonn agus a shainmhíníonn céannacht an táirge a bheag nó a mhór.

***STFC "Monti Lessini" - Catagóir Fíona Shúilínigh ar Ardchaighdeán***

Nasc cúisíoch idir an cháilíocht, saintréithe an táirge agus an comhshaol geografach, leis na fachtóirí nádúrtha agus daonna.

Bíonn cúr mín agus seasmhach ar fhíon súilíneach ar ardchaighdeán STFC "Monti Lessini". Bíonn dath buí amhail dath na tuí air le déine éagsúil chomh maith le dea-bholadh sainiúil le ruainnín giosta éadroim. Bíonn an cion siúcra idir dáileogacht nialasach nó pas dosé agus demi-sec.

Bíonn bolgáin an-mhín ag fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán Riserva STFC "Monti Lessini". Idir dath buí amhail tuí le déine éagsúil agus buí órga bíonn dea-bholaithe casta acu agus blasanna dea-fhorbartha atá ina samplaí maithe de thréimhse fhada aosaithe sa bhuidéal. Bíonn an cion siúcra idir dáileogacht nialasach nó pas dosé agus demi-sec.

Bíonn bolgáin an-mhín uachtarúil ag fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán Crémant STFC "Monti Lessini". Idir dath buí amhail tuí le déine éagsúil agus buí órga bíonn dea-bholaithe casta acu agus blasanna dea-fhorbartha atá ina samplaí maithe de thréimhse fhada aosaithe sa bhuidéal. Bíonn an cion siúcra idir dáileogacht nialasach nó pas dosé agus demi-sec.

Bíonn ról lárnach ag an aeráid mheasartha agus ag na héagsúlachtaí móra idir na teochtaí i gcaitheamh an lae agus istoíche atá tipiciúil i limistéar STFC "Monti Lessini" maidir le cuid mhór de réamhtheachtaithe aramatacha lena gcuirtear feabhas ar shaintréithe orgánaileipteacha agus blasanna tipiciúla fhíonchaora Durella.

I ngeall ar cion mianrach na n-ithreacha, in éineacht le haigéadacht úr chineál Durella, tá an fhíon an-oiriúnach chun fíon súilíneach a dhéanamh. Leis an teicníc dheireanach seo (a úsáideadh mar mhodh chun na tréithe is fearr de chineál Durella a tharraingt amach ó bunaíodh an sonrúchán den chéad uair) tarraingítear amach na gnáth-shaintréithe thuas luaite, ag brath ar an tréimhse aosaithe. Más giorra an tréimhse aosaithe beidh blasanna níos deise agus dea-bholaithe d'úlla glasa agus torthaí citris, mianracht tipiciúil agus comhsheasmhacht tainneach atá uathúil i bhfíonta geala agus bíonn bolgáin ghalánta fhíneálta de thoradh air. Maolaíonn tréimhse aosaithe níos faide (cineálacha Riserva) spleodar an chineáil agus bíonn fíonta níos léirithí mar gheall air seo agus ról tábhachtach ag blasanna iar-uathalaithe ag cruthú blasanna fíorghaláta orgánaileipteacha. Bíonn na blasanna muirí tipiciúla ann i gcónaí agus cé nach mbíonn an fhíon róthathagach riamh, is rud iontach é i gcónaí an blas a bhíonn ann, feabhsaithe ag iarbhlas mianrach searbh.

9. **Ceanglais shonracha bhreise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Fíonta súilíneacha a tháirgeadh

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht an Aontais

An cineál coinníll bhreise:

Maolú ar tháirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

I gcomhréir le the maolú dá ndéantar foráil in Airteagal 5(1)(b) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2019/33 ([2]) ón gCoimisiún, féadfar oibríochtaí fíonóireachta le haghaidh fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán a dhéanamh laistigh den limistéar táirgthe críochaithe agus sna cúigí Verona agus Vincenza.

**Nasc chuig an tsonraíocht táirge**

https://www.politicheagricole.it/flex/cm/pages/ServeBLOB.php/L/IT/IDPagina/17283

([2]) IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA